2025/2

8.1.2025

TREOIR (AE) 2025/2 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2024

lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí macrastuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta agus maoirseacht ghrúpa agus trasteorann, agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE agus 2013/34/AE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1), Airteagal 62 agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), cruthaíodh rialacha stuamachta níos rioscabhunaithe agus níos comhchuibhithe le haghaidh na hearnála árachais agus athárachais. Tá cuid de na forálacha den Treoir sin faoi réir clásail athbhreithniúcháin. Bhí cur i bhfeidhm na Treorach sin ina rannchuidiú substaintiúil le neartú an chórais airgeadais san Aontas agus d'fhág sin go raibh gnóthais árachais agus athárachais níos athléimní ó thaobh rioscaí éagsúla. Cé go bhfuil sí an-chuimsitheach, ní thugtar aghaidh leis an Treoir sin ar na laigí uile a sainaithníodh agus a mbíonn tionchar acu ar ghnóthais árachais agus athárachais.

(2) De dheasca phaindéim COVID-19, rinneadh damáiste socheacnamaíoch as cuimse agus bhí téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cothrom de dhíth ar gheilleagar an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, tá iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine fós ag titim amach. Dá dheasca sin, tá práinn níos mó fós leis an obair ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, go háirithe maidir lena áirithiú go n-oibríonn an geilleagar do dhaoine agus chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a ghnóthú. Is féidir leis an earnáil árachais agus athárachais foinsí príobháideacha maoiniúcháin a sholáthar do ghnólachtaí Eorpacha agus tabhairt ar an ngeilleagar a bheith níos athléimní trí chosaint a sholáthar ar réimse leathan rioscaí. Leis an dá ról sin, tá an-phoitéinseal san earnáil chun rannchuidiú le baint amach thosaíochtaí an Aontais.

(3) Mar a leagtar béim air sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2020 dar teideal '*A Capital Markets Union for people and businesses*' [Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí], chun tacú le hathscaireannú san earnáil chorparáideach beidh ríthábhacht le hinfheisteoirí institiúideacha a dhreasú, go háirithe árachóirí, chun níos mó infheistíochtaí fadtéarmacha a dhéanamh. Chun rannchuidiú árachóirí le maoiniú théarnamh eacnamaíoch an Aontais a éascú, ba cheart an creat stuamachta a choigeartú chun cineál fadtéarmach an ghnó árachais a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Go háirithe, agus an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta á ríomh faoin bhfoirmle chaighdeánach, ba cheart an fhéidearthacht úsáid a bhaint as paraiméadar caighdeánach níos fabhraí le haghaidh infheistíochtaí cothromais arna sealbhú le peirspictíocht fhadtéarmach a éascú, ar choinníoll go gcomhlíonann gnóthais árachais agus athárachais critéir fhónta agus láidre, lena gcaomhnaítear cosaint an tsealbhóra polasaí agus cobhsaíocht airgeadais. Ba cheart é a bheith d'aidhm leis na critéir sin a áirithiú go mbeidh gnóthais árachais agus athárachais in ann díol éigeantach cothromas, a bheartaítear a shealbhú le haghaidh an fhadtéarma, a sheachaint, lena n-áirítear faoi dhálaí anáis sa mhargadh. Ós rud é go bhfuil réimse leathan uirlisí bainistithe riosca ag gnóthais árachais agus athárachais chun an díol éigeantach sin a sheachaint, ba cheart an éagsúlacht sin a aithint leis na critéir sin agus gan imfhálú dlíthiúil nó conarthach a cheangal ar shócmhainní infheistíochta fadtéarmacha chun go mbainfeadh gnóthais árachais agus athárachais tairbhe as an bparaiméadar caighdeánach is fabhraí le haghaidh infheistíochtaí cothromais. Ina theannta sin, ba cheart do bhainistíocht an ghnóthais árachais nó athárachais gealltanas a thabhairt maidir le híostréimhse

([1]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 45.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*) agus cinneadh ón gComhairle an 5 Samhain 2024.
([3]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó árachais agus athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

sealbhaíochta na gcothromas ina n-infheistíonn an gnóthas trí pholasaithe i scríbhinn agus ba cheart don bhainistíocht sin a léiriú go bhfuil sé de chumas ag an ngnóthas na cothromais sin a choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse sealbhaíochta sin.

(4) Le coigeartuithe lena gcuirfí san áireamh ar bhealach níos fearr cineál fadtéarmach an ghnó árachais, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar chaipiteal atá ar fáil gan srian mar thoradh ar an laghdú ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. Sa chás sin, ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais breithniú a dhéanamh ar gan caipiteal atá ar fáil a dhíriú ar dháileacháin ar scairshealbhóirí nó bónais don bhainistíocht, agus féachaint leis an caipiteal a cuireadh ar fáil a chur le hinfheistíochtaí táirgiúla san fhíorgheilleagar chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cuspóirí beartais níos leithne an Aontais.

(5) Tá an tsaoirse ag árachóirí agus ag athárachóirí infheistíocht a dhéanamh áit ar bith ar domhan, agus níl siad teoranta don Aontas. Is féidir le hinfheistíochtaí i dtríú tíortha cabhrú freisin le beartais ghinearálta an Aontais nó na mBallstát maidir le cabhair um fhorbairt. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais a áirithiú go léireofar ina mbeartas infheistíochta cuspóirí liosta nuashonraithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus cuspóirí Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le tríú tíortha ardriosca.

(6) Ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, thug an Coimisiún gealltanas an bainistiú ar rioscaí aeráide agus comhshaoil a chuimsiú ar bhealach níos fearr i gcreat stuamachta an Aontais. Is é atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip straitéis fáis nua an Aontais, arb é is aidhm di an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar a bheidh nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch gan aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050. Beidh sé ina rannchuidiú leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do dhaoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún go mbeadh an cuspóir a bhaineann le haeráidneodracht agus le hathléimneacht aeráide faoi 2050 ceangailteach san Aontas. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra sin agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Iúil 2021 ([5]). Maidir le huaillmhian an Choimisiúin go n-áiritheofaí go mbeadh ceannaireacht dhomhanda ag an Aontas as seo go 2050, athdhearbhaíodh í i dTuarascáil 2021 um Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach ina sainaithnítear tógáil córas eacnamaíoch agus airgeadais a bheidh athléimneach agus slán i bhfad na haimsire mar réimse straitéiseach gníomhaíochta.

(7) Beidh príomhról ag creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus ba cheart rialáil comhshaoil a chomhlánú le creat airgeadais inbhuanaithe lena ndírítear maoiniú i dtreo infheistíochtaí lena laghdaítear neamhchosaint ar rioscaí aeráide agus comhshaoil. Ina theachtaireacht an 6 Iúil 2021 dar teideal 'Strategy for Financing the Transition to a Sustainable Economy' [Straitéis maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú], gheall an Coimisiún leasuithe ar Threoir 2009/138/CE a mholadh le go ndéanfaí rioscaí inbhuanaitheachta a chuimsiú go comhsheasmhach i mbainistiú riosca na n-árachóirí trína cheangal ar árachóirí anailís ar chásanna athraithe aeráide a dhéanamh.

(8) Rinneadh roinnt gníomhartha reachtacha a mholadh agus a ghlacadh le déanaí chun athléimneacht a fheabhsú agus lena rannchuidítear le hinbhuanaitheacht, go háirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, ar gníomhartha iad uile a bhfuil tionchar acu ar earnáil an árachais agus an athárachais.

(9) Tá comhtháthú breise mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh árachais ar cheann de phríomhchuspóirí na Treorach leasaithí seo. Cuireann comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh árachais leis an iomaíocht agus le hinfhaighteacht táirgí árachais ar fud na mBallstát, rud a théann chun tairbhe do ghnólachtaí agus tomhaltóirí. Leagtar béim, le teipeanna árachais i margadh inmheánach an Aontais le haghaidh árachais ó cuireadh Treoir 2009/138/CE i bhfeidhm, ar an ngá atá le tuilleadh comhsheasmhachta agus cóineasaithe sa mhaoirseacht ar fud an Aontais. Ba cheart an mhaoirseacht ar ghnóthais árachais agus athárachais a oibríonn faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus an ceart bunaíochta a fheabhsú a thuilleadh gan an bonn a bhaint ón gcuspóir an margadh inmheánach le haghaidh árachais a chomhtháthú a thuilleadh chun cosaint chomhsheasmhach tomhaltóirí a áirithiú agus iomaíocht chóir a choimirciú ar fud an mhargaidh inmheánaigh.

([4]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

([5]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

([7]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 agus Treoracha 2004/109/CE, 2006/43/CE agus 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

(10) Le Treoir 2009/138/CE eisiatar gnóthais áirithe óna raon feidhme, de bharr a méide. Tar éis na gcéad bhlianta de chur i bhfeidhm Threoir 2009/138/CE agus d'fhonn a áirithiú nach gcuirfí i bhfeidhm go míchuí í maidir le gnóthais de mhéid laghdaithe, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na heisiaimh sin trí na tairseacha sin a mhéadú, ionas nach mbeidh gnóthais bheaga a chomhlíonann coinníollacha áirithe faoi réir na Treorach sin. Mar a dhéantar cheana i gcás gnóthais árachais a eisiatar ó raon feidhme Threoir 2009/138/CE, ba cheart an rogha a bheith ag gnóthais a thairbhíonn de na tairseacha méadaithe sin údarú a choimeád nó a iarraidh faoin Treoir sin chun tairbhiú den cheadúnas aonair dá bhforáiltear inti agus ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na gnóthais árachais a eisiatar ó raon feidhme Threoir 2009/138/CE a chur faoi réir forálacha atá cosúil nó comhionann leis na forálacha dá bhforáiltear sa Treoir sin.

(11) Níl feidhm ag Treoir 2009/138/CE maidir le gníomhaíocht chúnaimh i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 6(1) den Treoir sin. Leis an gcéad choinníoll, sonraítear go bhfuil baint le bheith ag an gcúnamh le timpistí nó clistí lena mbaineann feithicil bhóthair a tharlaíonn i gcríoch Bhallstát an ghnóthais a sholáthraíonn cumhdach. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí le tuiscint leis an bhforáil sin go mbeadh feidhm ag ceanglas i ndáil le húdarú mar árachóir maidir le soláthraithe cúnaimh feithiclí bóthair i gcás timpiste nó cliseadh a tharlaíonn díreach lastall den teorainn agus d'fhéadfadh sé cur isteach go míchuí ar chúnamh. Ar an gcúis sin, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcoinníoll sin. Dá bhrí sin, ba cheart an coinníoll faoi Airteagal 6(1), pointe (a), de Threoir 2009/138/CE a leathnú chun timpistí nó clistí lena mbaineann feithicil bhóthair a chumhdach, ar timpistí nó clistí iad a d'fhéadfadh tarlú ó am go ham i dtír chomharsanach Bhallstát an ghnóthais a sholáthraíonn cumhdach.

(12) Le faisnéis faoi aon iarratais ar údarú chun dul i mbun gnó i mBallstát agus le torthaí an mheasúnaithe ar iarratais mar sin d'fhéadfaí faisnéis fhíor-riachtanach a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar iarratais i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, ba cheart don iarratasóir an t-údarás maoirseachta lena mbaineann a chur ar an eolas faoi dhiúltuithe d'iarratais ar údarú roimhe sin i mBallstát eile nó faoi aistarraingtí iarratas ar údarú roimhe sin i mBallstát eile.

(13) Sula ndéanfar údarú a dheonú do ghnóthas árachais nó athárachais ar foghnóthas de ghnóthas atá lonnaithe i mBallstát eile é, nó a bheidh faoi rialú an duine dhlítheanaigh nó fhisicigh chéanna a bhfuil gnóthas árachais nó athárachais eile atá lonnaithe i mBallstát eile á rialú aige nó aici, ba cheart d'údarás maoirseachta an Bhallstáit a thugann an t-údarú dul i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta aon Bhallstáit lena mbaineann. Ag féachaint do mhéadú ghníomhaíochtaí na ngrúpaí árachais i mBallstáit éagsúla, is gá cur i bhfeidhm cóineasaithe dhlí an Aontais agus malartú faisnéise idir na húdaráis mhaoirseachta a fheabhsú, go háirithe sula ndeonaítear údaruithe. Dá bhrí sin, i gcás inar gá dul i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta éagsúla, ba cheart a cheadú d'aon údarás maoirseachta lena mbaineann measúnú comhpháirteach ar iarratas ar údarú a iarraidh ar údarás maoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil an próiseas údarúcháin ar bun i ndáil le gnóthas árachais nó athárachais a bheidh ag an ngrúpa amach anseo. Leanfaidh an cinneadh an t-údarú a dheonú de bheith faoi inniúlacht údarás maoirseachta an Bhallstáit baile ina bhfuil údarú á lorg ag an ngnóthas lena mbaineann. Mar sin féin, ba cheart torthaí an mheasúnaithe chomhpháirtigh a chur san áireamh agus an cinneadh sin á dhéanamh.

(14) Ba cheart Treoir 2009/138/CE a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Chun cur i bhfeidhm comhréireach na Treorach maidir le gnóthais atá níos lú ná an meánghnóthas agus nach bhfuil chomh casta céanna a éascú, agus chun a áirithiú nach mbeidh siad faoi réir ceanglais a mbeidh ualach díréireach ag baint leo, is gá critéir rioscabhunaithe a sholáthar lena bhféadfar iad a shainaithint.

(15) Ba cheart a bheith in ann gnóthais a chomhlíonann na critéir rioscabhunaithe a aicmiú mar ghnóthais bheaga neamhchasta i gcomhréir le próiseas simplí um fhógra a thabhairt. Más rud é, laistigh de thréimhse theoranta tar éis fógra den sórt sin, nach gcuireann an t-údarás maoirseachta in aghaidh an aicmithe ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo agus atá nasctha leis an measúnú ar na critéir ábhartha, ba cheart a mheas gur gnóthas beag neamhchasta an gnóthas sin. Nuair a aicmítear mar ghnóthas beag neamhchasta é, i bprionsabal, ba cheart do ghnóthas tairbhiú go huathoibríoch de bhearta comhréireachta sainaitheanta maidir le tuairisciú, nochtadh, rialachas, athbhreithniú ar bheartais i scríbhinn, ríomh na bhforálacha teicniúla, féinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, agus pleananna bainistithe riosca leachtachta.

(16) De mhaolú ar an tairbhe uathoibríoch de bhearta comhréireachta, i gcás ina mbeidh imní mhór ar údaráis mhaoirseachta i ndáil le próifíl riosca gnóthais aonair bhig neamhchasta, ba cheart an chumhacht a bheith acu a cheangal ar an ngnóthas lena mbaineann staonadh ó úsáid a bhaint as beart comhréireachta amháin nó as bearta comhréireachta éagsúla. Is féidir an chumhacht sin a úsáid i gcás ina sainaithníonn siad nach bhfuil an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta á chomhlíonadh a thuilleadh, i gcás ina bhfuil riosca neamhchomhlíonta ann, i gcás ina n-athraíonn próifíl riosca gnóthais go hábhartha, nó i gcás ina bhfuil córas rialachais gnóthais neamhéifeachtach.

(17) Is iomchuí go mbeadh bearta comhréireachta ar fáil freisin do ghnóthais nach n-aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta iad, ach a bhfuil cuid de na ceanglais i dTreoir 2009/138/CE róchostasach agus róchasta dóibh, i bhfianaise na rioscaí a bhaineann leis an ngnó a dhéanann na gnóthais sin. Ba cheart a cheadú do na gnóthais sin úsáid a bhaint as bearta comhréireachta ar bhonn anailís de réir an cháis agus tar éis formheas a fháil roimh ré óna n-údaráis mhaoirseachta.

(18) Tá cur chun feidhme cuí an phrionsabail maidir le comhréireacht ríthábhachtach chun ualach iomarcach ar ghnóthais árachais agus athárachais a sheachaint. Ar an gcúis sin, níor cheart do ghnóthais árachais agus athárachais faisnéis a thuairisciú dá n-údaráis mhaoirseachta ach amháin nuair atá athrú ar raon feidhme na mbeart comhréireachta a chuireann siad i bhfeidhm.

(19) Maidir le gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing nach gcumhdaíonn ach amháin rioscaí atá bainteach leis an ngrúpa tionscail nó tráchtála lena mbaineann siad, baineann próifíl riosca ar leith leo ar cheart í a chur san áireamh agus ceanglais áirithe á sainiú, go háirithe maidir le féinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, nochtaí agus cumhachtú gaolmhar an Choimisiúin chun na rialacha maidir leis na ceanglais sin a shonrú a thuilleadh. Thairis sin, ba cheart do ghnóthais árachais faoi chuing agus do ghnóthais athárachais faoi chuing a bheith in ann tairbhiú freisin de na bearta comhréireachta nuair a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta iad.

(20) Is den tábhacht é go gcoinneoidh gnóthais árachais agus athárachais suíomh airgeadais folláin ar bun. Chun na críche sin, déantar foráil le Treoir 2009/138/CE maidir le maoirseacht airgeadais i leith staid sócmhainneachta gnóthais, bunú forálacha teicniúla, a shócmhainní agus a chistí dílse incháilithe. Mar sin féin, is tábhachtach an toisc é córas rialachais gnóthais freisin chun a áirithiú go gcoinneoidh an gnóthas a fholláine airgeadais ar bun. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na húdaráis mhaoirseachta athbhreithnithe tráthrialta a dhéanamh ar an gcóras rialachais mar chuid dá maoirseacht airgeadais ar ghnóthais árachais agus athárachais.

(21) Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a bheith i dteideal tuarascáil insinte thráthrialta a fháil ó gach gnóthas árachais agus athárachais ar a ndéantar maoirseacht agus a ghrúpaí, ar a laghad gach 3 bliana, ina mbeidh faisnéis maidir leis an ngnó agus leis an bhfeidhmíocht, an córas rialachais, an phróifíl riosca, an bainistiú caipitil agus faisnéis ábhartha eile chun críoch sócmhainneachta. Chun an ceanglas sin maidir leis an tuairisciú a shimpliú le haghaidh grúpaí árachais agus athárachais, ba cheart é a bheith indéanta, faoi réir coinníollacha áirithe, faisnéis na tuarascála tráthrialta maoirseachta a bhaineann leis an ngrúpa agus a fhochuideachtaí a thíolacadh ar bhealach comhiomlánaithe le haghaidh an ghrúpa iomláin.

(22) Ba cheart a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do ghnóthais bheaga neamhchasta nuair a dheonaíonn maoirseoirí díolúintí agus teorainneacha maidir le tuairisciú. Le haghaidh an chineáil sin eintitis, leis an bpróiseas um fhógra a thabhairt a bhfuil feidhm aige maidir leis an aicmiú mar ghnóthas beag neamhchasta, ba cheart a áirithiú go bhfuil dóthain deimhneachta ann a mhéid a bhaineann le húsáid a bhaint as díolúintí agus as teorainneacha maidir le tuairisciú.

(23) Ba cheart sprioc-amanna maidir le tuairisciú agus nochtadh a leagan síos go soiléir i dTreoir 2009/138/CE. Mar sin féin, ba cheart a aithint gurb amhlaidh, de dheasca imthosca eisceachtúla mar shampla éigeandálaí sláinte, tubaistí nádúrtha agus imeachtaí foircneacha eile, go bhféadfadh sé a bheith dodhéanta do ghnóthais árachais agus athárachais na tuarascálacha agus na nochtaí sin a thíolacadh laistigh de na sprioc-amanna bunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na sprioc-amanna a fhadú sna himthosca sin tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) (ÚEÁPC) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(24) Le Treoir 2009/138/CE déantar foráil go mbeidh ar údaráis mhaoirseachta measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil aon duine nua, a cheaptar chun bainistiú a dhéanamh ar ghnóthas árachais nó athárachais nó chun príomhfheidhm a dhéanamh, cuí cóir. Mar sin féin, ba cheart dóibh sin a bhainistíonn an gnóthas nó a dhéanann príomhfheidhm a bheith cuí cóir ar bhonn leanúnach. I gcás nach gcomhlíontar na ceanglais maidir le duine cuí cóir, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta bearta a dhéanamh, mar shampla, i gcás inarb iomchuí, an duine lena mbaineann a bhaint den phost ábhartha.

(25) Ós rud é go bhféadfadh gníomhaíochtaí árachais rioscaí a spreagadh nó a mhéadú maidir le cobhsaíocht airgeadais, ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais breithnithe macrastuamachta agus anailís mhacrastuamachta a chorprú ina ngníomhaíochtaí frithgheallta, infheistíochta agus bainistithe riosca. Mar chuid de sin d'fhéadfaí iompraíocht fhéideartha rannpháirtithe eile sa mhargadh a chur san áireamh, mar aon le rioscaí maicreacnamaíocha,

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

mar shampla sleabhcadh timthrialla creidmheasa nó leachtacht mhargaidh laghdaithe, nó comhchruinnithe iomarcacha ar leibhéal an mhargaidh i gcineálacha sócmhainne, contrapháirtithe nó earnálacha áirithe.

(26) Arna iarraidh sin don údarás maoirseachta, ba cheart a cheangal ar ghnóthais árachais agus athárachais aon fhaisnéis mhacrastuamachta ábhartha a sholáthraíonn na húdaráis mhaoirseachta a chur san áireamh ina bhféinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta. Chun a áirithiú go gcuirfí ceanglais mhacrastuamachta bhreise mar sin i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonraítear na critéir atá le cur san áireamh ag údaráis mhaoirseachta agus na gnóthais a bhfuil feidhm ag an mbeart ina leith á sainaithint acu. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta anailís a dhéanamh ar thorthaí fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta na ngnóthas árachais agus athárachais a n-iarrtar orthu breithnithe macrastuamachta a chur san áireamh laistigh dá ndlínsí, na tuarascálacha sin a chomhiomlánú agus ionchur a sholáthar do ghnóthais árachais agus athárachais maidir leis na heilimintí ba cheart a bhreithniú ina bhféinmheasúnuithe riosca agus sócmhainneachta amach anseo, go háirithe a mhéid a bhaineann le rioscaí macrastuamachta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás ina gcuireann siad sainordú macrastuamachta ar iontaoibh údaráis nó comhlachta, go ndéanfar torthaí measúnuithe macrastuamachta arna ndéanamh ag na húdaráis mhaoirseachta a chomhroinnt leis an údarás macrastuamachta sin.

(27) I gcomhréir leis na Croíphrionsabail Árachais a ghlac an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais in 2011, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a bheith in ann forbairtí sa mhargadh agus forbairtí airgeadais a shainaithint agus faireachán agus anailísiú a dhéanamh orthu i gcás inar forbairtí iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghnóthais árachais agus athárachais, nó margaí árachais agus athárachais, agus ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a úsáid chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthais árachais nó athárachais aonair. Agus na cúraimí sin á gcomhlíonadh acu, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as faisnéis ó údaráis mhaoirseachta eile agus as na léargais atá faighte acu.

(28) Tá comhlachtaí nó údaráis ag a bhfuil sainordú macrastuamachta i gceannas ar an mbeartas macrastuamachta le haghaidh a margaidh árachais agus athárachais náisiúnta. Is féidir leis an údarás maoirseachta nó le húdarás nó le comhlacht eile a gcuirtear an cuspóir sin ar a iontaoibh an beartas macrastuamachta a shaothrú.

(29) Tá tábhacht le dea-chomhordú idir údaráis mhaoirseachta agus na comhlachtaí agus na húdaráis ábhartha ag a bhfuil sainordú macrastuamachta chun rioscaí féideartha a shainaithint agus faireachán agus anailísiú a dhéanamh orthu, ar rioscaí iad a bhaineann le cobhsaíocht an chórais airgeadais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghnóthais árachais agus athárachais, agus chun bearta a dhéanamh go héifeachtach agus aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar na rioscaí sin. Ba cheart é a bheith d'aidhm freisin ag an gcomhar idir údaráis aon chineál gnímh dúhblálaigh nó neamhréirigh a sheachaint.

(30) Níor cheart cosc a chur ar mhalartú faisnéise idir údaráis mhaoirseachta agus údaráis chánach. Ba cheart na malartuithe sin a bheith i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás ina dtagann an fhaisnéis ó Bhallstát eile, níor cheart í a mhalartú ach amháin le comhaontú sainráite an údaráis ábhartha óna dtagann an fhaisnéis.

(31) Le Treoir 2009/138/CE ceanglaítear ar ghnóthais árachais agus athárachais féinmheasúnú tréimhsiúil riosca agus sócmhainneachta a bheith acu mar chuid lánpháirtithe dá straitéis ghnó. Is deacair rioscaí áirithe, mar shampla rioscaí maidir leis an athrú aeráide, a chainníochtú nó tagann siad chun cinn thar thréimhse is faide ná an tréimhse a úsáidtear le haghaidh chalabrú an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. Is fearr is féidir na rioscaí sin a chur san áireamh san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta. I gcás ina bhfuil neamhchosaint ábhartha ag gnóthais árachais agus athárachais ar rioscaí maidir leis an athrú aeráide, ba cheart a cheangal orthu anailísí a dhéanamh, laistigh d'eatraimh iomchuí agus mar chuid den fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, ar an tionchar atá ag cásanna riosca fadtéarmacha maidir leis an athrú aeráide ar a ngnó. Ba cheart anailísí den sórt sin a bheith comhréireach maidir le cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gnó na ngnóthas. Go háirithe, cé gur cheart an measúnú ar ábharthacht na neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a cheangal ar na gnóthais árachais agus athárachais uile, níor cheart cás-anailísí fadtéarmacha athraithe aeráide a cheangal le haghaidh gnóthais bheaga neamhchasta.

(32) Ba cheart do ghnóthais forbairt agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme pleananna sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as tosca inbhuanaitheachta. I gcás ina gceanglaítear ar ghrúpa plean den sórt sin a tharraingt suas ar leibhéal an ghrúpa, ba cheart a áirithiú go dtarscaoilfear an ceanglas pleananna a tharraingt suas ar an leibhéal aonair le haghaidh fhochuideachtaí árachais agus athárachais an ghrúpa má léirítear gach gné ábhartha de na fochuideachtaí sin sa phlean ar leibhéal an ghrúpa.

(33) Le Treoir 2009/138/CE ceanglaítear nochtadh, ar a laghad go bliantúil, ar fhaisnéis fhíor-riachtanach tríd an tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais. Tá an tuarascáil sin dírithe ar shealbhóirí polasaí agus tairbhithe ar thaobh amháin, agus anailísithe agus gairmithe eile sa mhargadh ar an taobh eile. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar ionchais an dá ghrúpa dhifriúla sin, ba cheart ábhar na tuarascála a roinnt ina dhá

chuid. Sa chéad chuid, atá dírithe go príomha ar shealbhóirí polasaí agus ar thairbhithe, ba cheart an phríomhfhaisnéis a bheith inti maidir le gnó, feidhmíocht, bainistiú caipitil agus próifíl riosca. Sa dara cuid, atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh, ba cheart faisnéis mhionsonraithe a bheith inti maidir leis an ngnó agus an córas rialachais, faisnéis shonrach maidir le forálacha teicniúla agus dliteanais eile, an suíomh sócmhainneachta mar aon le sonraí eile atá ábhartha maidir le hanailísithe speisialaithe.

(34) Is féidir le gnóthais árachais agus athárachais coigeartú a dhéanamh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca chun an meastachán is fearr a ríomh i gcomhréir le gluaiseachtaí raoin difríochta a sócmhainní tar éis formheas maoirseachta ('coigeartú meaitseála') nó i gcomhréir le meánghluaiseacht raoin difríochta sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais in airgeadra nó i dtír ar leith ('coigeartú luaineachta'). Sa chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais atá dírithe ar shealbhóirí polasaí agus tairbhithe níor cheart a bheith inti ach amháin an fhaisnéis a mheastar a bheidh ábhartha maidir le cinnteoireacht meánsealbhóra polasaí nó meántairbhí. Cé gur cheart do ghnóthais árachais agus athárachais nochtadh poiblí a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le gan an coigeartú meaitseála, an coigeartú luaineachta ná na mbearta idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm maidir le rátaí úis atá saor ó riosca agus maidir le forálacha teicniúla ar a suíomhanna airgeadais, níor cheart glacadh leis go mbeidh an nochtadh sin ábhartha maidir le cinnteoireacht meánsealbhóra polasaí nó meántairbhí. Dá bhrí sin, ba cheart nochtadh mar sin a áireamh sa chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh seachas sa chuid atá dírithe ar shealbhóirí polasaí agus tairbhithe.

(35) Níor cheart ualach róthrom ar ghnóthais árachais agus athárachais a bheith i gceist le ceanglais maidir le nochtadh. Chuige sin, ba cheart roinnt simplithe agus bearta comhréireachta a áireamh i dTreoir 2009/138/CE go háirithe nuair nach gcuireann siad inléiteacht na sonraí a sholáthraíonn gnóthais árachais agus athárachais i gcontúirt. Thairis sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) a leasú ionas gur féidir le gnóthais bheaga neamhchasta a dtuairisciú inbhuanaitheachta a theorannú de réir na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta simplithe do FBManna a leagtar síos sa Treoir sin.

(36) Chun an leibhéal is airde beachtais faisnéise a nochtar don phobal a ráthú, ba cheart roinnt eilimintí den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais a bheith faoi réir iniúchadh. Leis an gceanglas sin maidir le hiniúchadh ba cheart, ar a laghad, an clár comhardaithe a chumhdach ar a ndéantar measúnú i gcomhréir leis na critéir luachála a leagtar amach i dTreoir 2009/138/CE.

(37) Ós rud é nach meastar go mbeidh gnóthais bheaga neamhchasta ábhartha maidir le cobhsaíocht airgeadais an Aontais, is iomchuí go n-áireofaí díolúine ón gceanglas an tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais a iniúchadh maidir leis na gnóthais sin. Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar phróifíl riosca agus ar shainiúlacht na ngnóthas árachais faoi chuing agus na ngnóthas athárachais faoi chuing, is iomchuí gan an ceanglas iniúchóireachta a fhorchur orthu. Mar sin féin, ba cheart na Ballstáit a chuireann ceanglais iniúchóireachta i bhfeidhm cheana féin maidir le gach gnóthas nó maidir le heilimintí den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais seachas an clár comhardaithe a bheith in ann leanúint de na ceanglais sin a chur i bhfeidhm.

(38) Ba cheart a admháil, cé go mbeadh sé tairbhiúil, go mbeadh an ceanglas iniúchóireachta ina ualach breise ar gach gnóthas. Dá bhrí sin, sprioc-amanna maidir le tuairisciú agus nochtadh bliantúil le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais agus le haghaidh grúpaí árachais agus athárachais, ba cheart iad a fhadú chun am leordhóthanach a thabhairt dóibh tuarascálacha iniúchta a thabhairt ar aird.

(39) Le Treoirlínte ÚEÁPC maidir le tuairisciú chun críoch cobhsaíochta airgeadais, leagtar síos critéir cheana féin chun gnóthais árachais agus athárachais atá ábhartha maidir le cobhsaíocht na gcóras airgeadais san Aontas a shainaithint.

(40) Ba cheart a áirithiú go mbeidh na modhanna chun forálacha teicniúla a ríomh i gconarthaí a bhfuil roghanna agus ráthaíochtaí ag gabháil leo, go mbeidh siad comhréireach le cineál, scála agus castacht na rioscaí atá ag an árachóir. Maidir leis sin, ba cheart roinnt simplithe a sholáthar.

(41) Ba cheart an costas caipitil a laghdú i gcomparáid leis an leibhéal a socraíodh tráth a glacadh Treoir 2009/138/CE agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na Treorach sin, agus leibhéal leordhóthanach stuamachta agus cosanta do shealbhóirí polasaí á choinneáil an tráth céanna. Ina theannta sin agus an corrlach riosca á ríomh, ba cheart aird a thabhairt ar spleáchas ama na rioscaí agus méid an chorrlaigh riosca a laghdú go háirithe i gcás

([9]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

dliteanais fhadtéarmacha, agus ar an gcaoi sin íogaireacht an chorrlaigh riosca i leith athruithe ar an ráta úis a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart gné easpónantúil atá spleách ar am a thabhairt isteach.

(42) Ceanglaítear le Treoir 2009/138/CE go ndéanfar méid na gcistí dílse incháilithe is gá chun tacú leis na hoibleagáidí árachais agus athárachais a chinneadh chun an corrlach riosca a ríomh agus go mbeidh ráta Chostas an Chaipitil cothrom leis an ráta breise, os cionn an ráta úis ábhartha saor ó riosca, a thabhódh gnóthas árachais nó athárachais a mbeadh an méid sin cistí dílse incháilithe ina sheilbh aige. Ceanglaítear le Treoir 2009/138/CE freisin go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil ar ráta Chostas an Chaipitil. Chun na críche sin, ba cheart a áirithiú leis na hathbhreithnithe go bhfanfaidh ráta Chostas an Chaipitil rioscabhunaithe agus nach sáróidh sé 5 %.

(43) Agus struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca á chinneadh ba cheart comhardú a dhéanamh idir úsáid na faisnéise a dhíorthaítear ó ionstraimí airgeadais ábhartha agus cumas gnóthas árachais agus athárachais rátaí úis a dhíorthaítear ó ionstraimí airgeadais a fhálú. Go háirithe, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh na hacmhainneachtaí ag gnóthais árachais agus athárachais bheaga chun riosca an ráta úis a fhálú le hionstraimí seachas bannaí, iasachtaí nó sócmhainní comhchosúla ag a bhfuil sreafaí airgid seasta. Dá bhrí sin, ba cheart struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a eachtarshuí le haghaidh aibíochtaí i gcás nach mbeidh na margaí le haghaidh bannaí domhain, leachtach ná trédhearcach a thuilleadh. Mar sin féin, ba cheart, le modh an eachtarshuite, úsáid a bhaint as faisnéis a dhíorthaítear ó ionstraimí airgeadais ábhartha seachas bannaí, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil ó mhargaí doimhne, leachtacha agus trédhearcacha le haghaidh aibíochtaí i gcás nach mbeidh na margaí bannaí domhain, leachtach ná trédhearcach a thuilleadh. Chun deimhneacht agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe a áirithiú agus foráil á déanamh san am céanna freisin maidir le freagairt thráthúil ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh, ba cheart don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun sonrú a dhéanamh ar an mbealach ba cheart feidhm a bheith leis an modh nua eachtarshuí. I bhfianaise dhálaí reatha an mhargaidh, ba cheart an túsphointe le haghaidh eachtarshuí an euro ar dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo fanacht ar an leibhéal céanna leis an leibhéal a bhí aici an 31 Nollaig 2023, eadhon ré aibíochta 20 bliain.

(44) Maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a chinneadh, tá tionchar suntasach aige sin ar an suíomh sócmhainneachta go háirithe le haghaidh gnóthais árachais saoil ag a bhfuil dliteanais fhadtéarmacha. Chun cur isteach ar an ngnó árachais atá ann cheana a sheachaint agus chun foráil a dhéanamh maidir le haistriú rianúil chuig an modh nua eachtarshuí, is gá foráil a dhéanamh maidir le sásra céimnithe isteach. Ba cheart é a bheith d'aidhm le sásra céimnithe isteach cur isteach ar an margadh a sheachaint agus conair thrédhearcach chuig an modh eachtarshuí deiridh a sholáthar.

(45) Le Treoir 2009/138/CE déantar foráil maidir le coigeartú luaineachta, lena bhféachtar le maolú a dhéanamh ar éifeacht raonta difríochta bannaí áibhéalta agus tá sí bunaithe ar phunanna tagartha le haghaidh airgeadraí ábhartha na ngnóthas árachais agus athárachais agus, i gcás an euro, ar phunanna tagartha le haghaidh margaí árachais náisiúnta. Is féidir le tairbhí de bhreis ar mhaolú ar raonta difríochta bannaí áibhéalta teacht as coigeartú luaineachta aonfhoirmeach a úsáid le haghaidh airgeadraí nó tíortha iomlána, go háirithe i gcás ina bhfuil íogaireacht sócmhainní ábhartha na ngnóthas árachais agus athárachais sin i leith athruithe ar raonta difríochta creidmheasa níos ísle ná íogaireacht an mheastacháin ábhartha is fearr i leith athruithe ar rátaí úis. Chun nach dtiocfaidh na tairbhí iomarcacha sin as an gcoigeartú luaineachta, ba cheart an coigeartú luaineachta a bheith faoi réir formheas maoirseachta agus, nuair a bheidh sé á ríomh, ba cheart tréithe gnóthas-sonracha a chur san áireamh i ndáil le híogaireacht raoin difríochta sócmhainní agus íogaireacht ráta úis an mheastacháin is fearr ar fhorálacha teicniúla. Thairis sin, ba cheart na híoschoinníollacha chun úsáid a bhaint as an gcoigeartú luaineachta a thabhairt isteach mar choimirce bhreise. Ba cheart deis a bheith ag na Ballstáit, a bhfuil úsáid an choigeartaithe luaineachta á cur faoi réir próiseas formheasa maoirseachta ag roinnt acu cheana, na coinníollacha maidir le formheas a leathnú chun go n-áireofaí measúnú in aghaidh thoimhdí bunúsacha an choigeartaithe luaineachta. I bhfianaise na gcoimircí breise, ba cheart a cheadú do ghnóthais árachais agus athárachais suas le cion méadaithe 85 % den raon difríochta arna cheartú de réir riosca a dhíorthaítear ó na punanna ionadaíocha a chur le bunstruchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca.

(46) I gcás ina n-infheistíonn gnóthas árachais nó athárachais in ionstraimí fiachais lena ngabhann cáilíocht chreidmheasa níos fearr ná na hionstraimí fiachais atá sa phunann ionadaíoch chun an coigeartú luaineachta a ríomh, d'fhéadfadh an coigeartú luaineachta róchúiteamh a dhéanamh ar chaillteanas cistí dílse atá mar thoradh ar leathnú na raonta difríochta bannaí agus d'fhéadfadh luaineacht mhíchuí sna cistí dílse teacht as sin. Agus é mar chuspóir an luaineacht shaorga a chruthaítear le róchúiteamh mar sin a fhritháireamh, ba cheart gnóthais árachais agus athárachais a bheith in ann iarratas a dhéanamh, sna cásanna sin, ar mhodhnú ar an gcoigeartú luaineachta ina gcuirtear san áireamh faisnéis i ndáil le hinfheistíochtaí sonracha an ghnóthais in ionstraimí fiachais.

(47) Le Treoir 2009/138/CE, déantar foráil maidir le comhpháirt tíre sa choigeartú luaineachta arb é is aidhm di a áirithiú go ndéanfar maolú ar raonta difríochta bannaí áibhéalta i dtír shonrach. Mar sin féin, tá gníomhachtú na comhpháirte tíre bunaithe ar dhearbhthairseach agus ar thairseach choibhneasta maidir le raon difríochta

riosca-choigeartaithe na tíre, rud ar féidir leis éifeachtaí ailleá a chruthú agus dá bhrí sin luaineacht cistí dílse gnóthas árachais agus athárachais a mhéadú. Chun a áirithiú go ndéanfar maolú éifeachtach ar raonta difríochta bannaí áibhéalta i mBallstát sonrach arb é an euro a airgeadra, ba cheart macra-chomhpháirt a chur in ionad na comhpháirte tíre, macra-chomhpháirt atá le ríomh bunaithe ar na difríochtaí idir an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh an euro agus an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh na tíre. Chun éifeachtaí ailleá a sheachaint, leis an ríomh ba cheart neamhleanúnachais a sheachaint i leith na bparaiméadar ionchuir.

(48) Chun forbairtí i gcleachtais infheistíochta de chuid gnóthas árachais agus athárachais a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun critéir a leagan amach le haghaidh incháilitheacht sócmhainní atá le cur san áireamh sa phunann shannta sócmhainní i gcás ina bhféadfadh cleachtais éagsúla teacht as cineál na sócmhainní i leith na gcritéar chun an coigeartú meaitseála a chur i bhfeidhm agus a ríomh.

(49) Chun a áirithiú go gcuirfear an láimhseáil chéanna i bhfeidhm maidir leis na gnóthais árachais agus athárachais uile a ríomhann an coigeartú luaineachta, nó go gcuirfear forbairtí sa mhargadh san áireamh inti, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonrófar ríomh eilimintí gnóthas-sonracha an choigeartaithe luaineachta. I gcás airgeadraí seachas an euro, sa ríomh a dhéantar ar eilimintí airgeadra-shonracha an choigeartaithe luaineachta, ba cheart a áireamh go bhféadfaí sreafaí airgid a mheaitseáil idir péirí airgeadraí pionnáilte na mBallstát, ar choinníoll go laghdaítear an riosca airgeadra go comhsheasmhach leis sin.

(50) Chun a gcistí dílse a ríomh faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), institiúidí a bhaineann le hilchuideachtaí airgeadais atá faoi réir Threoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), féadfar a cheadú dóibh gan a n-infheistíochtaí suntasacha i ngnóthais árachais ná athárachais a asbhaint, ar choinníoll go gcomhlíontar critéir áirithe. Maidir le rialacha stuamachta is infheidhme maidir le gnóthais árachais nó athárachais agus institiúidí creidmheasa, is gá a áirithiú go ndéanfar foráil leo maidir le cothroime iomaíochta iomchuí idir grúpaí airgeadais atá faoi stiúir na baincéireachta agus faoi stiúir an árachais. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do ghnóthais árachais nó athárachais freisin gan rannpháirtíochtaí in institiúidí creidmheasa agus airgeadais a asbhaint óna gcistí dílse incháilithe, faoi réir coinníollacha comhchosúla. Go háirithe, ba cheart feidhm a bheith ag maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE nó ag maoirseacht fhorlíontach i gcomhréir le Treoir 2002/87/CE maidir le grúpa a chuimsíonn an gnóthas árachais nó athárachais agus an institiúid ghaolmhar araon. Ina theannta sin, ba cheart an rannpháirtíocht san institiúid a bheith ina hinfheistíocht chothromais de chineál straitéiseach le haghaidh an ghnóthais árachais nó athárachais agus ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a bheith sásta i dtaobh leibhéal an bhainistithe lánpháirtithe, an bhainistithe riosca agus na rialuithe inmheánacha maidir leis na heintitis i raon feidhme na maoirseachta grúpa nó na maoirseachta forlíontaí.

(51) Leis na teorainneacha atá ann cheana agus a fhorchuirtear ar leibhéal an choigeartaithe shiméadraigh, teorannaítear cumas an choigeartaithe sin maolú a dhéanamh ar éifeachtaí comhthimthriallacha féideartha an chórais airgeadais agus staid a sheachaint ina gcuirfí iallach míchuí ar ghnóthais árachais agus athárachais caipiteal breise a chruinniú nó a n-infheistíochtaí a dhíol de thoradh gluaiseachtaí neamh-mharthanacha díobhálacha i margaí airgeadais, ar nós na cinn a spreagadh le paindéim COVID-19. Dá bhrí sin, ba cheart an coigeartú siméadrach a leasú ionas go ndéanfar foráil leis maidir le hathruithe níos mó ar an muirear caipitil cothromais caighdeánach agus go ndéanfar maolú breise leis ar an tionchar a bhaineann le méaduithe nó laghduithe géara i stocmhargaí.

(52) Chun an chomhréireacht a fheabhsú laistigh de na ceanglais chainníochtúla, ba cheart an fhéidearthacht a thabhairt do ghnóthais árachais agus athárachais an ceanglas caipitil a ríomh le haghaidh rioscaí neamhábhartha san fhoirmle chaighdeánach le cur chuige simplithe ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana. Leis an gcur chuige simplithe sin ba cheart a cheadú do ghnóthais meastachán a dhéanamh ar an gceanglas caipitil le haghaidh riosca neamhábhartha ar bhonn aonad tomhais iomchuí a athraíonn le himeacht ama. Ba cheart an cur chuige sin a bheith bunaithe ar rialacha coiteanna agus faoi réir critéir choiteanna le haghaidh sainaithint rioscaí neamhábhartha.

(53) Ní mór do ghnóthais árachais agus athárachais a úsáideann an coigeartú meaitseála an phunann shannta sócmhainní agus oibleagáidí a shainaithint, a eagrú agus a bhainistiú ar leithligh ó chodanna eile den ghnó agus dá bhrí sin ní ceadmhach dóibh rioscaí a eascraíonn as áit eile sa ghnó a chomhlíonadh agus úsáid á baint as an bpunann shannta sócmhainní. Mar sin féin, ní bhíonn de thoradh ar an mbainistiú scartha ar an bpunann go dtagann méadú ar chomhghaol idir na rioscaí laistigh den phunann sin agus iad sin atá laistigh den chuid eile den ghnóthas. Dá bhrí

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([11]) Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 79/267/CEE, 92/49/CEE, 92/96/CEE, 93/6/CEE agus 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 98/78/CE agus 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1).

sin, ba cheart a cheadú do ghnóthais árachais agus athárachais a úsáideann an coigeartú meaitseála a gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh ar bhonn na toimhde a bhaineann le héagsúlú iomlán idir sócmhainní agus dliteanais na punainne agus an chuid eile den ghnóthas, mura rud é gur ciste imfhálaithe iad na punanna sócmhainní lena gcumhdaítear an meastachán comhfhreagrach is fearr ar oibleagáidí árachais nó athárachais.

(54) Tá an gá le léiriú cuí a thabhairt ar rátaí úis an-íseal agus diúltacha sa mhaoirseacht árachais tagtha chun cinn mar gheall ar an méid a chonacthas ar na margaí le blianta beaga anuas. Ba cheart é sin a bhaint amach trí athchalabrú a dhéanamh ar an bhfomhodúl riosca ráta úis chun a léiriú gur ann do thimpeallacht toraidh dhiúltaigh. An tráth céanna, níor cheart laghduithe móra neamhréalaíocha sa chuid leachtach den chuar a bheith ina dtoradh ar an modheolaíocht atá le húsáid agus d'fhéadfaí é sin a sheachaint trí íosráta sainráite a chur ar fáil chun cuimse íochtair de rátaí úis diúltacha a léiriú. I gcomhréir le dinimic na rátaí úis, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún íosráta a bheidh spleách ar an téarma a thabhairt isteach seachas bunráta, a mhéid a cheadaíonn na sonraí margaidh atá ar fáil calabrú rioscabhunaithe láidir ar an spleáchas téarma sin.

(55) Tá gach cumhachtú dá bhforáiltear faoi Threoir 2009/138/CE cuachta ag an gCoimisiún i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún ([12]). D'oibrigh an cur chuige sin go maith le haghaidh chur chun feidhme na Treorach sin agus bhí sé níos éasca comhlíonadh an Rialacháin Tharmligthe sin a áirithiú dá bharr. Dá bhrí sin, ba cheart do Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 leanúint de bheith i bhfeidhm agus ba cheart na leasuithe uile is gá faoi na cumhachtuithe atá ann cheana chomh maith le cur chun feidhme cumhachtuithe nua faoin Treoir seo a chur i bhfeidhm go heisiach mar ghníomhartha leasaitheacha ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcás ina bhfuil leasuithe mar sin le cuachadh amach anseo i ngníomh tarmligthe leasaitheach amháin nó níos mó, i gcomhréir le mír 31 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([13]), le linn na gcomhairliúchán agus na gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú, cuirfidh an Coimisiún in iúl freisin cé na cumhachtuithe a mheastar a bheith nasctha go substainteach, a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh an Coimisiún réasúnú oibiachtúil ar fáil ina leith bunaithe ar an nasc substainteach idir dhá chumhachtú nó níos mó.

(56) Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta, tá sé tábhachtach go mbeadh údaráis mhaoirseachta in ann faisnéis a chur i gcomparáid ar fud na ngnóthas árachais agus athárachais ar a ndéanann siad maoirseacht. Le samhlacha inmheánacha páirteacha agus iomlána ceadaítear riosca aonair gnóthais a ghabháil ar bhealach níos fearr agus le Treoir 2009/138/CE ceadaítear do ghnóthais árachais agus athárachais iad a úsáid chun ceanglais chaipitil a chinneadh gan teorainneacha a bheith ag eascairt as an bhfoirmle chaighdeánach. Bhainfeadh údaráis mhaoirseachta tairbhe freisin as rochtain a bheith acu ar mheastacháin ar na Ceanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta arna gcinneadh i gcomhréir leis an bhfoirmle chaighdeánach maidir le ceanglais chaipitil chun comparáidí a dhéanamh idir gnóthais agus chun comparáidí a dhéanamh le haghaidh gnóthas ar leith le himeacht ama. Dá bhrí sin, ba cheart do gach gnóthas árachais agus athárachais a úsáideann samhail inmheánach iomlán nó páirteach meastachán ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta arna chinneadh i gcomhréir leis an bhfoirmle chaighdeánach a thuairisciú go tráthrialta dá n-údaráis mhaoirseachta. Ba cheart modhanna agus toimhdí bunúsacha na foirmle caighdeánaí lena n-éascaítear measúnú maoirseachta cuí a léiriú go hiomchuí sa mheastachán sin. Chun ualach iomarcach ar ghnóthais a sheachaint agus an meastachán á chinneadh acu, ba cheart an cead a bheith acu úsáid a bhaint as faisnéis a dhíorthaítear ó na simplithe ábhartha san fhoirmle chaighdeánach a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na Treorach sin. I gcás ina n-úsáidtear cur chuige simplithe mar sin chun meastachán ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chinneadh, ba cheart na toimhdí bunúsacha a mhíniú go soiléir chun sástachta na n-údarás maoirseachta.

(57) Le Treoir 2009/138/CE déantar foráil go bhféadfadh gnóthais árachais agus athárachais a gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh le samhail inmheánach faoi réir formheas maoirseachta. I gcás ina gcuirtear samhail inmheánach i bhfeidhm, ní choisctear leis an Treoir sin ar ghnóthas árachais ná athárachais éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta a chur san áireamh ina shamhail inmheánach. Ós rud é go bhféadfaidh tairbhí teacht as úsáid an choigeartaithe luaineachta de bhreis ar mhaolú ar raonta difríochta bannaí áibhéalta i ríomh an mheastacháin is fearr, is féidir leis na tairbhí iomarcacha sin saobhadh a dhéanamh freisin ar ríomh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta i gcás ina ndéantar éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta a chur san áireamh sa tsamhail inmheánach. Chun an saobhadh sin a sheachaint, ba cheart íosteorainn a chur leis an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, i gcás ina gceadaíonn údaráis mhaoirseachta do ghnóthais árachais agus athárachais éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta a chur san áireamh ina samhail inmheánach, ar leibhéal ar faoina bhun a bheifí ag súil go dtarlódh tairbhí ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta de bhreis ar mhaolú ar raonta difríochta bannaí áibhéalta.

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 12, 17.1.2015, lch. 1).

([13]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(58) Ba cheart gnóthais árachais agus athárachais a dhreasú chun athléimneacht a chothú le haghaidh staideanna géarchéime. I gcás ina gcuireann gnóthais árachais agus athárachais éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta san áireamh ina samhail inmheánach, agus breithniú á dhéanamh freisin ar éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú macraluaineachta, d'fhéadfadh sin dochar fíor-thromchúiseach a dhéanamh d'aon dreasacht chun athléimneacht a mhéadú le haghaidh staideanna géarchéime. Dá bhrí sin ba cheart cosc a chur ar ghnóthais árachais agus athárachais coigeartú macraluaineachta a chur san áireamh ina samhail inmheánach.

(59) Agus cineál, scála agus castacht na rioscaí á meas, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a bheith in ann faisnéis mhacrastuamachta ábhartha a bhailiú maidir le straitéis infheistíochta gnóthas árachais agus athárachais, anailís a dhéanamh uirthi i dteannta faisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí margaidh eile, agus peirspictíocht mhacrastuamachta a chorprú sa mhaoirseacht a dhéanann siad ar ghnóthais árachais agus athárachais. Mar chuid de sin d'fhéadfaí a áireamh maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le timthriallta creidmheasa sonracha, sleabhcadh eacnamaíoch agus iompraíocht chomhchoiteann nó tréadaíochta in infheistíochtaí.

(60) Is gá dul i ngleic ar bhealach éifeachtúil le staideanna airgeadais gnóthas árachais agus athárachais atá ag meathlú, nó le sáruithe ar cheanglais rialála arna ndéanamh ag na gnóthais sin, agus is gá géarú na bhfadhbanna a chosc. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta bearta coisctheacha a fhorchur. Mar sin féin, ba cheart na cumhachtaí coisctheacha sin a bheith comhsheasmhach leis an dréimire idirghabhála agus leis na cumhachtaí maoirseachta dá bhforáiltear cheana féin i dTreoir 2009/138/CE maidir le himthosca comhchosúla, lena n-áirítear cumhachtaí maoirseachta dá bhforáiltear sa phróiseas athbhreithnithe maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 36 den Treoir sin. Maidir leis na cumhachtaí coisctheacha sin, níor cheart é a bheith de thoradh orthu go spreagfaí idirghabháil réamhshainithe nua sula seolfaí an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI, Roinn 4, den Treoir sin. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta measúnú a dhéanamh ar gach cás ar bhonn aonair agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ghá atá le bearta coisctheacha ar bhonn imthosca agus chás an ghnóthais agus ar bhonn a mbreithiúnais maoirseachta.

(61) Foráiltear le Treoir 2009/138/CE maidir le haitheantas agus forfheidhmiú frithpháirteach na gcinntí, i ngach Ballstát, a bhaineann le hatheagrú nó foirceannadh gnóthas árachais. Gan beann ar an tír ina bhfuil siad lonnaithe, áirithítear leis an Treoir sin go ndéanfar sócmhainní agus dliteanais uile an ghnóthais a láimhseáil in aon phróiseas amháin sa Bhallstát baile agus go gcuirfear an chóir chéanna ar chreidiúnaithe sna Ballstáit óstacha agus a chuirfear ar chreidiúnaithe sa Bhallstát baile. Chun réiteach éifeachtach a bhaint amach, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le hatheagrú agus foirceannadh a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE i gcás ina n-úsáidtear uirlisí réitigh, lena n-áirítear i gcás ina gcuirtear na huirlisí sin i bhfeidhm maidir le gnóthais árachais agus athárachais agus i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm iad maidir le heintitis eile a chumhdaítear leis an gcóras réitigh. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha sin a leasú dá réir sin.

(62) Le Treoir 2009/138/CE déantar foráil maidir leis an tréimhse théarnaimh a fhadú i gcásanna sáruithe ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta i gcás ina ndearbhaíonn ÚEÁPC gur ann do staideanna eisceachtúla díobhálacha. Is féidir na dearbhuithe a dhéanamh tar éis iarrataí a fháil ó údaráis mhaoirseachta náisiúnta, ar a gceanglaítear dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), i gcás inarb iomchuí roimh an iarraidh. Níl an comhairliúchán le BERS a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ar bhealach dílárithe chomh héifeachtúil le comhairliúchán a dhéanann ÚEÁPC ar bhealach láraithe le BERS. Chun próiseas éifeachtúil a áirithiú, ba cheart do ÚEÁPC, agus ní na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, dul i gcomhairle le BERS sula ndearbhófar gur ann do staideanna eisceachtúla díobhálacha, i gcás ina gceadaítear an réamhchomhairliúchán sin de réir chineál na staide.

(63) Le Treoir 2009/138/CE ceanglaítear ar ghnóthais árachais agus athárachais an t-údarás maoirseachta lena mbaineann a chur ar an eolas láithreach i gcás ina mbreathnaíonn siad go mainnítear an tÍoscheanglas Caipitil a chomhlíonadh, nó go bhfuil riosca neamhchomhlíonta ann sna 3 mhí dá éis sin. Mar sin féin, ní shonraítear leis an Treoir sin cén uair is féidir neamhchomhlíonadh an Íoscheanglais Caipitil nó an riosca neamhchomhlíonta sna 3 mhí dá éis sin a bhreathnú agus d'fhéadfadh gnóthais moill a chur leis na húdaráis mhaoirseachta a chur ar an eolas go deireadh na ráithe ábhartha nuair a dhéantar ríomh an Íoscheanglais Caipitil atá le tuairisciú go foirmiúil don údarás maoirseachta. Chun a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis mhaoirseachta faisnéis thráthúil agus go mbeidh siad in ann an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh, ba cheart a cheangal ar ghnóthais árachais agus athárachais na húdaráis mhaoirseachta a chur ar an eolas láithreach maidir le mainneachtain an tÍoscheanglas Caipitil a chomhlíonadh nó riosca neamhchomhlíonta freisin i gcás ina bhfuil an méid sin breathnaithe ar bhonn meastacháin nó ríomhanna idir dhá dháta de ríomhanna oifigiúla ar an Íoscheanglas Caipitil, sa ráithe ábhartha.

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

(64) Tá cosaint leasanna daoine árachaithe ina cuspóir ginearálta den chreat stuamachta ar cheart do na húdaráis mhaoirseachta é a shaothrú ag gach céim den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta, lena n-áirítear i gcásanna sáruithe nó sáruithe dóchúla ar cheanglais arna ndéanamh ag gnóthais árachais nó athárachais as a bhféadfadh aistarraingt údarúcháin eascairt. Ba cheart an cuspóir sin a shaothrú roimh aistarraingt an údaraithe agus ina diaidh, agus ba cheart aird a thabhairt ar aon impleachtaí dlíthiúla do dhaoine árachaithe a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an aistarraingt sin.

(65) Ba cheart uirlisí a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta chun cosc a chur le teacht chun cinn rioscaí maidir le cobhsaíocht airgeadais i margaí árachais, chun iompraíochtaí comhthimthriallacha ag gnóthais árachais agus athárachais a theorannú agus chun maolú a dhéanamh ar leathadh éifeachtaí diúltacha iarmhartacha laistigh den chóras airgeadais agus isteach san fhíorgheilleagar.

(66) Léirigh na géarchéimeanna eacnamaíocha agus airgeadais le déanaí, go háirithe an ghéarchéim a lean paindéim COVID-19, gur féidir cosc a chur le rioscaí maidir le cobhsaíocht an chórais airgeadais le bainistiú leachtachta fónta ag gnóthais árachais agus athárachais. Ar an ábhar sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais árachais agus athárachais bainistiú agus pleanáil leachtachta a neartú, go háirithe i gcomhthéacs staideanna díobhálacha a mbíonn tionchar acu ar chuid mhór nó ar iomlán an mhargaidh árachais agus athárachais.

(67) Maidir le gnóthais árachais agus athárachais ag a bhfuil próifílí a mbaineann leochaileacht ar leith leo, amhail iad sin ag a bhfuil dliteanais leachtachta, a bhfuil sócmhainní neamhleachtacha á sealbhú acu, nó ag a bhfuil leochaileachtaí leachtachta, ar féidir leo difear a dhéanamh don chobhsaíocht airgeadais fhoriomlán, i gcás nach leigheasann siad an fhadhb go hiomchuí, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh chun staid leachtachta na ngnóthas sin a threisiú.

(68) Ba cheart na cumhachtaí is gá a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta chun staid sócmhainneachta gnóthas árachais nó athárachais sonrach a chaomhnú le linn staideanna eisceachtúla ar nós imeachtaí díobhálacha eacnamaíocha nó margaidh a mbíonn tionchar acu ar chuid mhór nó ar iomlán an mhargaidh árachais agus athárachais, chun sealbhóirí polasaí a chosaint agus an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. Mar chuid de na cumhachtaí sin ba cheart a áireamh an fhéidearthacht chun dáileacháin ar scairshealbhóirí agus creidiúnaithe fo-ordaithe eile de chuid gnóthais árachais nó athárachais a theorannú nó a chur ar fionraí sula dtarlóidh sárú iarbhír ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. Ba cheart na cumhachtaí sin a chur i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás, agus critéir rioscabhunaithe choiteanna a urramú leo agus níor cheart dochar a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh leo.

(69) Ós rud é go mbeadh tionchar ag teorannú nó fionraí an dáilte díbhinní agus bónas eile, fiú ar bhonn sealadach, ar chearta scairshealbhóirí agus creidiúnaithe fo-ordaithe eile, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais a chur san áireamh go cuí agus na bearta sin á ndéanamh. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú freisin nach mbaineann éifeachtaí díobhálacha díréireacha ar an gcóras airgeadais iomlán ná ar chodanna de le haon cheann de na bearta a ghlactar i mBallstáit eile ná san Aontas ina iomláine. Go háirithe, níor cheart do na húdaráis mhaoirseachta dáileacháin chaipitil a theorannú laistigh de ghrúpa árachais agus athárachais ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus nuair atá údar cuí leis sin chun cobhsaíocht an mhargaidh árachais agus athárachais agus an chórais airgeadais ina iomláine a chaomhnú.

(70) In imthosca eisceachtúla, is féidir le gnóthais árachais a bheith faoi réir rioscaí leachtachta suntasacha. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta chun cearta fuascailte maidir le polasaithe árachais saoil na ngnóthas sin lena mbaineann rioscaí suntasacha leachtachta a fhionraí go sealadach ar feadh tréimhse ghearr agus mar rogha dheiridh amháin. Ba cheart an beart eisceachtúil sin a úsáid d'fhonn an chosaint chomhchoiteanna chaomhnú don sealbhóir polasaí, eadhon cosaint na sealbhóirí polasaí uile, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh rioscaí den sórt sin tionchar a bheith acu orthu go hindíreach.

(71) Le clistí gnóthas árachais agus athárachais le déanaí agus iad ag oibriú trasna teorannacha, cuireadh i dtábhacht gur gá na húdaráis mhaoirseachta a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi ghníomhaíochtaí a dhéanann na gnóthais sin. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais árachais agus athárachais fógra a thabhairt d'údarás maoirseachta a mBallstáit baile faoi aon athrú ábhartha a imríonn tionchar ar a bpróifíl riosca i ndáil lena ngníomhaíochtaí árachais trasteorann leanúnacha, agus ba cheart an fhaisnéis sin a chomhroinnt le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát óstach lena mbaineann.

(72) Faoi Threoir 2009/138/CE, tá an chumhacht ag ÚEÁPC ardáin chomhair a chur ar bun agus a chomhordú chun an comhar a fheabhsú idir na húdaráis mhaoirseachta ábhartha i gcás ina ndéanann gnóthas árachais nó athárachais gníomhaíochtaí, nó ina mbeartóidh sé iad a dhéanamh, atá bunaithe ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó ar an gceart bunaíochta. Mar sin féin, i bhfianaise chastacht na saincheisteanna maoirseachta a ndéileáiltear leo laistigh de na hardáin sin, i gcásanna éagsúla, cliseann ar údaráis mhaoirseachta teacht ar dhearcadh coiteann maidir le conas dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le gnóthas árachais nó athárachais atá ag oibriú ar bhonn trasteorann. I gcás nach bhféadfaidh na húdaráis mhaoirseachta atá páirteach sna hardáin chomhair teacht ar chomhaontú maidir

le saincheisteanna a bhaineann le gnóthas árachais nó athárachais atá ag oibriú ar bhonn trasteorann, ba cheart an chumhacht a bheith ag ÚEÁPC an t-easaontas a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

(73) Maidir le comhar agus comhroinnt faisnéise idir údarás maoirseachta an Bhallstáit baile a dheonaigh údarú do ghnóthas árachais nó athárachais agus údaráis mhaoirseachta na mBallstát ina saothraíonn an gnóthas sin gníomhaíochtaí trí bhrainsí a bhunú nó seirbhísí a sholáthar, ba cheart an comhar sin a neartú chun fadhbanna féideartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chearta tomhaltóirí a chosc ar bhealach níos fearr agus cosaint sealbhóirí polasaí a fheabhsú ar fud an Aontais. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcomhar feabhsaithe sin i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann ann, agus ba cheart trédhearcacht agus malartú tráthrialta éigeantach faisnéise idir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann a mhéadú dá bharr. Ba cheart an malartú sin a bheith eolasach go leor agus ba cheart a áireamh ann an fhaisnéis ábhartha uile a thagann ó údarás maoirseachta an Bhallstáit baile, go háirithe maidir le toradh an phróisis athbhreithnithe maoirseachta a bhaineann le gníomhaíocht trasteorann agus staid airgeadais an ghnóthais. Chun rochtain éasca ar na sonraí maoirseachta atá ar fáil, malartú éifeachtúil na sonraí sin, tuarascálacha ar an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta, agus faisnéis ábhartha eile i ndáil le gnóthais a dhéanann gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann a áirithiú, agus aird á tabhairt ar an ngá le teorainn a chur leis an ualach riaracháin, ba cheart uirlisí digiteacha comhroinnte faisnéise a úsáid. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a dhíriú trí na huirlisí comhair dhigitigh atá ann cheana agus atá curtha i bhfeidhm ag ÚEÁPC.

(74) I gcás ina bhfuil ábhair imní thromchúiseacha ag údarás maoirseachta Ballstáit óstaigh maidir le staid sócmhainneachta gnóthais árachais nó athárachais a dhéanann gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann ina chríoch, ba cheart an chumhacht a bheith aige a iarraidh go ndéanfaí cigireacht chomhpháirteach ar an láthair i dteannta údarás maoirseachta an Bhallstáit baile, i gcás ina bhfuil neamhchomhlíonadh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta nó an tÍoscheanglas Caipitil i gceist. Ba cheart d'údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an chigireacht chomhpháirteach ar an láthair a chomhordú agus ba cheart dó cuireadh a thabhairt do gach údarás maoirseachta náisiúnta ábhartha chomh maith le ÚEÁPC. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta uile lena mbaineann teacht ar chomhaontú maidir le cuspóirí na cigireachta ar an láthair sula ndéanfar í. Faoi dheireadh na cigireachta, ba cheart dóibh freisin teacht ar chomhdhearcadh maidir leis na bearta maoirseachta is gá a dhéanamh. Ba cheart d'údarás maoirseachta an Bhallstáit baile na húdaráis mhaoirseachta uile lena mbaineann a chur ar an eolas faoin obair leantach ar an gcigireacht ar an láthair. I gcás nach dtiocfaidh na húdaráis mhaoirseachta ar chomhaontú maidir le cibé acu an gá nó nach gá cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh, ba cheart an chumhacht a bheith ag ÚEÁPC an t-easaontas a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

(75) Faoi Threoir 2009/138/CE, ní cheanglaítear ar ghnóthais árachais ná athárachais faisnéis maidir le seoladh a ngnó a sholáthar d'údaráis mhaoirseachta na mBallstát óstach go tráthúil. Ní fhéadfar an fhaisnéis sin a fháil ach amháin trí í a iarraidh ar údarás maoirseachta an Bhallstáit baile. Mar sin féin, leis an gcur chuige sin ní áirithítear rochtain ar fhaisnéis laistigh de thréimhse réasúnach. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag údaráis mhaoirseachta na mBallstát óstach faisnéis a iarraidh go díreach ar ghnóthais árachais nó athárachais, i gcás ina mainníonn údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an fhaisnéis a sholáthar go tráthúil. Níor cheart, leis an gcumhacht sin, cosc a chur ar tharchur deonach na faisnéise ó ghnóthais árachais agus athárachais chuig údaráis mhaoirseachta na mBallstát óstach.

(76) Chun bheith sainaitheanta mar chuideachta sealbhaíochta árachais, ní mór, go háirithe, fáil agus sealbhú rannpháirtíochtaí i bhfoghnóthais a bheith mar phríomhghnó ag máthairchuideachta, i gcás inar gnóthais árachais nó athárachais, nó gnóthais árachais nó athárachais tríú tír, iad na foghnóthais sin go heisiach nó go príomha. Faoi láthair, tá léirmhínithe difriúla ag údaráis mhaoirseachta ar an mbrí atá le 'go heisiach nó go príomha' sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar chuideachta sealbhaíochta árachais a leasú agus a shoiléiriú, agus na leasuithe comhchosúla ar an sainmhíniú ar chuideachta sealbhaíochta airgeadais dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh na hearnála baincéireachta á gcur san áireamh. Go háirithe, chun gnóthas a aicmiú mar chuideachta sealbhaíochta árachais, ba cheart dá phríomhghnó a bheith bainteach le gnóthais árachais nó athárachais a fháil agus a shealbhú, seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil do ghnóthais ghaolmhara árachais nó athárachais, nó gníomhaíochtaí neamhrialáilte airgeadais eile a dhéanamh. Ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta chun a chinneadh go bhfuil critéar den sórt sin á chomhlíonadh, gan beann ar chuspóir corparáideach sonraithe an ghnóthais féin.

(77) I roinnt cásanna, i ngrúpa atá faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) nó (c), de Threoir 2009/138/CE, déanfar rannpháirtíochtaí i bhfoghnóthais árachais agus athárachais atá lonnaithe i dtríú tír a shealbhú trí chuideachta sealbhaíochta neamhrialáilte idirmheánach. Fiú mura bhfuil foghnóthas árachais nó athárachais ag an gcuideachta sealbhaíochta neamhrialáilte idirmheánach sin a bhfuil a cheannoifig lonnaithe san Aontas, is den ríthábhacht é go gcaitear léi mar a chaitear le cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus go ndéanfar í a áireamh sa ríomh ar ghrúpshócmhainneacht. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhíniú ar chuideachtaí sealbhaíochta gnóthas árachais agus athárachais tríú tír a thabhairt isteach chun

go mbeidh grúpaí in ann na gnóthais tríú tír ghaolmhara a chur san áireamh agus Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta á ríomh.

(78) I gcásanna áirithe, déanann gnóthais árachais agus athárachais éagsúla grúpa de facto agus iompraíonn siad iad féin dá réir sin, cé nach gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar ghrúpa mar a leagtar amach in Airteagal 212 de Threoir 2009/138/CE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag Teideal III den Treoir sin maidir leis na gnóthais árachais agus athárachais sin. Sna cásanna sin, go háirithe le haghaidh grúpaí cothrománacha nach bhfuil aon nasc caipitil acu idir gnóthais dhifriúla, ba cheart an chumhacht a bheith ag na maoirseoirí grúpa láithreacht ghrúpa a shainaithint. Ba cheart critéir oibiachtúla a sholáthar freisin chun an tsainaithint sin a dhéanamh. In éagmais athruithe ar shainiúlachtaí na ngrúpaí, táthar ag súil go leanfaidh grúpaí atá faoi réir maoirseacht ghrúpa cheana féin de bheith faoi réir na maoirseachta sin.

(79) Tá grúpaí árachais agus athárachais saor chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na socruithe inmheánacha sonracha, dáileadh na gcúraimí agus an struchtúr eagraíochtúil laistigh den ghrúpa de réir mar is cuí leo chun comhlíonadh Threoir 2009/138/CE a áirithiú. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, féadfaidh na socruithe agus na struchtúir eagraíochtúla sin maoirseacht éifeachtach ar ghrúpa a chur i gcontúirt. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag maoirseoirí grúpa – in imthosca eisceachtúla agus tar éis dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann –athruithe ar na socruithe nó na struchtúir eagraíochtúla sin a cheangal. Ba cheart do mhaoirseoirí grúpa údar cuí a thabhairt lena gcinntí agus míniú a thabhairt ar an bhfáth a gcuireann na socruithe nó na struchtúir atá cheana ann maoirseacht éifeachtach ar ghrúpa i gcontúirt.

(80) D'fhéadfadh maoirseoirí grúpa a chinneadh gnóthas a eisiamh ón maoirseacht ghrúpa, go háirithe nuair a mheastar nach bhfuil ach tábhacht dhiomaibhseach le gnóthas mar sin i leith chuspóirí na maoirseachta grúpa. Tá léirmhínithe éagsúla tugtha faoi deara ag ÚEÁPC maidir leis an gcritéar a bhaineann le tábhacht dhiomaibhseach, agus tá sé sainaitheanta aige gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, gurb é a thagann as na heisiaimh sin tarscaoiltí iomlána ar mhaoirseacht ghrúpa nó maoirseacht ar leibhéal máthairchuideachta idirmheánaí. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nár cheart cinntí chun eisiamh a dhéanamh as a dtiocfadh tarscaoiltí iomlána ar mhaoirseacht ghrúpa nó as a dtiocfadh maoirseacht ar leibhéal máthairchuideachta idirmheánaí ach amháin in imthosca atá an-eisceachtúil agus gur cheart do mhaoirseoirí grúpa dul i gcomhairle le ÚEÁPC sula ndéantar cinntí den sórt sin. Ba cheart critéir a thabhairt isteach freisin ionas gur ann do níos mó soiléireachta i dtaobh ar cheart a mheas mar thábhacht dhiomaibhseach i leith chuspóirí na maoirseachta grúpa.

(81) Is féidir le cinntí gan gnóthas a áireamh i raon feidhme na maoirseachta grúpa a bheith bunaithe ar fhorálacha éagsúla a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE. Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar Airteagal 214(2) den Treoir sin, arb é is aidhm dóibh an coincheap a bhaineann le 'tábhacht dhiomaibhseach' a shonrú, níor cheart difear a dhéanamh don bhunús féideartha atá ann cheana le haghaidh cinntí maidir le heisiaimh ón maoirseacht ghrúpa a dhéanamh de bhun phointe (c) den mhír sin, i gcás ina bhfuil Airteagal 214 den Treoir sin trasuite ag an mBallstát ar shlí ina gceadaítear d'eisiamh an mháthairghnóthais deiridh i gcás ina bhfuil na tréithe uile seo a leanas ag an máthairghnóthas: tá sé faoi réir maoirseacht ón údarás maoirseachta fós de bhun dhlí an Bhallstáit sin, níl aon údarú aige dul i mbun ghnó an árachais nó an athárachais, ní chuireann sé seirbhísí coimhdeacha ar fáil d'fhoghnóthais árachais ná athárachais sa ghrúpa, tá fodhlithe aige lena gcuirtear bac sainráite ar an ngnóthas comhordú lárnach a dhéanamh ar a fhoghnóthais árachais nó athárachais i gcomhréir le dlí an Bhallstáit lena gcuirtear teorainn dhian le raon feidhme ghníomhaíochtaí an ghnóthais, agus tá eintiteas idirmheánach bunaithe i gcríoch Bhallstáit a bhainistíonn go gníomhach na foghnóthais árachais nó athárachais sa ghrúpa.

(82) Tá easpa soiléireachta ann maidir leis na cineálacha gnóthais ar ina leith is féidir modh 2 a chur i bhfeidhm, eadhon modh asbhainte agus comhiomlánaithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/138/CE, agus grúpshócmhainneacht á ríomh, rud atá díobhálach don chothroime iomaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú go soiléir cé na gnóthais a fhéadfar a áireamh sa ríomh ar ghrúpshócmhainneacht trí mhodh 2. Níor cheart feidhm a bheith ag Modh 2 ach amháin maidir le gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais agus athárachais tríú tír, gnóthais a bhaineann le hearnálacha airgeadais eile, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, agus máthairghnóthais eile arb é a bpríomhghnó rannpháirtíochtaí i bhfoghnóthais a fháil agus a shealbhú, i gcás inar gnóthais árachais nó athárachais, nó gnóthais árachais nó athárachais tríú tír, go heisiach nó go príomha iad na foghnóthais sin.

(83) I ngrúpaí árachais nó athárachais áirithe, faigheann agus sealbhaíonn máthairghnóthas idirmheánach nach gnóthas árachais nó athárachais nó gnóthas árachais nó athárachais tríú tír é rannpháirtíochtaí i bhfoghnóthais i gcás inar gnóthais árachais nó athárachais tríú tír iad na foghnóthais sin go heisiach nó go príomha. Faoi na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair, mura sealbhaíonn na máthairghnóthais idirmheánacha sin rannpháirtíocht in ar a laghad foghnóthas árachais nó athárachais amháin a bhfuil a cheannoifig aige san Aontas, ní láimhseáiltear mar

chuideachtaí sealbhaíochta árachais iad chun grúpshócmhainneacht a ríomh, cé go bhfuil cineál na rioscaí a bhaineann leo an-chomhchosúil. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha a leasú ionas go láimhseáiltear cuideachtaí sealbhaíochta na ngnóthas árachais agus athárachais tríú tír sin ar an mbealach céanna le cuideachtaí sealbhaíochta árachais chun grúpshócmhainneacht a ríomh.

(84) Le Treoir 2009/138/CE agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, déantar foráil maidir le ceithre mhodh cuimsithe sa ríomh grúpshócmhainneachta de chuid gnóthais a bhaineann le hearnálacha airgeadais eile, lena n-áirítear modhanna 1 agus 2 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/87/CE. Is é a thagann as sin cineálacha cur chuige maoirseachta neamhréireacha agus éagothroime iomaíochta, agus gintear castacht mhíchuí. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a shimpliú ionas go rannchuideoidh gnóthais a bhaineann le hearnálacha airgeadais eile i gcónaí leis an ngrúpshócmhainneacht trí na rialacha earnála ábhartha a úsáid maidir le ríomh cistí dílse agus ceanglas caipitil. Ba cheart na cistí dílse agus na ceanglais chaipitil sin a chomhiomlánú go simplí chuig cistí dílse agus ceanglais chaipitil na coda árachais agus athárachais den ghrúpa.

(85) Faoi na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair, deonaítear féidearthachtaí teoranta ar ghnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha chun ríomhanna simplithe a úsáid chun a ngrúpshócmhainneacht a chinneadh nuair a úsáidtear modh 1, eadhon an modh cuntasaíochta bunaithe ar an gcomhdhlúthú. Leis sin gintear ualach díréireach, go háirithe nuair a shealbhaíonn grúpaí rannpháirtíochtaí i ngnóthais ghaolmhara atá an-bheag ó thaobh méide de. Dá bhrí sin, faoi réir réamh-fhormheas maoirseachta, ba cheart a cheadú do ghnóthais rannpháirteacha gnóthais ghaolmhara a lánpháirtiú a bhfuil a méid neamhábhartha ina ngrúpshócmhainneacht trí chineálacha cur chuige simplithe a úsáid.

(86) Ní léir conas atá feidhm ag coincheap an ualaithe, rud ba cheart a chur san áireamh agus míreanna cistí dílse á n-aicmiú ina sraitheanna, maidir le cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha nach bhfuil sealbhóirí polasaí ná tairbhithe acu mar chliaint dhíreacha. Dá bhrí sin, ba cheart íoschritéir a thabhairt isteach chun foráil a dhéanamh maidir le cásanna a shainaithint ina bhfuil mír cistí dílse, a eisíonn cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, glan ó ualuithe.

(87) Maidir le raon feidhme na ngnóthas ba cheart a chur san áireamh agus an íosteorainn á ríomh do Cheanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, ba cheart é a bheith comhsheasmhach le raon feidhme na ngnóthas a rannchuidíonn leis na cistí dílse incháilithe atá ar fáil chun Ceanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach. Dá bhrí sin, agus an íosteorainn á ríomh, ba cheart gnóthais árachais agus athárachais tríú tír a áirítear le modh 1 a chur san áireamh.

(88) D'fhéadfadh a bheith de thoradh ar an bhfoirmle chun íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh staideanna ina bhfuil an t-íosmhéid sin gar do Cheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, nó fiú cothrom leis. I gcás nach gcomhlíonann grúpa, i gcásanna den sórt sin, íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ach ina gcomhlíonann sé a Cheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ar leibhéal an ghrúpa arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, níor cheart d'údaráis mhaoirseachta na cumhachtaí atá ar fáil a úsáid ach amháin i gcás nach gcomhlíontar Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

(89) Chun grúpshócmhainneacht a ríomh, ba cheart cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a láimhseáil mar ghnóthais árachais nó athárachais. Tugtar le tuiscint leis sin go ndéantar ceanglais chaipitil bharúlacha a ríomh le haghaidh na ngnóthas sin. Mar sin féin, níor cheart a thabhairt le tuiscint go brách leis na ríomhanna sin go gceanglaítear ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha na ceanglais chaipitil bharúlacha sin a chomhlíonadh ar an leibhéal aonair.

(90) Ní ann d'aon fhoráil dlí lena sonraítear conas grúpshócmhainneacht a ríomh nuair a úsáidtear teaglaim de mhodh 1 agus modh 2. Is é a thagann as sin cleachtais neamhréireacha agus éiginnteachtaí, go háirithe i ndáil leis an mbealach a ríomhtar an ranníocaíocht a dhéanann gnóthais árachais agus athárachais a áirítear trí mhodh 2 le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú conas atá grúpshócmhainneacht le ríomh nuair a úsáidtear teaglaim de mhodhanna. Chuige sin, níor cheart neamhaird a thabhairt ar aon riosca ábhartha a eascraíonn as gnóthais den sórt sin agus an ghrúpshócmhainneacht á ríomh. Mar sin féin, chun méaduithe ábhartha ar cheanglais chaipitil a sheachaint agus le cothroime iomaíochta a chaomhnú do ghrúpaí árachais nó athárachais ar an leibhéal domhanda, ba cheart a shoiléiriú, chun Ceanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, nach bhfuil aon mhuirear caipitil riosca cothromais le cur i bhfeidhm maidir leis na sealúchais sin. Ar an ábhar céanna, níor cheart muirear caipitil riosca airgeadra a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le luach na sealúchas sin de bhreis ar Cheanglais na ngnóthas gaolmhar sin maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. Ba cheart do ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirteacha a bheith in ann éagsúlú a chur san áireamh idir an riosca airgeadra sin agus rioscaí eile is bun le ríomh Cheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

(91) Faoi láthair, féadfaidh maoirseoirí grúpa tairseacha a chinneadh ar os a gcionn a mheastar idirbhearta inghrúpa agus comhchruinniú riosca a bheith suntasach bunaithe ar Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, ar fhorálacha teicniúla, nó orthu araon. Mar sin féin, d'fhéadfadh critéir rioscabhunaithe chainníochtúla nó cháilíochtúla eile, mar shampla cistí dílse incháilithe, a bheith iomchuí freisin chun na tairseacha a chinneadh. Dá bhrí sin, ba cheart níos mó solúbthachta a bheith ag maoirseoirí grúpa agus idirbheart inghrúpa suntasach nó comhchruinniú riosca suntasach á shainmhíniú acu.

(92) Is féidir le cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bheith ina máthairghnóthais ar ghrúpaí árachais nó athárachais. Sa chás sin, ceanglaítear go gcuirtear i bhfeidhm an mhaoirseacht ghrúpa ar bhonn staid chomhdhlúite na gcuideachtaí sealbhaíochta sin. Ós rud é nach mbíonn na gnóthais árachais ná athárachais atá faoi rialú na gcuideachtaí sealbhaíochta sin i gcónaí in ann comhlíonadh na gceanglas maidir le maoirseacht ghrúpa a áirithiú, is gá a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin iomchuí ag maoirseoirí grúpa chun a áirithiú go gcomhlíonann grúpaí Treoir 2009/138/CE. Dá bhrí sin, cosúil le leasuithe ar Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) a thugtar isteach le Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) le haghaidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais, ba cheart íostacar cumhachtaí a bheith ag maoirseoirí grúpa ar chuideachtaí sealbhaíochta, lena n-áirítear na cumhachtaí maoirseachta ginearálta is infheidhme maidir le gnóthais árachais agus athárachais chun críocha na maoirseachta grúpa.

(93) Chun na sealbhóirí polasaí a chosaint, ba cheart caitheamh go cothrom le gach grúpa árachais a oibríonn san Aontas, gan beann ar shuíomh cheannoifig a máthairghnóthais deiridh, agus maoirseacht ghrúpa faoi Theideal III de Threoir 2009/138/CE á cur i bhfeidhm. I gcás gnóthais árachais agus athárachais a bheith ina gcuid de ghrúpa a bhfuil ceannoifig a mháthairghnóthais i dtríú tír nach meastar a bheith coibhéiseach ná coibhéiseach go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 260 den Treoir sin, tá dúshlán níos mó ag baint le maoirseacht ghrúpa a fheidhmiú. D'fhéadfadh maoirseoirí grúpa a chinneadh 'modhanna eile' mar a ghairtear díobh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 262 den Treoir sin ar na grúpaí sin. Mar sin féin, níl na modhanna sin sainithe go soiléir agus tá na cuspóirí ba cheart a bhaint amach leis na modhanna eile sin éiginnte. Mura dtugtar aghaidh ar an bhfadhb sin, d'fhéadfadh éifeachtaí neamh-inmhianaithe a bheith mar thoradh uirthi i ndáil leis an gcothroime iomaíochta idir grúpaí a bhfuil a máthairghnóthas deiridh lonnaithe san Aontas agus grúpaí a bhfuil a máthairghnóthas deiridh lonnaithe i dtríú tír neamhchoibhéiseach. Dá bhrí sin, ba cheart críoch na modhanna eile a shonrú a thuilleadh, lena n-áirítear íostacar beart ba cheart do mhaoirseoirí grúpa a mheas. Go háirithe, ba cheart a éileamh leis na modhanna sin an leibhéal céanna cosanta do gach sealbhóir polasaí de chuid gnóthas árachais nó athárachais a bhfuil a gceannoifig acu san Aontas, gan beann ar shuíomh cheannoifig mháthairghnóthas deiridh an ghrúpa lena mbaineann na gnóthais árachais nó athárachais sin.

(94) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/981 ([17]) ón gCoimisiún tugadh isteach cóir fhabhrach le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha i gcothromas. Maidir leis an bhfomhodúl riosca cothromais bunaithe ar fhad tréimhse, arb é is aidhm dó freisin an riosca is ísle a léiriú a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i gcaitheamh tréimhse ionchasach níos faide, ach a bhfuil úsáid an-teoranta ag baint leis san Aontas, tá sé faoi réir critéir atá níos déine ná iad siúd is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí cothromais fadtéarmacha. Dá bhrí sin, is cosúil go dtagann an chatagóir stuamachta nua d'infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha roimh an ngá atá leis an bhfomhodúl riosca cothromais bunaithe ar fhad tréimhse atá ann cheana. Ós rud é nach gá dhá chóir fhabhracha leithleacha a choimeád ag a bhfuil an cuspóir céanna a bhaineann le hinfheistíochtaí fadtéarmacha a chúiteamh, ba cheart an fomhodúl riosca cothromais bunaithe ar fhad tréimhse a scriosadh. Mar sin féin, chun staid a sheachaint ina dtagann éifeachtaí díobhálacha as an scriosadh sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le clásal marthanachta maidir le hárachóirí a bhfuil an fomhodúl riosca cothromais bunaithe ar fhad tréimhse á chur i bhfeidhm acu faoi láthair.

(95) Chun uaillmhianta comhshaoil agus aeráide an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach ceanglaítear méideanna móra infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear ó ghnóthais árachais agus athárachais, a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe. Le forálacha Threoir 2009/138/CE maidir le ceanglais chaipitil, níor cheart bac a chur ar infheistíochtaí inbhuanaithe ó ghnóthais árachais agus athárachais ach ba cheart riosca iomlán na n-infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí atá díobhálach ó thaobh an chomhshaoil de a léiriú. Dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh i dtaobh an leor an fhianaise atá ar fáil maidir le difreálaigh riosca idir infheistíochtaí atá díobhálach ó thaobh an chomhshaoil de nó go sóisialta agus infheistíochtaí eile chun údar a thabhairt le láimhseáil stuamachta dhifreáilte. Chun measúnú iomchuí ar an bhfianaise ábhartha a áirithiú, ba cheart do ÚEAPC faireachán agus tuairisciú a dhéanamh faoin 1 Márta 2025 ar an bhfianaise ar an bpróifíl riosca atá ag infheistíochtaí atá

([15]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([16]) Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil (IO L 150, 7.6.2019, lch. 253).

([17]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/981 ón gCoimisiún an 8 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 161, 18.6.2019, lch. 1).

díobhálach ó thaobh an chomhshaoil de nó go sóisialta. I gcás inarb iomchuí, le tuarascáil ÚEÁPC ba cheart comhairle a thabhairt maidir le hathruithe ar Threoir 2009/138/CE agus ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlactar de bhun na Treorach sin. Ba cheart é a bheith indéanta go bhféadfaidh ÚEÁPC a fhiafraí freisin an mbeadh sé iomchuí rioscaí comhshaoil áirithe, seachas rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide, a chur san áireamh agus conas sin a dhéanamh. Mar shampla, dá mba léir sin ón bhfianaise, d'fhéadfadh ÚEÁPC anailís a dhéanamh ar an ngá le cás-anailísí mar a thugtar isteach leis an Treoir seo i gcomhthéacs rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a leathnú chuig rioscaí comhshaoil eile.

(96) Tá tionchar á imirt ag an athrú aeráide ar mhinicíocht agus ar dhéine tubaistí nádúrtha, ar dócha go ngéaróidh an péire a thuilleadh de dheasca díghrádú comhshaoil agus truailliú. D'fhéadfadh sé sin neamhchosaint na ngnóthas árachais agus athárachais ar an riosca tubaiste nádúrtha freisin a athrú agus a fhágáil go mbeadh na paraiméadair chaighdeánacha le haghaidh riosca tubaiste nádúrtha a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 neamhbhailí. Chun a áirithiú nach ann d'aon neamhréireacht mharthanach idir na paraiméadair chaighdeánacha le haghaidh riosca tubaiste nádúrtha agus neamhchosaint iarbhír na gcuideachtaí árachais agus athárachais ar na rioscaí sin, ba cheart do ÚEÁPC athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar raon feidhme an mhodúil riosca tubaiste nádúrtha agus ar chalabrúcháin a pharaiméadar caighdeánach. Chun na críche sin, ba cheart do ÚEÁPC an fhianaise is déanaí atá ar fáil ón eolaíocht aeráide a chur san áireamh agus, i gcás ina n-aimsítear neamhréireachtaí, ba cheart dó tuairim a chur faoi bhráid an Choimisiúin dá réir sin.

(97) Ba cheart na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 308b(12) de Threoir 2009/138/CE a leasú chun comhsheasmhacht leis an gcreat baincéireachta a áirithiú mar aon le cothroime iomaíochta maidir le láimhseáil neamhchosaintí ar rialtais láir nó bainc cheannais na mBallstát atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra intíre aon Bhallstáit. Chun na críche sin, ba cheart córas marthanachta le haghaidh na neamhchosaintí sin a thabhairt isteach chun na neamhchosaintí ábhartha a dhíolmhú ó mhuirir chaipitil maidir le riosca comhchruinnithe margaidh agus raoin difríochta, ar choinníoll gur tabhaíodh na neamhchosaintí roimh an 1 Eanáir 2023.

(98) I gcásanna áirithe, braitheann grúpaí árachais nó athárachais go mór ar úsáid an bhirt idirthréimhsigh maidir leis na rátaí úis saor ó riosca agus an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla. D'fhéadfaí bréagléiriú a thabhairt ar staid sócmhainneachta iarbhír an ghrúpa trína bheith ag brath ar bhearta idirthréimhseacha mar sin. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghrúpaí árachais nó athárachais nochtadh a dhéanamh ar an tionchar ar a staid sócmhainneachta a bhaineann le glacadh leis nach bhfuil cistí dílse a eascraíonn as na bearta idirthréimhseacha sin ar fáil chun Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach. Ba cheart an chumhacht a bheith ag údaráis mhaoirseachta freisin bearta iomchuí a dhéanamh chun go léireofar le húsáid na mbeart staid airgeadais an ghrúpa go hiomchuí. Leis na bearta sin, áfach, níor cheart difear a dhéanamh don úsáid a bhaineann gnóthais árachais nó athárachais ghaolmhara as na bearta idirthréimhseacha sin agus a gCeanglas aonair maidir le Caipiteal Sócmhainneachta á ríomh.

(99) Le Treoir 2009/138/CE déantar foráil maidir le bearta idirthréimhseacha le haghaidh na rátaí úis saor ó riosca agus maidir le forálacha teicniúla atá faoi réir formheas maoirseachta agus ag a bhfuil feidhm maidir le conarthaí as a dtagann oibleagáidí árachais agus athárachais a tugadh i gcrích roimh 2016. Cé gur cheart leis na bearta idirthréimhseacha gnóthais a spreagadh chun an Treoir sin a chomhlíonadh a luaithe is féidir, le cur i bhfeidhm beart idirthréimhseach a formheasadh den chéad uair i bhfad i ndiaidh 2016 is dócha go moilleofar an dul chun cinn i dtreo chomhlíonadh na Treorach sin. Dá bhrí sin, ba cheart an formheas sin ar úsáid na mbeart idirthréimhseach sin a theorannú do chásanna ina dtagann gnóthas árachais nó athárachais chun bheith faoi réir rialacha Threoir 2009/138/CE den chéad uair nó i gcás inar ghlac gnóthas punann de chonarthaí árachais nó athárachais agus inar chuir an gnóthas aistritheach beart idirthréimhseach i bhfeidhm, roimh an aistriú, i leith na n-oibleagáidí a bhaineann leis an bpunann sin.

(100) Chun forbairtí sa mhargadh a chur san áireamh agus ar mhaithe le gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe den Treoir seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na gcritéar le haghaidh gnóthais bheaga neamhchasta agus grúpaí a shainaithint, i dtaca leis an tslí a gcaitear leis an riosca a ghabhann le cripteashócmhainní san fhomhodúil riosca margaidh, i dtaca leis na soiléirithe maidir le hinfheistíochtaí fadtéarmacha, i dtaca leis na critéir maidir le tuairisciú maoirseachta teoranta le haghaidh gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, i dtaca le luacháil stuama chinnteachaíoch ar an meastachán is fearr, i dtaca le cur i bhfeidhm an chur chuige shimplithe chun grúpshócmhainneacht a ríomh, i dtaca leis an bhfaisnéis atá le cur san áireamh i dtuarascáil thráthrialta mhaoirseachta an ghrúpa, agus i dtaca leis na spriocdhátaí tuairiscithe a shíneadh in imthosca eisceachtúla. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(101) Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sonrú breise a dhéanamh ar na tosca a bheidh le meas ag na húdaráis mhaoirseachta chun an caidreamh idir gnóthais éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de ghrúpa a shainaithint. Ba cheart don Choimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála a fhorbróidh ÚEÁPC a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbróidh ÚEÁPC a ghlacadh maidir le roinnt gnéithe modheolaíochta sonracha a bhaineann le luacháil stuama chinnteachaíoch ar an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí saoil, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

(102) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon dreasachtaí a sholáthar d'árachóirí chun rannchuidiú le maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach an gheilleagair, íogaireacht i leith riosca a fheabhsú, luaineacht ghearrthéarmach iomarcach i staideanna sócmhainneachta árachóirí a mhaolú, cáilíocht, comhsheasmhacht agus comhordú na maoirseachta árachais ar fud an Aontais a fheabhsú agus cosaint sealbhóirí polasaí agus tairbhithe a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar charnadh féideartha riosca shistéamaigh san earnáil árachais ar bhealach níos fearr, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(103) Rinneadh tríú tír den Ríocht Aontaithe an 1 Feabhra 2020 agus scoir dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2020. Ós rud é go bhfuil forálacha éagsúla i dTreoir 2009/138/CE lena dtéitear i ngleic le sonraíochtaí Ballstát ar leith, i gcás ina mbaineann na forálacha sin go sonrach leis an Ríocht Aontaithe, tháinig siad chun bheith imithe i léig agus ba cheart dá bhrí sin iad a scriosadh.

(104) Is minic a bhíonn na calabrúcháin a úsáidtear le haghaidh na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún bunaithe ar shonraí a bhfuil tionchar mór ag cuimsiú sonraí ó mhargadh na Ríochta Aontaithe orthu. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar gach calabrú a úsáidtear chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus an tÍoscheanglas Caipitil a ríomh chun a chinneadh an bhfuil siad ag brath go míchuí ar shonraí ó mhargadh na Ríochta Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ba cheart sonraí den sórt sin a bhaint as na tacair sonraí ábhartha, mura bhfuil aon sonraí eile ar fáil.

(105) Ba cheart a áirithiú go léireoidh láimhseáil stuamachta infheistíochtaí in urrúsú, lena n-áirítear urrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe, na rioscaí iarbhír go hiomchuí, agus go mbeidh na ceanglais chaipitil a bhaineann le hinfheistíochtaí mar sin dírithe ar riosca. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá na calabrúcháin atá ann cheana le haghaidh infheistíochtaí in urrúsú a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Threoir 2009/138/CE, agus na sonraí margaidh atá ar fáil á gcur san áireamh, agus a gcomhsheasmhacht le ceanglais chaipitil is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí in urrúis ioncaim sheasta eile. Ar bhonn measúnú den sórt sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún féachaint le leasú a dhéanamh ar an ngníomh tarmligthe lena socraítear na ceanglais chaipitil is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí in urrúsú. D'fhéadfaí a áireamh ar na leasuithe sin, ar cheart iad a bheith rioscabhunaithe agus fianaisebhunaithe, tacar tosca riosca níos mionsonraithe a thabhairt isteach ag brath ar rangú na dtráinsí urrúsúcháin, nó idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla urrúsúcháin nach urrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe é ag brath ar na rioscaí a bhaineann leo.

(106) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/138/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/138/CE

Leasaítear Treoir 2009/138/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(iv):

'(iv) cineálacha buanárachais sláinte nach bhfuil faoi réir cealú agus ar ann dóibh faoi láthair in Éirinn;';

(2) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

'(a) ní mó ná EUR 15 000 000 ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn de chuid an ghnóthais;

(b) ní mó ná EUR 50 000 000 iomlán fhorálacha teicniúla an ghnóthais, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76;

(c) i gcás ina mbaineann an gnóthas le grúpa, ní mó ná EUR 50 000 000 iomlán fhorálacha teicniúla an ghrúpa, a shainmhínítear mar fhigiúr atá comhlán arna méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin shainchuspóireacha,';

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) soláthraítear an cúnamh i gcás timpiste nó cliseadh a bhaineann le feithicil bhóthair nuair a tharlaíonn an timpiste nó an cliseadh i gcríoch Bhallstát an ghnóthais a sholáthraíonn cumhdach nó na dtíortha comharsanacha;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (b)(i) agus (b)(ii), maidir leis an gcoinníoll gur gá gur i gcríoch Bhallstát an ghnóthais a sholáthraíonn cumhdach a tharla an timpiste nó an cliseadh, ní bheidh feidhm aige sin i gcás inar comhalta an tairbhí den chomhlacht a sholáthraíonn cumhdach agus ina soláthraítear seirbhís i leith cliseadh nó iompar na feithicle ar chárta ballraíochta a bheith á thaispeáint agus gan ach sin a dhéanamh, gan aon phréimh bhreise a bheith á híoc, ag comhlacht comhchosúil sa tír lena mbaineann ar bhonn comhaontú cómhalartach.';

(c) scriostar mír 3;

(4) in Airteagal 8, scriostar pointe (3);

(5) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) i bpointe (7), scriostar pointe (b);

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(10a) ciallaíonn "gnóthas beag neamhchasta" gnóthas árachais nó athárachais, lena n-áirítear gnóthas árachais faoi chuing nó gnóthas athárachais faoi chuing, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29a agus a aicmíodh amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 29b;

(10b) ciallaíonn "grúpa beag neamhchasta" grúpa a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 213a agus atá aicmithe amhlaidh ag an maoirseoir grúpa de bhun mhír 2 den Airteagal sin;

(10c) ciallaíonn "iniúchóir reachtúil" iniúchóir reachtúil de réir bhrí Airteagal 2, pointe (2), de Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(10d) ciallaíonn "gnólacht iniúchóireachta" gnólacht iniúchóireachta de réir bhrí Airteagal 2, pointe (3), de Threoir 2006/43/CE;

(*) Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (15) agus (16):

'(15) ciallaíonn "máthairghnóthas" máthairghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (2) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), nó gnóthas a mheasann údaráis mhaoirseachta a bheith ina mháthairghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 212(2) nó Airteagal 214(5) nó (6) den Treoir seo;

(16) ciallaíonn "foghnóthas" aon fhoghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (2) de Threoir 2013/34/AE, lena n-áirítear fochuideachtaí díobh, nó gnóthas atá le meas ag údaráis mhaoirseachta mar fhoghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 212(2) nó Airteagal 214(5) nó (6) den Treoir seo;

(*) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).';

(d) i bpointe (18), cuirtear na focail 'Airteagal 22(1) agus (2) de Threoir 2013/34/AE' in ionad na bhfocal 'Airteagal 1 de Threoir 83/349/CEE';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (19):

'(19) ciallaíonn "idirbheart inghrúpa" aon idirbheart trína mbraitheann gnóthas árachais nó athárachais, gnóthas árachais nó athárachais tríú tír, cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, go díreach nó go hindíreach, ar ghnóthais eile laistigh den ghrúpa céanna nó ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá nasctha leis na gnóthais laistigh den ghrúpa sin le dlúthnaisc, chun oibleagáid a chomhlíonadh, bíodh sí conarthach nó ná bíodh, agus bíodh sí le haghaidh íocaíochta nó ná bíodh;';

(f) leasaítear pointe (22) mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear na focail 'Airteagal 4(1), pointe (21), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) in ionad na bhfocal "Airteagal 4(1)(14) de Threoir 2004/39/CE"

(*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).';

(ii) i bpointe (b)(i), cuirtear na focail 'Treoir 2014/65/AE' in ionad na bhfocal 'Treoir 2004/39/CE';

(g) leasaítear pointe (25) mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear na focail 'Airteagal 4(1), pointí (1), (18) agus (26), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) in ionad na bhfocal 'Airteagal 4(1), (5) agus (21) de Threoir 2006/48/CE'

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).';

(ii) i bpointe (c), cuirtear na focail 'Treoir 2014/65/AE' in ionad na bhfocal 'Treoir 2004/39/CE';

(h) leasaítear pointe (27) mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c)(ii):

'(ii) glanláimhdeachas, de réir bhrí Airteagal 2, pointe (5), de Threoir 2013/34/AE, de EUR 13 600 000;';

(ii) sa dara fomhír, cuirtear na focail 'Treoir 2013/34/AE' in ionad na bhfocal 'Treoir 83/349/CEE';

(i) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(41) ciallaíonn "gnóthas rialáilte" eintiteas rialáilte de réir bhrí Airteagal 2, pointe (4), de Threoir 2002/87/CE nó institiúid um sholáthar pinsean ceirde de réir bhrí Airteagal 6, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/2341;

(42) ciallaíonn “cripteashócmhainn” cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(43) ciallaíonn “beart comhréireachta” aon cheann de na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 35(5a), Airteagal 41, Airteagal 45(1b), Airteagal 45(5), Airteagal 45a(5), Airteagal 51(6), Airteagal 51a(1), Airteagal 77(8) agus Airteagal 144a(4) nó aon bheart dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na Treorach seo is infheidhme go sainráite maidir le gnóthais bheaga neamhchasta i gcomhréir le hAirteagal 29c;

(44) ciallaíonn “riosca inbhuanaitheachta” teagmhas nó dáil ó thaobh an chomhshaoil nó an rialachais de, nó teagmhas nó dáil shóisialta, dá dtarlódh a leithéid, a d’fhéadfadh tionchar diúltach iarbhír nó ionchasach a imirt ar luach na hinfheistíochta nó ar luach an dliteanais;

(45) ciallaíonn “tosca inbhuanaitheachta” tosca inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24), de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

(*) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

(**) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).’;

(6) in Airteagal 18(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(i) a léiriú cibé acu ar diúltaíodh nó ar aistarraingíodh iarratas i mBallstát eile ar údarú chun dul i mbun ghnó an árachais dhírigh nó an athárachais dhírigh nó chun dul i mbun gnó gnóthais rialáilte nó dáileora árachais eile, agus na cúiseanna leis an diúltú nó leis an aistarraingt.’;

(7) in Airteagal 23(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(f) na Ballstáit, na tríú tíortha agus, i gcás ina dtugtar údaruithe chun dul i mbun ghnó an árachais nó athárachais agus iad a shaothrú ar leibhéal na limistéar geografach laistigh de thríú tíortha, limistéir gheografacha ábhartha na dtríú tíortha sin, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an ngnóthas árachais nó athárachais lena mbaineann oibriú.’;

(8) in Airteagal 24(2), an dara fomhír, cuirtear na focail ‘Treoir 2014/65/AE’ in ionad na bhfocal ‘Treoir 2004/39/CE’;

(9) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

‘Déanfar foráil den sórt sin freisin maidir le cásanna nár dhéileáil na húdaráis mhaoirseachta le hiarratas ar údarú laistigh de 6 mhí, nó, i gcás measúnú comhpháirteach de bhun Airteagal 26(4), laistigh de 8 mí ón dáta a fuarthas é.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Gach diúltú ar údarú, lena n-áirítear sainaithint an ghnóthais is iarratasóir agus na cúiseanna leis an diúltú, tabharfar fógra faoi don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) (ÚEÁPC) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Coimeádfaidh ÚEÁPC bunachar sonraí a thabharfar cothrom le dáta ina mbeidh an fhaisnéis sin agus deonóidh sé rochtain ar an mbunachar sonraí sin d’údaráis mhaoirseachta.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).’;

(10) in Airteagal 25a, cuirtear na focail ‘do ÚEÁPC’ in ionad na bhfocal ‘don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) (“ÚEÁPC”) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([1])’;

(11) in Airteagal 26, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. I gcás inar gá dul i gcomhairle le níos mó ná údarás maoirseachta amháin de bhun mhír 1, féadfaidh aon údarás maoirseachta lena mbaineann, laistigh de mhí amháin ón dáta a fuarthas an iarraidh, iarraidh ar údarás maoirseachta Bhallstát baile an ghnóthais a bhfuil an t-údarú á lorg aige measúnú a dhéanamh go comhpháirteach ar an iarratas ar údarú. Cuirfidh údarás maoirseachta Bhallstát baile an ghnóthais a bhfuil an t-údarú á lorg aige conclúidí an mheasúnaithe chomhpháirtigh san áireamh agus a chinneadh críochnaitheach á dhéanamh aige.’;

(12) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gnó gnóthais árachais nó athárachais, go háirithe i ndáil le gnóthais a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta.

4. Leis na gníomhartha tarmligthe agus na caighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, cuirfear prionsabal na comhréireachta san áireamh, rud a áiritheoidh, ar an gcaoi sin, go ndéanfar an Treoir seo a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, go háirithe i ndáil le gnóthais bheaga neamhchasta.

Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna dtíolacadh ag ÚEÁPC i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán sin, agus leis na treoirlínte agus leis na moltaí a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin, áiritheofar go ndéanfar an Treoir seo a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, go háirithe i ndáil le gnóthais bheaga neamhchasta.

5. Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 301a, lena sonrófar:

(a) na critéir a leagtar síos in Airteagal 29a(1), lena n-áirítear an cur chuige chun an tsuim dá dtagraítear i bpointí (a)(iv), (b)(v) agus (c)(vii) de a ríomh;

(b) an mhodheolaíocht atá le húsáid agus gnóthais á n-aicmiú mar ghnóthais bheaga neamhchasta; agus

(c) na coinníollacha i dtaca le formheas maoirseachta a dheonú nó a tharraingt siar i ndáil le bearta comhréireachta atá le húsáid ag gnóthais nach n-aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta dá dtagraítear in Airteagal 29d.’;

(13) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 29a*

Critéir chun gnóthais bheaga neamhchasta a shainaithint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-aicmeofar gnóthais mar ghnóthais bheaga neamhchasta, i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach in Airteagal 29b, i gcás, ar feadh an 2 bhliain airgeadais as a chéile díreach roimh an aicmiú sin, ina gcomhlíonann na gnóthais na critéir seo a leanas:

(a) i gcás gnóthais a shaothraíonn gníomhaíochtaí saoil agus i gcás gnóthais a shaothraíonn idir ghníomhaíochtaí saoil agus ghníomhaíochtaí eile nach gníomhaíochtaí saoil iad arb ionann a bhforálacha teicniúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí saoil agus 20 % nó níos mó de chomhlán fhorálacha teicniúla, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76, agus arb ionann a n-ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a bhaineann leis na gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad agus níos lú ná 40 % den ollphréimh iomlán bhliantúil i scríbhinn, comhlíonfar na critéir uile seo a leanas:

(i) níl an fomhodúl riosca ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 105(5), an dara fomhír, pointe (a), níos airde ná 5 % de na forálacha teicniúla, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76;

(ii) tá ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn ó ghnó atá frithgheallta i mBallstáit seachas an Ballstát baile ina bhfuair an gnóthas a údarú i gcomhréir le hAirteagal 14 níos ísle ná ceachtar de na tairseacha seo a leanas:

(1) EUR 20 000 000;

(2) 10 % dá ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn;

(iii) forálacha teicniúla ó na gníomhaíochtaí saoil, comhlán arna méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76, níl siad níos airde ná EUR 1 000 000 000;

(iv) níl suim na nithe seo a leanas níos airde ná 20 % de na hinfheistíochtaí iomlána:

(1) an modúl riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 105(5);

(2) an chuid den mhodúl riosca mainneachtana contrapháirtí dá dtagraítear in Airteagal 105(6), a chomhfhreagraíonn do neamhchosaintí ar urrúsuithe, díorthaigh, earraí infhaighte ó idirghabhálaithe agus sócmhainní infheistíochta eile nach gcumhdaítear san fhomhodúl riosca raoin difríochta;

(3) aon cheanglas caipitil is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní doláimhsithe nach gcumhdaítear leis na modúil riosca margaidh agus riosca mainneachtana contrapháirtí;

(v) níl an t-athárachas a ghlacann an gnóthas os cionn 50 % dá ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn;

(vi) comhlíontar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

(b) i gcás gnóthais a shaothraíonn gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad agus i gcás gnóthais a shaothraíonn gníomhaíochtaí saoil agus gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad arb ionann a n-ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a bhaineann leis na gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad agus 40 % nó níos mó dá n-ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn agus arb ionann a bhforálacha teicniúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí saoil agus níos lú ná 20 % dá bhforálacha teicniúla iomlána, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76, comhlíonfar na critéir uile seo a leanas:

(i) le 3 bliana anuas is lú ná 100 % an meánmhéid cóimheasa chomhcheangailte glan ar athárachas a bhaineann le gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad;

(ii) tá ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn ó ghnó atá frithgheallta i mBallstáit seachas an Ballstát baile ina bhfuair an gnóthas a údarú i gcomhréir le hAirteagal 14 níos ísle ná ceachtar de na tairseacha seo a leanas:

(1) EUR 20 000 000;

(2) 10 % dá ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn;

(iii) ní mó an t-ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a bhaineann le gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad ná EUR 100 000 000;

(iv) ní mó suim na n-ollphréimheanna bliantúla i scríbhinn in aicmí 5 go 7, 11, 12, 14 agus 15 i gCuid A d'Iarscríbhinn I ná 30 % de na préimheanna iomlána bliantúla i scríbhinn i leith gnó i ngníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad;

(v) ní mó suim na nithe seo a leanas ná 20 % de na hinfheistíochtaí iomlána:

(1) an modúl riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 105(5);

(2) an chuid den mhodúl riosca mainneachtana contrapháirtí dá dtagraítear in Airteagal 105(6), a chomhfhreagraíonn do neamhchosaintí ar urrúsuithe, díorthaigh, earraí infhaighte ó idirghabhálaithe agus sócmhainní infheistíochta eile nach gcumhdaítear san fhomhodúl riosca raoin difríochta;

(3) aon cheanglas caipitil is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní doláimhsithe nach gcumhdaítear leis na modúil riosca margaidh agus riosca mainneachtana contrapháirtí;

(vi) níl an t-athárachas a ghlacann an gnóthas os cionn 50 % dá ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn;

(vii) comhlíontar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

(c) i gcás gnóthais a shaothraíonn gníomhaíochtaí saoil agus gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad araon arb ionann a bhforálacha teicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil agus 20 % nó níos mó dá bhforálacha teicniúla iomlána, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76, agus arb ionann a n-ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a bhaineann leis na gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad agus 40 % nó níos mó dá n-ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn, comhlíonfar na critéir uile seo a leanas:

(i) níl an fomhodúl riosca ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 105(5), an dara fomhír, pointe (a), níos airde ná 5 % de na forálacha teicniúla, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76;

(ii) le 3 bliana anuas is lú ná 100 % an meánmhéid cóimheasa chomhcheangailte glan ar athárachas a bhaineann le gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad;

(iii) forálacha teicniúla ó na gníomhaíochtaí saoil, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76, níl siad níos airde ná EUR 1 000 000 000;

(iv) níl ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn ó ghníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad níos airde ná EUR 100 000 000;

(v) tá ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn ó ghnó atá frithgheallta i mBallstáit seachas an Ballstát baile ina bhfuair an gnóthas a údarú i gcomhréir le hAirteagal 14 níos ísle ná ceachtar de na tairseacha seo a leanas:

(1) EUR 20 000 000;

(2) 10 % dá ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn;

(vi) níl suim na hollphréimhe bliantúla i scríbhinn in aicmí 5 go 7, 11, 12, 14 agus 15 i gCuid A d'Iarscríbhinn I níos airde ná 30 % de na préimheanna iomlána bliantúla i scríbhinn i leith gnó i ngníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí saoil iad;

(vii) níl suim na nithe seo a leanas níos airde ná 20 % de na hinfheistíochtaí iomlána:

(1) an modúl riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 105(5);

(2) an chuid den mhodúl riosca mainneachtana contrapháirtí dá dtagraítear in Airteagal 105(6), a chomhfhreagraíonn do neamhchosaintí ar urrúsuithe, díorthaigh, earraí infhaighte ó idirghabhálaithe agus sócmhainní infheistíochta eile nach gcumhdaítear san fhomhodúl riosca raoin difríochta;

(3) aon cheanglas caipitil is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní doláimhsithe nach gcumhdaítear leis na modúil riosca margaidh agus riosca mainneachtana contrapháirtí;

(viii) ní mó an t-athárachas a ghlacann an gnóthas ná 50 % dá ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn;

(ix) comhlíontar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

Ní bheidh feidhm ag na critéir a leagtar síos i bpointí (a)(ii) agus (v), i bpointí (b)(ii) agus (vi), agus i bpointí (c)(v) agus (viii) den chéad fhomhír maidir le gnóthais árachais faoi chuing nó gnóthais athárachais faoi chuing.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, aicmeofar freisin gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing mar ghnóthais bheaga neamhchasta i gcás nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos sa chéad fhomhír ar choinníoll go gcomhlíonann siad an dá chritéar seo a leanas:

(a) is é atá i gceist leis na daoine árachaithe agus na tairbhithe aon duine díobh seo a leanas:

(i) eintitis dhlítheanacha den ghrúpa ar cuid de é an gnóthas árachais faoi chuing nó an gnóthas athárachais faoi chuing,

(ii) daoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa sin, ar choinníoll go bhfanann an gnó a chumhdaíonn na daoine nádúrtha sin faoi bhun 5 % d'fhorálacha teicniúla;

(b) na hoibleagáidí árachais agus na conarthaí árachais is bun le hoibleagáidí athárachais an ghnóthais árachais faoi chuing nó an ghnóthais athárachais faoi chuing, ní chuimsíonn siad aon árachas dliteanais tríú páirtí éigeantach.

2. Maidir le gnóthais a fuair údarú i gcomhréir le hAirteagal 14 laistigh den 2 bhliain airgeadais deiridh, déanfar measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo i leith na bliana airgeadais deiridh roimh an aicmiú, nó i gcás ina bhfuarthas an t-údarú laistigh den 12 mhí deiridh, an scéim oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 23.

3. Ní aicmeofar go brách na gnóthais seo a leanas mar ghnóthais bheaga neamhchasta:

(a) gnóthais a úsáideann samhail inmheánach pháirteach nó iomlán fhormheasta chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le samhlacha inmheánacha iomlána agus páirteacha a leagtar amach i gCaibidil VI, Roinn 4, Foroinn 3;

(b) gnóthais ar máthairghnóthais iad ar ilchuideachta airgeadais de réir bhrí Airteagal 2, pointe (14), de Threoir 2002/87/CE nó ar ghrúpa de réir bhrí Airteagal 212 den Treoir seo, a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leis i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointe (a) nó (b), den Treoir seo mura rud é go n-aicmítear an grúpa mar ghrúpa beag neamhchasta;

(c) gnóthais ar máthairghnóthas iad ar ghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 228(1), pointí (a) go (e);

(d) gnóthais a bhainistíonn grúpchistí pinsin de réir bhrí Airteagal 2(3), pointí (b)(iii) agus (b)(iv), i gcás inar mó ná EUR 1 000 000 000 luach sócmhainní na ngrúpchistí pinsin.

Airteagal 29b

Próiseas aicmiúcháin le haghaidh gnóthais a chomhlíonann na critéir

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gnóthais a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 29a fógra a thabhairt don údarás maoirseachta faoin gcomhlíonadh sin d'fhonn a bheith aicmithe mar ghnóthais bheaga neamhchasta.

2. Maidir leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh an gnóthas faoi bhráid údarás maoirseachta an Bhallstáit a dheonaigh an réamhúdarú dá dtagraítear in Airteagal 14 é. Áireofar an méid uile seo a leanas san fhógra sin:

(a) fianaise gur comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 29a is infheidhme maidir leis an ngnóthas sin;

(b) dearbhú nach mbeartaíonn an gnóthas aon athrú straitéiseach as a dtiocfadh neamhchomhlíonadh i ndáil le haon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 29a laistigh den chéad 3 bliana eile;

(c) na bearta comhréireachta a chuirfidh an gnóthas chun feidhme a shainaithint, go háirithe má bheartaítear an simpliú ar an meastachán is fearr a úsáid agus cibé acu a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn an gnóthas an modh simplithe a úsáid chun forálacha teicniúla a leagtar síos in Airteagal 77(8) a ríomh.

3. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta cur in aghaidh an aicmiúcháin mar ghnóthas beag neamhchasta laistigh de 2 mhí ón bhfógra iomlán dá dtagraítear i mír 1 a fháil ar fhorais a bhaineann go heisiach le haon cheann díobh seo a leanas:

(a) neamhchomhlíonadh na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 29a;

(b) neamhchomhlíonadh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, arna mheasúnú d'uireasa úsáid aon cheann de na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear in Airteagal 77a(2), in Airteagal 308c, in Airteagal 308d nó, i gcás inarb ábhartha, in Airteagal 111(1), an dara fomhír;

(c) nuair is ionann an gnóthas agus níos mó ná 5 % den mhargadh árachais agus athárachais saoil nó, de réir mar is infheidhme, den mhargadh árachais agus athárachais neamhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 35a(1), an dara fomhír, i mBallstát baile an ghnóthais.

4. Luafar in aon chinneadh ón údarás maoirseachta cur i gcoinne an aicmithe mar ghnóthas beag neamhchasta na cúiseanna atá leis sin agus cuirfear in iúl i scríbhinn don ghnóthas lena mbaineann é.

In éagmais cinneadh den sórt sin, aicmeofar an gnóthas mar ghnóthas beag neamhchasta amhail ó dheireadh na tréimhse 2 mhí dá dtagraítear i mír 3.

I gcás, roimh dheireadh na tréimhse 2 mhí dá dtagraítear i mír 3, inar eisigh an t-údarás maoirseachta cinneadh lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na critéir, aicmeofar an gnóthas mar ghnóthas beag neamhchasta ó dháta an chinnidh sin.

5. Maidir le hiarrataí a fhaigheann údaráis mhaoirseachta laistigh den chéad 6 mhí ón 30 Eanáir 2027, déanfar an tréimhse dá dtagraítear i mír 3 a fhadú 4 mhí.

6. Aicmeofar gnóthas mar ghnóthas beag neamhchasta a fhad a mhairfidh an t-aicmiú sin i gcomhréir leis an mír seo.

I gcás nach gcomhlíonfaidh gnóthas beag neamhchasta aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 29a(1) a thuilleadh, cuirfidh sé an t-údarás maoirseachta ar an eolas faoi gan mhoill. I gcás ina leanfaidh an neamhchomhlíonadh sin de bheith ann go leanúnach i gcaitheamh 2 bhliain as a chéile, cuirfidh an gnóthas é sin in iúl don údarás maoirseachta, agus scoirfidh sé de bheith aicmithe mar ghnóthas beag neamhchasta ón mbliain airgeadais ina dhiaidh sin ar aghaidh.

I gcás ina gcomhlíonann gnóthas a aicmíodh mar ghnóthas beag neamhchasta aon cheann de na critéir eisiamh a leagtar amach in Airteagal 29a(3), cuirfidh an gnóthas sin an méid sin iúl don údarás maoirseachta gan mhoill agus scoirfidh sé de bheith aicmithe mar ghnóthas beag neamhchasta ón mbliain airgeadais ina dhiaidh sin amach.

Airteagal 29c

Bearta comhréireachta arna n-úsáid ag gnóthais a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gnóthais a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta gach beart comhréireachta a úsáid.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil údair imní thromchúiseacha ag an údarás maoirseachta maidir leis an bpróifíl riosca atá ag gnóthas beag neamhchasta, féadfaidh an t-údarás maoirseachta a iarraidh ar an ngnóthas lena mbaineann staonadh ó cheann amháin nó níos mó de na bearta comhréireachta a úsáid ar choinníoll go dtugtar údar cuí i scríbhinn leis an iarraidh agus tagairt á déanamh do na húdair imní shonracha a bhaineann le próifíl riosca an ghnóthais. Measfar gur ann d'údar imní tromchúiseach sna cásanna seo a leanas:

(a) ní chomhlíontar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a thuilleadh, nó tá riosca ann nach gcomhlíontar é sna 3 mhí ina dhiaidh sin a ndearnadh measúnú orthu, i gcás inarb infheidhme, d'uireasa úsáid aon cheann de na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear in Airteagal 77a(2), in Airteagal 308c, in Airteagal 308d nó, i gcás inarb ábhartha, in Airteagal 111(1), an dara fomhír;

(b) níl córas rialachais an ghnóthais éifeachtach de réir bhrí Airteagal 41; nó

(c) d'fhéadfadh neamhchomhlíonadh suntasach aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 29a(1) a bheith mar thoradh ar athruithe ábhartha ar phróifíl riosca an ghnóthais.

Airteagal 29d

Bearta comhréireachta arna n-úsáid ag gnóthais nach n-aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta

1. Gnóthais árachais agus athárachais nach n-aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad úsáid a bhaint as na bearta comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 35(5a), Airteagal 41, Airteagal 45(1b), Airteagal 45(5), Airteagal 77(8) agus Airteagal 144a(4) agus na bearta comhréireachta dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na Treorach seo atá infheidhme go sainráite araon maidir le gnóthais bheaga neamhchosanta i gcomhréir le hAirteagal 29c agus arna sainaithint chun críocha an Airteagail seo, faoi réir formheas a fháil roimh ré ón údarás maoirseachta.

Cuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais iarraidh i scríbhinn faoi bhráid an údaráis maoirseachta lena formheas. Áireofar an méid seo a leanas san iarraidh sin:

(a) liosta na mbeart comhréireachta a bheartaítear a úsáid agus na cúiseanna a bhfuil údar lena n-úsáid i ndáil le cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gnó an ghnóthais;

(b) aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le próifíl riosca an ghnóthais;

(c) dearbhú nach bhfuil sé beartaithe ag an ngnóthas aon athrú straitéiseach a dhéanamh a mbeadh tionchar aige ar phróifíl riosca an ghnóthais laistigh den chéad 3 bliana eile.

2. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, laistigh de 2 mhí tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, a fháil, measúnú ar an iarraidh agus cuirfidh sé an gnóthas ar an eolas faoina fhormheas nó faoina dhiúltú, agus faoi na bearta comhréireachta ar formheasadh a n-úsáid. I gcás ina bhformheasfaidh an t-údarás maoirseachta úsáid beart comhréireachta faoi théarmaí nó faoi choinníollacha áirithe, beidh na cúiseanna leis na téarmaí agus na coinníollacha sin sa chinneadh formheasa. Tabharfar fógra i scríbhinn faoi chinneadh ón údarás maoirseachta cur i gcoinne úsáid ceann amháin nó níos mó de na bearta comhréireachta a liostaítear san iarraidh, agus luafar na cúiseanna atá le cinneadh an údaráis maoirseachta. Beidh na cúiseanna sin nasctha le próifíl riosca an ghnóthais,

3. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta aon fhaisnéis bhreise a iarraidh is gá chun an measúnú dá dtagraítear i mír 2 a chur i gcrích. Cuirfear an tréimhse dá dtagraítear sa mhír sin ar fionraí ar feadh na tréimhse idir dáta na chéad iarrata ar fhaisnéis ó na húdaráis mhaoirseachta agus an dáta a gheobhaidh an gnóthas lena mbaineann freagra uirthi. Ní thiocfaidh fionraí ar an tréimhse measúnaithe as aon iarraidh bhreise ón údarás maoirseachta.

4. Maidir le hiarrataí a fhaigheann údaráis mhaoirseachta roimh an 31 Iúil 2027, 4 mhí a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear i mír 2.

5. Maidir le formheas chun úsáid a bhaint as bearta comhréireachta, féadfar é a leasú nó a aistarraingt aon tráth má thagann athrú ar phróifíl riosca an ghnóthais árachais nó athárachais. Luafar in aon chinneadh ón údarás maoirseachta an formheas sin a leasú nó a aistarraingt na cúiseanna atá leis sin, agus cuirfear in iúl i scríbhinn don ghnóthas lena mbaineann é.

Airteagal 29e

Faireachán a dhéanamh ar úsáid beart comhréireachta

1. Laistigh de bhliain amháin óna n-aicmiú mar ghnóthais bheaga neamhchasta, tuairisceoidh gnóthais árachais agus athárachais dá n-údaráis mhaoirseachta faisnéis maidir leis na bearta comhréireachta a úsáidtear mar chuid den fhaisnéis atá le soláthar chun críoch maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 35. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag gnóthais den sórt sin athrú a dhéanamh ar liosta na mbeart comhréireachta atá le húsáid, tabharfaidh siad fógra láithreach dá n-údaráis mhaoirseachta.

2. I gcás ina gcinnfidh gnóthais árachais agus athárachais a úsáideann bearta comhréireachta de bhun Airteagal 29d scor d'aon bhearta den sórt sin a úsáid, cuirfidh siad a n-údaráis mhaoirseachta ar an eolas faoi sin.

3. Gnóthais árachais agus athárachais a chuireann i bhfeidhm aon bhearta comhréireachta a chomhfhreagraíonn do bhearta atá ann cheana faoin Treoir seo faoin 28 Eanáir 2025, féadfaidh siad leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm gan na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 29b, 29c agus 29d a chur i bhfeidhm, ar feadh tréimhse nach faide ná 4 bliana airgeadais.';

(14) in Airteagal 30(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Áireofar i maoirseacht airgeadais de bhun mhír 1 fíorú, i leith ghnó iomlán an ghnóthais árachais agus athárachais, a chórais rialachais, a staide sócmhainneachta, bunú forálacha teicniúla, a shócmhainní agus na gcistí dílse incháilithe, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos nó leis na cleachtais a leantar sa Bhallstát baile faoi fhorálacha a ghlactar ar leibhéal an Aontais.';

(15) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis is gá chun críoch maoirseachta a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta, agus cuspóirí na maoirseachta a leagtar síos in Airteagail 27 agus 28 agus prionsabail ghinearálta na maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 29, go háirithe prionsabal na comhréireachta, á gcur san áireamh.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'5a. Agus an fhaisnéis a cheanglaítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus na prionsabail a leagtar amach i mír 4 á gcur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh gnóthais árachais agus athárachais tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta faoi bhráid na n-údarás maoirseachta ina gcuimseofar faisnéis maidir le gnó agus feidhmíocht, córas rialachais, próifíl riosca, luacháil chun críoch sócmhainneachta agus bainistiú caipitil an ghnóthais i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe.

Is mar a leanas a bheidh minicíocht na tuarascála tráthrialta maoirseachta:

(a) i gcás gnóthais bheaga neamhchasta, gach 3 bliana, nó, i gcás ina gceadóidh an t-údarás maoirseachta é, suas le gach 5 bliana;

(b) i gcás gnóthais árachais agus athárachais seachas gnóthais bheaga neamhchasta, gach 3 bliana.

Chun críocha phointe (b) den dara fomhír, má mheastar gur gá sin, féadfaidh údarás maoirseachta a cheangal ar ghnóthais faoi mhaoirseacht tuairisciú a dhéanamh níos minice.';

(c) scriostar míreanna 6, 7 agus 8;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo;

(b) na critéir maidir le tuairisciú maoirseachta teoranta le haghaidh gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing i bhfianaise chineál, scála agus chastacht rioscaí na gcineálacha sonracha gnóthas sin d'fhonn cóineasú an tuairiscithe maoirseachta a áirithiú, a mhéid is iomchuí.';

(e) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme i leith tuairisciú tráthrialta maoirseachta maidir leis na teimpléid chun faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, lena n-áirítear na tairseacha rioscabhunaithe lena mbunaítear an truicear le haghaidh ceanglais tuairiscithe nuair is infheidhme nó aon díolúine ó fhaisnéis shonrach le haghaidh cineálacha áirithe gnóthas ar nós gnóthais árachais agus athárachais faoi chuing i bhfianaise chineál, scála agus chastacht na rioscaí a bhaineann le cineálacha sonracha gnóthas. Forbróidh ÚEÁPC réitigh teicneolaíochta faisnéise (TF), lena n-áirítear teimpléid tuairiscithe agus treoracha le haghaidh an tuairiscithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.';

(f) scriostar mír 11;

(g) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'12. Faoin 29 Eanáir 2027, cuirfidh ÚEÁPC tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le bearta féideartha, lena n-áirítear athruithe reachtacha, chun bailiúchán sonraí lánpháirtithe a fhorbairt chun:

(a) laghdú a dhéanamh ar réimsí dúblála agus neamhréireachtaí idir na creataí tuairiscithe san earnáil árachais agus in earnálacha eile den tionscal airgeadais;

(b) feabhas a chur ar chaighdeánú sonraí agus ar chomhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a tuairiscíodh cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha de chuid an Aontais nó ag aon údarás inniúil náisiúnta ábhartha; agus

(c) costais chomhlíonta a laghdú.

Tabharfaidh ÚEÁPC tosaíocht d'fhaisnéis maidir le réimsí an tuairiscithe ar ghnóthais chomhinfheistíochta agus an tuairiscithe díorthach, ach ní theorannóidh sé é féin don fhaisnéis sin.

Agus an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír á hullmhú, oibreoidh ÚEÁPC i ndlúthchomhar le hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus tabharfaidh sé páirt, i gcás inarb ábhartha, do na húdaráis náisiúnta inniúla.';

(16) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 35a*

Díolúintí agus teorainneacha a bhaineann le tuairisciú tráthrialta cainníochtúil maoirseachta atá deonaithe ag údaráis mhaoirseachta

1. Gan dochar d'Airteagal 129(4), i gcás ina mbeidh na tréimhsí réamhshainithe dá dtagraítear in Airteagal 35(2), pointe (a)(i), níos gairide ná aon bhliain amháin, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tuairisciú tráthrialta maoirseachta a theorannú, i gcás:

(a) ina mbeadh ualach rómhór ag baint le cur isteach na faisnéise sin i ndáil le cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gnó an ghnóthais;

(b) ina dtuairisceofar an fhaisnéis go bliantúil ar a laghad.

Ní dheonófar an teorannú sin ar thuairisciú tráthrialta maoirseachta ach amháin do ghnóthais nach mó iad, i dteannta a chéile, ná 20 % de mhargadh árachais agus athárachais saoil agus neamhshaoil faoi seach Ballstáit, i gcás ina bhfuil an sciar den mhargadh saoil bunaithe ar fhorálacha teicniúla comhlána agus ina bhfuil an sciar den mhargadh neamhshaoil bunaithe ar ollphréimheanna i scríbhinn.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi incháilitheacht gnóthas le haghaidh na dteorainneacha sin, tabharfaidh údaráis mhaoirseachta tosaíocht do ghnóthais bheaga neamhchasta.

2. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann teorainn a chur le tuairisciú tráthrialta maoirseachta, nó gnóthais árachais agus athárachais a dhíolmhú ó thuairisciú ar bhonn mír ar mhír, i gcás:

(a) ina mbeadh ualach rómhór ag baint le cur isteach na faisnéise sin i ndáil le cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gnó an ghnóthais;

(b) nach gá an fhaisnéis sin a chur isteach chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an ngnóthas;

(c) nach ndéantar dochar do chobhsaíocht na gcóras airgeadais lena mbaineann san Aontas leis an díolúine; agus

(d) ina bhfuil an gnóthas in ann an fhaisnéis a sholáthar arna iarraidh sin.

Ní dheonófar an díolúine ó thuairisciú ar bhonn mír ar mhír ach amháin do ghnóthais nach mó, i dteannta a chéile, ná 20 % de mhargadh árachais agus athárachais saoil agus neamhshaoil faoi seach Ballstáit, i gcás ina bhfuil an sciar den mhargadh saoil bunaithe ar fhorálacha teicniúla comhlána agus ina bhfuil an sciar den mhargadh neamhshaoil bunaithe ar ollphréimheanna i scríbhinn.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi incháilitheacht gnóthas le haghaidh na dteorainneacha nó na ndíolúintí sin, tabharfaidh údaráis mhaoirseachta tosaíocht do ghnóthais bheaga neamhchasta.

3. Beidh gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing díolmhaithe ó thuairisciú tráthrialta maoirseachta ar bhonn mír ar mhír i gcás ina mbeidh na tréimhsí réamhshainithe dá dtagraítear in Airteagal 35(2), pointe (a)(i), níos gairide ná aon bhliain amháin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

(a) is é atá i gceist leis na daoine árachaithe agus na tairbhithe aon duine díobh seo a leanas:

(i) eintitis dhlítheanacha den ghrúpa ar cuid de é an gnóthas árachais faoi chuing nó an gnóthas athárachais faoi chuing,

(ii) daoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa sin, ar choinníoll go bhfanann an gnó a chumhdaíonn na daoine nádúrtha sin faoi bhun 5 % d'fhorálacha teicniúla;

(b) na hoibleagáidí árachais agus na conarthaí árachais is bun le hoibleagáidí athárachais an ghnóthais árachais faoi chuing nó an ghnóthais athárachais faoi chuing, ní chuimsítear leo aon árachas dliteanais tríú páirtí éigeantach.

4. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta, i leith gnóthais a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar cibé acu a bheadh nó nach mbeadh ualach róthrom ag baint le cur isteach na faisnéise i ndáil le cineál, scála agus castacht rioscaí an ghnóthais, agus an méid seo a leanas, ar a laghad, á chur san áireamh:

(a) na rioscaí sa mhargadh a eascraíonn as infheistíochtaí an ghnóthais;

(b) leibhéil na gcomhchruinnithe riosca;

(c) na héifeachtaí féideartha atá ag bainistiú shócmhainní an ghnóthais ar chobhsaíocht airgeadais;

(d) córais agus struchtúir an ghnóthais chun faisnéis a sholáthar chun críoch maoirseachta agus an beartas i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 35(5).

5. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta, i leith gnóthais nach n-aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar cibé acu a bheadh nó nach mbeadh ualach róthrom ag baint le cur isteach na faisnéise i ndáil le cineál, scála agus castacht rioscaí an ghnóthais, agus mír 4, pointí (a) go (d), mar aon leis an méid seo a leanas, ar a laghad, á chur san áireamh:

(a) an méid préimheanna, forálacha teicniúla agus sócmhainní atá ag an ngnóthas;

(b) luaineacht na n-éileamh agus na dtairbhí atá á gcumhdach ag an ngnóthas;

(c) an líon iomlán aicmí árachais saoil agus árachais neamhshaoil dá ndeonaítear údarú;

(d) oiriúnacht chóras rialachais an ghnóthais;

(e) leibhéal na gcistí dílse lena gcumhdaítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus an tÍoscheanglas Caipitil;

(f) cibé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas ina ghnóthas árachais faoi chuing nó ina ghnóthas athárachais faoi chuing nach gcumhdaíonn ach amháin rioscaí atá bainteach leis an ngrúpa tionscail nó tráchtála lena mbaineann sé.

6. Chun cur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach mhíreanna 1 go 5 den Airteagal seo a áirithiú, eiseoidh ÚEAPC treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 chun an méid seo a leanas a shonrú a thuilleadh:

(a) na modhanna chun na sciartha den mhargadh dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, agus i mír 2, an dara fomhír, den Airteagal seo a chinneadh;

(b) an próiseas atá le húsáid ag na húdaráis mhaoirseachta chun na gnóthais árachais agus athárachais a chur ar an eolas faoi aon teorainn nó díolúine dá dtagraítear san Airteagal seo.

Airteagal 35b

Spriocdhátaí tuairiscithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35(1) go (4) faoi bhráid na n-údarás maoirseachta ar bhonn bliantúil nó ar bhonn níos annaimhe laistigh de 16 seachtaine ó dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35(1) go (4) faoi bhráid na n-údarás maoirseachta ar bhonn ráithiúil laistigh de 5 seachtaine ó dheireadh gach ráithe.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 35(5a) faoi bhráid na n-údarás maoirseachta laistigh de 18 seachtaine ó dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais.';

(17) in Airteagal 36(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an córas rialachais, lena n-áirítear na ceanglais chuí chóra mar a leagtar amach in Airteagal 42, agus an féinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, mar a leagtar amach i gCaibidil IV, Roinn 2;';

(18) leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(e) cuireann an gnóthas árachais nó athárachais i bhfeidhm ceann de na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear in Airteagail 308c agus 308d agus comhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) ní chomhlíonfadh an gnóthas an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gan an beart idirthréimhseach a chur i bhfeidhm;

(ii) mhainnigh an gnóthas an plean tosaigh maidir le céimniú isteach a chur faoi bhráid an údaráis maoirseachta laistigh den tréimhse a cheanglaítear mar a leagtar amach in Airteagal 308e, an dara mír, nó an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear mar a leagtar amach sa tríú mír den Airteagal sin a chur faoina bhráid.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Sna himthosca a leagtar amach i mír 1, pointí (d) agus (e), beidh an forlíontán caipitil comhréireach leis na rioscaí ábhartha a eascraíonn as an diallas agus an neamhchomhlíonadh faoi seach dá dtagraítear sna pointí sin.';

(19) in Airteagal 40, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'Beidh dea-cháil ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais árachais nó athárachais i gcónaí agus beidh eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach acu i dteannta a chéile chun a ndualgais a chomhlíonadh.

Ní bheidh comhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta ná maoirseachta ciontaithe in aon chion tromchúiseach nó in aon chion a rinneadh arís agus arís eile a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ná in aon chionta eile a d'fhágfadh amhras ar a ndea-cháil, sna 10 mbliana roimh an mbliain ina bhfuil siad nó ina mbeadh siad ag comhlíonadh a ndualgas sa ghnóthas, ar a laghad.';

(20) leasaítear Airteagal 41 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Beidh an córas rialachais faoi réir athbhreithniú tráthrialta inmheánach. Áireofar san athbhreithniú inmheánach sin measúnú ar leordhóthanacht chomhdhéanamh, éifeachtacht agus rialachas inmheánach an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, agus cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gnó an ghnóthais á gcur san áireamh.

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais beartas i bhfeidhm lena gcuirfear éagsúlacht chun cinn sa chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, lena n-áirítear cuspóirí cainníochtúla aonair a bhaineann le cothromaíocht inscne a shocrú.

Eiseoidh ÚEÁPC treoirlínte maidir le coincheap na héagsúlachta a bheidh le cur san áireamh agus comhaltaí den chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta á roghnú.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Ceanglóidh na Ballstáit go gceapfaidh gnóthais árachais agus athárachais daoine éagsúla chun príomhfheidhmeanna a dhéanamh maidir le bainistiú riosca, achtúireacht, comhlíonadh agus iniúchadh inmheánach, agus go bhfeidhmeofar na feidhmeanna sin go léir ar bhealach atá neamhspleách ar na feidhmeanna eile chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

I gcás ina bhfuil gnóthas aicmithe mar ghnóthas beag neamhchasta, de bhun Airteagal 29b, nó i gcás ina bhfuil formheas maoirseachta faighte ag gnóthas roimh ré, de bhun Airteagal 29d, féadfaidh na daoine atá freagrach as na príomhfheidhmeanna maidir le bainistiú riosca, achtúireacht agus comhlíonadh aon phríomhfheidhm eile a dhéanamh freisin nach iniúchadh inmheánach é, aon fheidhm eile, nó bheith ina gcomhaltaí den chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar bainistiú ceart ar choinbhleachtaí leasa féideartha;

(b) leis an teaglaim feidhmeanna nó le teaglaim feidhme lena ngabhann coinníoll ballraíochta sa chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ní chuirtear isteach ar chumas an duine a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a dhéanamh.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh beartais i scríbhinn ag gnóthais árachais agus athárachais i ndáil, ar a laghad, le bainistiú riosca, rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach, luach saothair agus, i gcás inarb ábhartha, seachfhoinsiú. Áiritheoidh siad go gcuirfear na beartais sin chun feidhme.

Déanfar athbhreithniú ar na beartais sin i scríbhinn ar a laghad go bliantúil. Beidh siad faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gcomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta agus déanfar iad a oiriúnú i bhfianaise aon athrú suntasach sa chóras nó sa réimse lena mbaineann. Féadfaidh gnóthais bheaga neamhchasta athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn níos annaimhe ná sin, ar a laghad gach 5 bliana, mura rud é go gcinneann an t-údarás maoirseachta, bunaithe ar imthosca sonracha an ghnóthais sin, go bhfuil gá le hathbhreithniú níos minice.';

(21) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais fógra don údarás maoirseachta faoi aon athruithe ar chéannacht na ndaoine arb iad a riarann an gnóthas go hiarbhír nó arb iad atá freagrach as príomhfheidhmeanna eile, mar aon leis na cúiseanna atá leis na hathruithe agus an fhaisnéis go léir is gá chun a mheas arb oiriúnach agus cuí iad na daoine nua a cheapfaí chun an gnóthas a bhainistiú.

3. Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais fógra dá n-údarás maoirseachta mura gcomhlíonann aon duine de na daoine dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 a thuilleadh nó má cuireadh duine ina ionad nó ina hionaddá bharr sin.

4. I gcás nach gcomhlíonfaidh duine arb é nó í a reáchtálann an gnóthas go hiarbhír nó a bhfuil príomhfheidhmeanna eile aige nó aici na ceanglais a leagtar amach i mír 1, beidh an chumhacht ag na húdaráis mhaoirseachta a cheangal ar an ngnóthas árachais agus athárachais an duine sin a chur as an bpost sin.';

(22) leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) bainistiú riosca oibríochtúil, lena n-áirítear cibearshlándáil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le *ENISA* (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).';

(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

'I gcás ina gcuirfidh gnóthais árachais nó athárachais an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d i bhfeidhm, cuirfear úsáid an choigeartaithe luaineachta san áireamh ina bpleananna leachtachta agus déanfar measúnú ar cibé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh srianta leachtachta a eascairt nach bhfuil comhsheasmhach le húsáid an choigeartaithe luaineachta.

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an tréimhse ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí inbhuanaitheachta.

Chun críocha an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chúigiú fomhír, áiritheoidh na húdaráis mhaoirseachta go mbeidh straitéisí, beartais, próisis agus córais ag gnóthais, mar chuid dá mbainistiú riosca, chun rioscaí inbhuanaitheachta a shainaithint, a thomhas agus a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.';

(b) leasaítear mír 2a mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(1) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) íogaireacht a bhforálacha teicniúla agus a gcistí dílse incháilithe i leith na dtoimhdí is bun le ríomh an choigeartaithe meaitseála, lena n-áirítear ríomh an raoin difríochta bhunúsaigh dá dtagraítear in Airteagal 77c(1), pointe (b);';

— scriostar pointe (iii);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) i gcás ina gcuirfear an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d i bhfeidhm, íogaireacht a bhforálacha teicniúla agus a gcistí dílse incháilithe i leith athruithe sna dálaí eacnamaíocha a mbeadh tionchar acu ar an raon difríochta arna cheartú de réir riosca dá dtagraítear in Airteagal 77d(3).';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'I gcás ina gcuirfear an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d i bhfeidhm, leis an mbeartas i scríbhinn maidir le bainistiú riosca dá dtagraítear in Airteagal 41(3), cuirfear an coigeartú luaineachta san áireamh.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'2b. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthais árachais agus athárachais forbairt agus faireachán ar chur chun feidhme pleananna sonracha lena n-áirítear spriocanna inchainníochtaithe agus próisis chun faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí airgeadais a thagann chun cinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma ó thosca inbhuanaitheachta, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as próiseas an choigeartaithe agus as na treochtaí aistrithe i gcomhthéacs chuspóirí rialála agus ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais agus na mBallstát i ndáil le tosca inbhuanaitheachta, go háirithe iad siúd a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

Leis na spriocanna inchainníochtaithe agus na próisis chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí inbhuanaitheachta a áirítear sna pleananna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfar na tuarascálacha agus na bearta is déanaí arna bhforordú ag an mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide a mheas, go háirithe i ndáil le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. I gcás ina nochtfaidh an gnóthas faisnéis maidir le hábhair inbhuanaitheachta i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE, beidh na pleananna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo comhsheasmhach leis na pleananna dá dtagraítear in Airteagal 19a nó Airteagal 29a den Treoir sin agus, go háirithe, áireofar iontu gníomhaíochtaí maidir le samhail ghnó agus straitéis an ghnóthais atá comhsheasmhach sa dá phlean. I gcás inarb ábhartha, na modheolaíochtaí agus na toimhdí lena gcoinnítear na spriocanna, na gealltanais agus na cinntí straitéiseacha a nochtfaidh gnóthais don phobal, beidh siad comhsheasmhach leis na modheolaíochtaí agus na toimhdí a áirítear sna pleananna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Beidh na spriocanna, na próisis agus na gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí inbhuanaitheachta a áirítear sna pleananna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo comhréireach le cineál, scála agus castacht rioscaí inbhuanaitheachta shamhail ghnó na ngnóthas árachais agus athárachais, i gcomhréir le hAirteagal 29(3).

2c. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú a thuilleadh:

(a) na híoschaighdeáin agus modheolaíochtaí tagartha chun rioscaí inbhuanaitheachta a shainaithint, a thomhas agus a bhainistiú, agus chun faireachán a dhéanamh orthu;

(b) na gnéithe atá le cumhdach sna pleananna atá le hullmhú i gcomhréir le míreanna 2b agus 2e den Airteagal seo, lena n-áireofar amlínte sonracha agus spriocanna agus garspriocanna inchainníochtaithe idirmheánacha, chun faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as tosca inbhuanaitheachta, chomh maith leis na hidirnaisc leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 45 agus 45a;

(c) cineálacha cur chuige maoirseachta i ndáil leis na pleananna, na spriocanna inchainníochtaithe agus na próisis dá dtagraítear i míreanna 2b agus 2e;

(d) na gnéithe de na pleananna dá dtagraítear i míreanna 2b agus 2e den Airteagal seo atá le nochtadh, lena n-áirítear na spriocanna inchainníochtaithe ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 51.

Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

2d. Nochtfaidh an gnóthas ar bhonn bliantúil na spriocanna inchainníochtaithe a áirítear sna pleananna dá dtagraítear i míreanna 2b agus 2e.

2e. I gcás ina gceanglófar ar ghnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, nó ar chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó ar chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, plean a tharraingt suas i gcomhréir le mír 2b den Airteagal seo ar leibhéal an ghrúpa, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fochuideachtaí árachais agus athárachais a chumhdaítear leis an bplean sin agus i raon feidhme na maoirseachta grúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a) agus (b), díolmhaithe ó phlean a tharraingt suas ar an leibhéal aonair i gcomhréir le mír 2b den Airteagal seo.

(*) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (“An Dlí Aeráide Eorpach”) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).’;

(23) leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

‘(d) breithniú agus anailís a dhéanamh ar an staid mhaicreacnamaíoch, agus ar fhorbairtí féideartha sna margaí maicreacnamaíocha agus airgeadais;

(e) ar iarraidh réasúnaithe ón údarás maoirseachta, breithniú agus anailís a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(i) na hábhair imní mhacrastuamachta a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do phróifíl riosca shonrach, do theorainneacha lamháltais riosca formheasta, do straitéis ghnó, do ghníomhaíochtaí frithgheallta nó do chinntí infheistíochta, agus do riachtanais fhoriomlána sócmhainneachta an ghnóthais dá dtagraítear i bpointe (a);

(ii) gníomhaíochtaí an ghnóthais a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na forbairtí maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais, agus a d’fhéadfadh athrú ina bhfoinsí riosca shistéamaigh;

(f) inniúlacht fhoriomlán an ghnóthais chun a oibleagáidí airgeadais a shocrú i leith sealbhóirí polasaí agus contrapháirtithe eile nuair atá na hoibleagáidí sin dlite, fiú faoi dhálaí anáis.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Chun críocha mhír 1, pointí (d) agus (e), áireofar i bhforbairtí maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais, ar a laghad an méid seo a leanas:

(a) an leibhéal rátaí úis agus raonta difríochta;

(b) leibhéal innéacsanna an mhargaidh airgeadais;

(c) boilsciú;

(d) idirnascacht le rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais;

(e) athrú aeráide, paindéimí, imeachtaí eile ar scála mór agus tubaistí eile, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnóthais árachais agus athárachais.

Chun críocha mhír 1, pointe (e)(i), áireofar le hábhair imní mhacrastuamachta, ar a laghad, cásanna sochreidte neamhfhabhracha amach anseo agus rioscaí a bhaineann leis an timthriall creidmheasa agus sleabhcadh eacnamaíoch, iompraíocht tréadaíochta in infheistíochtaí nó comhchruinnithe neamhchosanta iomarcacha ar leibhéal na hearnála.

1b. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an anailís a cheanglaítear faoi mhír 1, pointe (d), den Airteagal seo i gcomhréir le cineál na rioscaí mar aon le scála agus castacht ghníomhaíochtaí na ngnóthas. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh oibleagáid ar ghnóthais bheaga neamhchasta ná ar ghnóthais a fuair formheas maoirseachta roimh ré, de bhun Airteagal 29d, an anailís dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), den Airteagal seo a dhéanamh.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2a:

‘2a. I gcás ina gcuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais an coigeartú meaitseála dá dtagraítear in Airteagal 77b, an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d nó na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear in Airteagal 77a(2), Airteagail 308c agus 308d, nó, i gcás inarb ábhartha, Airteagal 111(1), an dara fomhír, agus Airteagal 111(2a) i bhfeidhm, déanfaidh sé an measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas caipitil dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, leis na coigeartuithe agus na bearta idirthréimhseacha sin a chur san áireamh agus gan iad a chur san áireamh.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, ní bheidh feidhm ag an gceanglas measúnaithe don sásra céimnithe isteach dá dtagraítear in Airteagal 77a maidir le hairgeadra a bhfuil feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas ina leith:

(a) nach mó ná 5 % an sciar de shreafaí airgid amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais san airgeadra sin i gcoibhneas leis na sreafaí airgid uile amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais;

(b) i ndáil le sreafaí airgid amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais san airgeadra sin, nach mó ná 10 % an sciar de shreafaí airgid amach anseo a bheidh bainteach le haibíochtaí i gcás ina ndéantar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a eachtarshuí i gcoibhneas leis na sreafaí airgid uile amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais.

2b. I gcás ina gcuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d i bhfeidhm, leis an measúnú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, áireofar, ina theannta sin, a mhéid a chlaonann próifíl riosca an ghnóthais lena mbaineann go mór ó na toimhdí is bun leis an gcoigeartú luaineachta.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais an measúnú dá dtagraítear i mír 1 go bliantúil, agus gan aon mhoill tar éis aon athrú suntasach ar a bpróifíl riosca.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar a laghad gach 2 bhliain agus gan aon mhoill tar éis aon athrú suntasach ar a bpróifíl riosca, mura rud é go gcinneann an t-údarás maoirseachta bunaithe ar imthosca sonracha an ghnóthais gur gá measúnú níos minice a dhéanamh, i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) aicmítear an gnóthas mar ghnóthas beag neamhchasta;

(b) is gnóthas árachais faoi chuing nó gnóthas athárachais faoi chuing an gnóthas árachais a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(i) tá na daoine árachaithe agus na tairbhithe ina n-eintitis dhlítheanacha den ghrúpa ar cuid de é an gnóthas árachais faoi chuing nó an gnóthas athárachais faoi chuing nó ina ndaoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa sin agus tá an gnó lena gcumhdaítear na daoine nádúrtha atá incháilithe le bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa fós faoi bhun 5 % d'fhorálacha teicniúla;

(ii) na hoibleagáidí árachais agus na conarthaí árachais is bun le hoibleagáidí athárachais an ghnóthais árachais faoi chuing nó an ghnóthais athárachais faoi chuing, ní chuimsíonn siad aon árachas dliteanais tríú páirtí éigeantach.

Leis an díolúine ón measúnú bliantúil, ní chuirfear cosc ar an ngnóthas rioscaí a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, faireachán a dhéanamh orthu, ná iad a thuairisciú ar bhonn leanúnach.';

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'8. Chun críocha mhír 1, pointí (d) agus (e), i gcás ina gcuirfear sainordú macrastuamachta ar iontaoibh údarás seachas na húdaráis mhaoirseachta, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhroinnfidh na húdaráis mhaoirseachta torthaí a measúnuithe macrastuamachta ar an bhféinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta arna dhéanamh ag gnóthais árachais agus athárachais, dá dtagraítear san Airteagal seo, leis na comhlachtaí agus údaráis náisiúnta ábhartha ag a bhfuil sainordú macrastuamachta.

Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh údaráis mhaoirseachta i gcomhar le haon chomhlacht agus údarás náisiúnta ag a bhfuil sainordú macrastuamachta chun anailís a dhéanamh ar na torthaí agus, i gcás inarb infheidhme, chun aon ábhar imní mhacrastuamachta a shainaithint maidir leis an mbealach a bhféadfadh gníomhaíocht na ngnóthas tionchar a imirt ar fhorbairtí maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhroinnfidh na húdaráis mhaoirseachta aon ábhar imní mhacrastuamachta agus paraiméadair ionchuir a bhaineann leis an measúnú leis an ngnóthas lena mbaineann.

9. Agus é á chinneadh an iarrfar aon cheann de na hanailísí dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), den Airteagal seo i leith gnóthas árachais nó athárachais, ar foghnóthas é a áirítear i raon feidhme na maoirseachta grúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a) agus (b), déanfaidh an t-údarás maoirseachta a mheas an é an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, nó an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, a dhéanfaidh aon cheann de na hanailísí sin ar leibhéal an ghrúpa, agus an gcumhdaíonn sé sainiúlachtaí an fhoghnóthais sin.

Tabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta fógra ar bhonn bliantúil do ÚEÁPC agus don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) araon maidir le liosta na ngnóthas árachais agus athárachais agus an liosta grúpaí a n-iarrann siad na bearta macrastuamachta breise ina leith.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).';

(24) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 45a*

Anailís ar chás athraithe aeráide

1. Chun na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 45(2) a shainaithint agus a mheasúnú, déanfaidh an gnóthas lena mbaineann measúnú freisin ar cibé acu atá nó nach bhfuil aon neamhchosaint ábhartha aige ar rioscaí maidir leis an athrú aeráide. Léireoidh an gnóthas ábharthacht a neamhchosanta ar rioscaí maidir leis an athrú aeráide sa mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 45(1).

2. I gcás ina mbeidh neamhchosaint ábhartha ag an ngnóthas lena mbaineann ar rioscaí maidir leis an athrú aeráide, sonróidh an gnóthas ar a laghad dhá chás fhadtéarmacha athraithe aeráide, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) cás fadtéarmach athraithe aeráide ina bhfanfaidh an méadú ar an teocht dhomhanda faoi bhun dhá chéim Celsius;

(b) cás fadtéarmach athraithe aeráide inar mó go mór an méadú ar an teocht dhomhanda ná dhá chéim Celsius.

3. Ag eatraimh thráthrialta, sa mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 45(1), beidh anailís ar an tionchar atá ag na cásanna fadtéarmacha athraithe aeráide a shonraítear de bhun mhír 2 den Airteagal seo ar ghnó an ghnóthais. Beidh na heatraimh sin comhréireach maidir le cineál, scála agus castacht na rioscaí maidir leis an athrú aeráide a bhaineann le gnó an ghnóthais, ach ní bheidh siad níos faide ná 3 bliana.

4. Déanfar athbhreithniú ar na cásanna fadtéarmacha athraithe aeráide dá dtagraítear i mír 2 ar a laghad gach 3 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta iad i gcás inar gá. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na cásanna fadtéarmacha athraithe aeráide, cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais feidhmíocht na n-uirlisí agus na bprionsabal a úsáideadh i gcásanna athraithe aeráide a bhí ann roimhe san áireamh, chun a n-éifeachtacht a fheabhsú.

5. De mhaolú ar mhíreanna 2, 3 agus 4, ní cheanglófar ar ghnóthais bheaga neamhchasta cásanna athraithe aeráide a shonrú ná measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar ghnó an ghnóthais.';

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:

'*Airteagal 51*

Tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais: inneachar

1. Agus an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Airteagal 35(3) agus na prionsabail a leagtar amach i mír 4 den Airteagal sin á gcur san áireamh, ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais árachais agus athárachais tuarascáil a nochtadh go poiblí, ar bhonn bliantúil, maidir lena sócmhainneacht agus lena staid airgeadais.

Sa tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais, beidh dhá chuid a bheidh sainaitheanta go soiléir agus a nochtfar an tráth céanna. Sa chéad chuid, beidh faisnéis atá dírithe go sonrach ar shealbhóirí polasaí agus tairbhithe, agus sa dara cuid beidh faisnéis atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh.

1a. Sa chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais arb é atá inti faisnéis atá dírithe ar shealbhóirí polasaí agus ar thairbhithe, beidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) tuairisc achomair ar ghnó agus ar fheidhmíocht an ghnóthais;

(b) tuairisc ghearr ar bhainistiú caipitil agus ar phróifíl riosca an ghnóthais, lena n-áirítear maidir le rioscaí inbhuanaitheachta; agus

(c) ráiteas maidir le cé acu a nochtann nó nach nochtann an gnóthas na pleananna dá dtagraítear in Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE.

1b. Sa chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais arb é atá inti faisnéis atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh, beidh an fhaisnéis seo a leanas, go hiomlán nó trí thagairtí d'fhaisnéis a bheidh coibhéiseach, i gcineál agus i raon feidhme, a nochtfar go poiblí faoi cheanglais eile dlí nó rialála:

(a) tuairisc ar ghnó agus ar fheidhmíocht an ghnóthais;

(b) tuairisc ar an gcóras rialachais;

(c) tuairisc ar leithligh, i gcás sócmhainní, forálacha teicniúla agus dliteanais eile, ar na boinn agus ar na modhanna a úsáidtear dá luacháil;

(d) tuairisc ar an mbainistiú caipitil agus ar an bpróifíl riosca, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas:

(i) struchtúr agus méid na gcistí dílse, agus an cháilíocht a bhaineann leo;

(ii) méideanna an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus an Íoscheanglais Caipitil;

(iii) i gcás gnóthais árachais agus athárachais is ábhartha maidir le cobhsaíocht na gcóras airgeadais san Aontas, faisnéis faoi íogaireacht riosca;

(iv) an rogha a leagtar amach in Airteagal 304 agus a úsáidtear chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh;

(v) faisnéis a fhágann gur féidir tuiscint cheart a bhaint as na príomhdhifríochtaí idir toimhdí bunúsacha na foirmle caighdeánaí agus toimhdí bunúsacha aon samhla inmheánaí a úsáideann an gnóthas chun a Cheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh;

(vi) méid aon neamhchomhlíonta i ndáil leis an Íoscheanglas Caipitil nó aon neamhchomhlíonta shuntasaigh i ndáil leis an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta le linn na tréimhse tuairiscithe, fiú i gcás inar réitíodh é dá éis sin, agus míniú ar an mbunús agus ar na hiarmhairtí a bhain leis, mar aon le haon bheart feabhais a rinneadh;

(e) léiriú ar cé acu atá nó nach bhfuil aon neamhchosaint ábhartha ag an ngnóthas ar rioscaí maidir leis an athrú aeráide tar éis an mheasúnaithe ábharthachta dá dtagraítear in Airteagal 45a(1), agus, i gcás inarb ábhartha, ar cé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomhartha curtha i bhfeidhm aige;

(f) ráiteas maidir le cé acu a nochtann nó nach nochtann an gnóthas na pleananna dá dtagraítear in Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE;

(g) na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 44(2c), pointe (d).

1c. I gcás ina gcuirtear an coigeartú meaitseála dá dtagraítear in Airteagal 77b i bhfeidhm, tabharfar sa tuairisc dá dtagraítear i mír 1b, pointe (c), agus pointí (d)(i) agus (ii), den Airteagal seo tuairisc freisin ar an gcoigeartú meaitseála agus ar an bpunann oibleagáidí agus sócmhainní sannta dá gcuirtear an coigeartú meaitseála i bhfeidhm, mar aon le cainníochtú ar an tionchar a bheadh ann dá ndéanfaí an coigeartú meaitseála ar shuíomh airgeadais an ghnóthais a athrú chuig nialas.

Beidh ráiteas sa tuairisc dá dtagraítear i mír 1b, pointe (c), agus pointí (d)(i) agus (ii), den Airteagal seo ar cibé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an gnóthas an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d agus, i gcás ina n-úsáidtear an coigeartú luaineachta, nochtfaidh sé an fhaisnéis seo a leanas:

(a) cainníochtú ar an tionchar a bheadh ann dá ndéanfaí an coigeartú luaineachta ar shuíomh airgeadais an ghnóthais a athrú chuig nialas;

(b) maidir le gach airgeadra ábhartha, nó tír, de réir mar is infheidhme, an coigeartú luaineachta agus é ríofa i gcomhréir le hAirteagal 77d agus na meastacháin chomhfhreagracha is fearr le haghaidh oibleagáidí árachais nó athárachais.

2. Áireofar sa tuairisc dá dtagraítear i mír 1b, pointe (d)(i), anailís ar aon athrú suntasach i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe agus míniú ar aon phríomhdhifríocht i ndáil le luach na ngnéithe sin i ráitis airgeadais, agus tuairisc achomair ar an inaistritheacht caipitil.

I nochtadh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta dá dtagraítear i mír 1b, pointe (d)(ii), den Airteagal seo, taispeánfar ar leithligh an méid arna ríomh i gcomhréir le Caibidil VI, Roinn 4, Foranna 2 agus 3 agus aon fhorlíontán caipitil arna fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 37 nó an tionchar a bheadh ag na paraiméadair shonracha a cheanglaítear ar an ngnóthas árachais nó athárachais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 110, in éineacht le faisnéis achomair faoin údar leis a thug an t-údarás maoirseachta lena mbaineann.

Ag gabháil le nochtadh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, i gcás inarb infheidhme, beidh léiriú go mbeidh a mhéid críochnaitheach fós faoi réir ag measúnú maoirseachta.

3. Ní cheanglófar ar ghnóthais árachais faoi chuing an chuid atá dírithe ar shealbhóirí polasaí agus ar thairbhithe a nochtadh agus ní cheanglófar orthu a chur san áireamh sa chuid atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh ach na sonraí cainníochtúla a cheanglaítear leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 56, ar choinníoll go gcomhlíonann na gnóthais sin na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na daoine árachaithe agus na tairbhithe ina n-eintitis dhlítheanacha den ghrúpa ar cuid de é an gnóthas árachais faoi chuing, nó ina ndaoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa sin agus tá an gnó lena gcumhdaítear daoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa fós faoi bhun 5 % d'fhorálacha teicniúla;

(b) ní chuimsíonn oibleagáidí árachais an ghnóthais árachais faoi chuing aon árachas dliteanais tríú páirtí éigeantach.

4. Ní cheanglófar ar ghnóthais athárachais faoi chuing an chuid atá dírithe ar shealbhóirí polasaí agus ar thairbhithe a nochtadh agus ní cheanglófar orthu a chur san áireamh sa chuid atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh ach na sonraí cainníochtúla a cheanglaítear leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 56, ar choinníoll go gcomhlíonann na gnóthais sin na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na daoine árachaithe agus na tairbhithe ina n-eintitis dhlítheanacha den ghrúpa ar cuid de é an gnóthas athárachais faoi chuing, nó ina ndaoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa sin agus tá an gnó lena gcumhdaítear daoine nádúrtha atá incháilithe chun bheith cumhdaithe faoi pholasaithe árachais an ghrúpa fós faoi bhun 5 % d'fhorálacha teicniúla;

(b) ní bhaineann na conarthaí árachais is bun le hoibleagáidí athárachais an ghnóthais athárachais faoi chuing le haon árachas dliteanais tríú páirtí éigeantach;

(c) maidir le hiasachtaí atá i bhfeidhm leis an máthairchuideachta nó le haon ghrúpchuideachta, lena n-áirítear comhthiomsuithe airgid grúpaí, ní sháraíonn siad 20 % den líon iomlán sócmhainní arna sealbhú ag an ngnóthas athárachais faoi chuing; agus

(d) is féidir measúnú cinnteachaíoch a dhéanamh ar an uaschaillteanas a eascraíonn as na forálacha teicniúla comhlána gan modhanna stocastacha a úsáid.

5. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh gnóthais athárachais rogha a dhéanamh gan an chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais atá dírithe ar shealbhóirí polasaí agus ar thairbhithe a nochtadh.

6. De mhaolú ar mhír 1b den Airteagal seo, ní fhéadfaidh gnóthais bheaga neamhchasta sonraí a nochtadh ach amháin na sonraí cainníochtúla a cheanglaítear leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 56 sa chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais atá comhdhéanta d'fhaisnéis atá dírithe ar ghairmithe eile sa mhargadh, ar choinníoll go nochtann siad tuarascáil iomlán gach 3 bliana ina mbeidh an fhaisnéis uile a cheanglaítear san Airteagal seo.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go nochtfaidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo go poiblí agus go gcuirfidh siad an fhaisnéis sin faoi bhráid na n-údarás maoirseachta ar bhonn bliantúil nó ar bhonn níos annaimhe laistigh de 18 seachtaine ó dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais.

8. Mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ceanglófar ar ghnóthais árachais agus athárachais an tionchar a nochtadh a bhaineann le húsáid a bhaint as struchtúr an téarma ráta úis saor ó riosca arna chinneadh gan an modh idirthréimhseach a chur i bhfeidhm don eachtarshuí dá dtagraítear in Airteagal 77e(1), pointe (aa), chun na forálacha teicniúla a leagtar amach in Airteagal 77 a chinneadh, seachas struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a úsáid.

Mar sin féin, de mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le nochtadh i gcás airgeadra a bhfuil feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas maidir leis:

(a) nach mó ná 5 % an sciar de shreafaí airgid amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais san airgeadra sin i gcoibhneas leis na sreafaí airgid uile amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais;

(b) i ndáil le sreafaí airgid amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais san airgeadra sin, nach mó ná 10 % an sciar de shreafaí airgid amach anseo a bhaineann le haibíochtaí i gcás ina ndéantar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a eachtarshuí i gcoibhneas leis na sreafaí airgid uile amach anseo a bhaineann le hoibleagáidí árachais nó athárachais.'

(26) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 51a*

An tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais: ceanglais iniúchóireachta

1. Maidir le gnóthais árachais agus athárachais seachas gnóthais bheaga neamhchasta agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, beidh an clár comhardaithe a nochtar mar chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 51(1) nó an clár comhardaithe a nochtar mar chuid den tuarascáil aonair maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 256(2), pointe (b), faoi réir iniúchadh.

2. De mhaolú ar Airteagal 29c, féadfaidh na Ballstáit an ceanglas a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a leathnú chuig gnóthais a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta, mar ghnóthais árachais faoi chuing agus mar ghnóthais athárachais faoi chuing.

3. Féadfaidh na Ballstáit raon feidhme an cheanglais iniúchóireachta dá dtagraítear i mír 1 a leathnú chuig gnéithe eile den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais.

4. Is iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta a dhéanfaidh an t-iniúchadh, i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta is infheidhme de bhun Airteagal 26 de Threoir 2006/43/CE. Comhlíonfaidh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta dualgais na n-iniúchóirí a leagtar amach in Airteagal 72 den Treoir seo agus an cúram sin á dhéanamh acu.

5. Sna Ballstáit ina n-údaraítear, de bhun an dlí náisiúnta, an 28 Eanáir 2025, achtúirí cláraithe chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorálacha teicniúla, ar mhéideanna in-aisghabhála trí athárachas agus ar mhíreanna gaolmhara, féadfaidh na hachtúirí cláraithe sin leanúint de na hiniúchtaí sin a dhéanamh ar choinníoll go ngníomhaíonn siad i gcomhréir le caighdeáin cheangailteacha lena n-áirithítear iniúchadh ardcháilíochta agus lena gcumhdaítear ar a laghad réimse an chleachtais iniúchóireachta, an neamhspleáchais agus na rialuithe cáilíochta inmheánaí agus iniúchtaí den sórt sin á ndéanamh, agus i gcomhréir leis na dualgais dá dtagraítear in Airteagal 72.

6. Cuirfidh na gnóthais árachais agus athárachais tuarascáil ar leithligh, lena n-áirítear tuairisc ar chineál an iniúchta agus ar thorthaí an iniúchta, arna n-ullmhú ag an iniúchóir reachtúil nó ag an ngnólacht iniúchóireachta, faoi bhráid an údaráis maoirseachta, mar aon leis an tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais.';

(27) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) i mír 1 cuirtear na pointí seo a leanas léi:

'(e) líon iomlán na ngnóthas árachais agus athárachais, arna miondealú de réir gnóthais bheaga neamhchasta agus gnóthais eile, a úsáideann simplithe nó bearta comhréireachta agus líon na ngnóthas a úsáideann bearta comhréireachta sonracha;

(f) líon na ngrúpaí, arna miondealú de réir grúpaí beaga neamhchasta agus grúpaí eile, a úsáideann simplithe nó bearta comhréireachta agus líon na ngrúpaí a úsáideann bearta comhréireachta sonracha.';

(b) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'(f) maidir le gach Ballstát, líon na ngnóthas árachais agus athárachais agus líon na ngrúpaí, arna miondealú de réir gnóthais bheaga neamhchasta nó grúpaí beaga neamhchasta, faoi seach, a úsáideann simplithe nó bearta comhréireachta agus líon na ngnóthas nó na ngrúpaí a úsáideann simplithe sonracha agus bearta comhréireachta eile.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh ÚEÁPC an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil ina mbeidh cuntas ar an méid cóineasaithe maoirseachta san úsáid a bhaintear as forlíontáin chaipitil agus san úsáid a bhaintear as bearta comhréireachta idir údaráis mhaoirseachta sna Ballstáit dhifriúla.

4. Déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar na héifeachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 29a(1) chun gnóthais bheaga neamhchasta a shainaithint agus na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 213a(1) chun grúpaí beaga neamhchasta a shainaithint, ar a laghad i ndáil leis na cuspóirí maidir le cosaint na sealbhóirí polasaí, cobhsaíocht airgeadais agus cothroime iomaíochta. Déanfaidh ÚEÁPC tuarascáil maidir lena chuid torthaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir 2030. I gcás inarb iomchuí, breithneofar sa tuarascáil an bhféadfaí na critéir sin a leasú.';

(28) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 51(1a), pointe (b), agus in Airteagal 51(1b), pointí (d) agus (e).';

(29) in Airteagal 56, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Forbróidh ÚEÁPC réitigh TF le haghaidh na nósanna imeachta, na bhformáidí agus na dteimpléad dá dtagraítear sa dara mír, lena n-áirítear le haghaidh treoracha.';

(30) in Airteagal 58(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) lonnaithe nó rialáilte lasmuigh den Aontas; nó

(b) duine nádúrtha nó duine dlítheanach nach bhfuil faoi réir ag maoirseacht faoin Treoir seo, Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), Treoir 2013/36/AE, nó Treoir 2014/65/AE.

(*) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) a chomhordú (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).';

(31) in Airteagal 60(1), pointe (a), cuirtear na focail 'Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE' in ionad na bhfocal 'pointe 2 d'Airteagal 1a de Threoir 85/611/CEE';

(32) in Airteagal 62, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den chéad mhír:

'I gcás inar dócha go n-oibreoidh an tionchar arna fheidhmiú ag na daoine dá dtagraítear in Airteagal 57 in aghaidh bainistíocht fhónta agus stuama gnóthais árachais nó athárachais, ceanglóidh na Ballstáit ar údarás maoirseachta Bhallstát baile an ghnóthais sin ina sealbhaítear, ina lorgaítear nó ina méadaítear sealúchas cáilithe, bearta cuí a dhéanamh chun deireadh a chur leis an gcás sin.';

(33) in Airteagal 63, an dara mír, cuirtear na focail 'Treoir 2014/65/AE' in ionad na bhfocal 'Treoir 2004/39/CE';

(34) in Airteagal 64, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Ní chuirfidh an chéad mhír, an dara mír ná an tríú mír den Airteagal seo cosc ar na húdaráis mhaoirseachta toradh na dtástálacha struis arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 34(4) den Treoir seo nó le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 a fhoilsiú nó toradh na dtástálacha struis a tharchur chuig ÚEÁPC chun go bhfoilseoidh ÚEÁPC torthaí na dtástálacha struis uile-Aontais.';

(35) in Airteagal 68(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad fhomhíre:

'Ní chuirfidh Airteagal 64, an chéad mhír, ná Airteagal 67 cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis mhaoirseachta agus údaráis chánach sa Bhallstát céanna a mhéid a cheadaítear an malartú sin faoin dlí náisiúnta. I gcás ina dtionscnaíonn an fhaisnéis sin i mBallstát eile, ní dhéanfar í a mhalartú ach amháin le comhaontú sainráite an údaráis as ar tháinig an fhaisnéis.';

(36) in Airteagal 70, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an focal 'BCE' in ionad na bhfocal 'an Banc Ceannais Eorpach (BCE)';

(b) i bpointe (c), cuirtear an focal 'BERS' in ionad na bhfocal 'an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])';

(37) in Airteagal 72(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráite:

'1. Forálfaidh na Ballstáit, ar a laghad, go mbeidh sé de dhualgas ar dhaoine atá údaraithe de réir bhrí Threoir 2006/43/CE, a dhéanann i ngnóthas árachais nó athárachais an t-iniúchadh reachtúil dá dtagraítear in Airteagal 34 nó 35 de Threoir 2013/34/AE nó in Airteagal 73 de Threoir 2009/65/CE nó aon chúram reachtúil eile, aon fhíoras nó cinneadh a bhaineann leis an ngnóthas sin ar tháinig siad air agus iad i mbun an chúraim sin a thuairisciú go pras do na húdaráis mhaoirseachta, ar fíoras nó cinneadh é a d'fhéadfadh aon cheann de na nithe seo a leanas a thabhairt i gcrích:';

(38) leasaítear Airteagal 77 mar a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘I gcás ina ndéanann gnóthais árachais agus athárachais an meastachán is fearr agus an corrlach riosca a luacháil ar leithligh, ríomhfar an corrlach riosca trína chinneadh cén costas a bhaineann le méid cistí dílse incháilithe a sholáthar, méid atá cothrom leis an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta is gá chun tacú leis na hoibleagáidí árachais agus athárachais ar feadh shaolré na n-oibleagáidí sin. Is é atá i gcoigeartú an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gné easpónantúil atá spleách ar am.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘6. Glacfar leis go mbeidh ráta Chostas an Chaipitil dá dtagraítear i mír 5 cothrom le 4,75 % ón 30 Eanáir 2027 amach. Déanfaidh an Coimisiún an t athbhreithniú tréimhsiúil dá dtagraítear i mír 5, an dara fomhír, tráth nach luaithe ná an 31 Eanair 2032.

7. I gcás ina n-áirítear roghanna agus ráthaíochtaí airgeadais le conarthaí árachais agus athárachais, léireoidh na modhanna a úsáidfear chun an meastachán is fearr a ríomh go hiomchuí go bhféadfadh luach reatha na sreafaí airgid a eascraíonn as na conarthaí sin a bheith ag brath ar an toradh a bhfuil coinne leis ar imeachtaí agus ar fhorbairtí amach anseo agus ar dhiallais fhéideartha an toraidh iarbhír ón toradh a bhfuil coinne leis i gcásanna áirithe.

8. D’ainneoin mhír 7, gnóthais árachais agus athárachais a aicmítear mar ghnóthais bheaga neamhchasta agus gnóthais a fuair formheas maoirseachta roimh ré, féadfaidh siad úsáid a bhaint as luacháil stuama chinnteachaíoch ar an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí saoil le roghanna agus le ráthaíochtaí nach meastar a bheith ábhartha.’;

(39) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 77a:

‘*Airteagal 77a*

Eachtarshuí struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca

1. Agus struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca dá dtagraítear in Airteagal 77(2) á chinneadh, bainfear úsáid as faisnéis a dhíorthaítear ó ionstraimí airgeadais ábhartha, agus beidh an cinneadh sin comhsheasmhach leis an bhfaisnéis sin. Cuirfear san áireamh leis an gcinneadh sin ionstraimí airgeadais ábhartha na n-aibíochtaí sin ina bhfuil na margaí le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais sin domhain, leachtach agus trédhearcach. I gcás aibíochtaí thar an gcéad phointe smúdála, déanfar an ráta úis ábhartha saor ó riosca a eachtarshuí i gcomhréir leis an tríú fomhír. Is é a bheidh sa chéad phointe smúdála le haghaidh airgeadra an aibíocht is faide a gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ina leith:

(a) tá na margaí le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais de chuid na haibíochta sin domhain, leachtach agus trédhearcach;

(b) tá an céatadán de na bannaí gan íoc de chuid na haibíochta sin nó de chuid aibíochta níos faide i measc na mbannaí uile gan íoc, a ainmnítear san airgeadra sin, ard a dhóthain.

Beidh an chuid eachtarshuite de struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca bunaithe ar réamhrátaí a bheith ag cóineasú go rianúil ón réamhráta is infheidhme ag an gcéad phointe smúdála i dtreo réamhráta deiridh.

Beidh an réamhráta eachtarshuite cothrom le meán ualaithe de réamhráta leachtach agus den réamhráta deiridh. Bunófar an réamhráta leachtach ar réamhráta amháin nó ar thacar réamhrátaí maidir leis na haibíochtaí is faide ar féidir an ionstraim airgeadais ábhartha a bhreathnú ina leith i margadh domhain leachtach trédhearcach. I gcás aibíochtaí dar fad 40 bliain ar a laghad tar éis an chéad phointe smúdála, is é a bheidh in ualach an réamhráta deiridh 77,5 % ar a laghad.

Cuirfear san áireamh sa chuid eachtarshuite de na rátaí úis ábhartha saor ó riosca faisnéis ó ionstraimí airgeadais seachas bannaí i gcás ina bhfuil na margaí le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais sin domhain, leachtach agus trédhearcach.

2. Féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais, faoi réir formheas a fháil roimh ré óna n-údarás maoirseachta, an sásra céimnithe isteach a leagtar amach sa dara fomhír a chur i bhfeidhm.

Is é a bheidh i gceist leis an sásra céimnithe isteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír an méid seo a leanas:

(a) an 30 Eanáir 2027, déanfar na paraiméadair lena gcinntear luas chóineasú na réamhrátaí i dtreo réamhráta deiridh an eachtarshuite a shocrú ar chaoi a fhágfaidh go mbeidh struchtúr an téarma ráta úis saor ó riosca comhchosúil a dhóthain le struchtúr an téarma ráta úis saor ó riosca ar an dáta sin arna chinneadh i gcomhréir leis na rialacha don eachtarshuí is infheidhme an 29 Eanáir 2027;

(b) déanfar na paraiméadair lena gcinntear luas chóineasú na réamhrátaí i dtreo réamhráta deiridh an eachtarshuite a laghdú go líneach ag tús gach bliana féilire, ar chaoi a fhágfaidh go gcuirfear paraiméadair dheiridh an eachtarshuite i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2032 amach.

Ní dhéanfaidh an sásra céimnithe isteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo difear do chinneadh dhoimhneacht, leachtacht agus thrédhearcacht na margaí airgeadais agus an chéad phointe smúdála dá dtagraítear i mír 1.

Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais a chuireann an chéad fhomhír agus an dara fomhír den mhír seo i bhfeidhm an méid seo a leanas a nochtadh go poiblí laistigh den chuid dá dtuarascáil maidir lena sócmhainneacht agus lena staid airgeadais ina mbeidh faisnéis atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh dá dtagraítear in Airteagal 51(1b) :

(a) an fíoras go gcuireann siad an sásra céimnithe isteach i bhfeidhm le haghaidh eachtarshuite; agus

(b) cainníochtú an tionchair ar a suíomh airgeadais sa chás nach gcuirtear an sásra céimnithe isteach i bhfeidhm.

3. D'ainneoin mhír 1, an 28 Eanáir 2025, is é a bheidh sa chéad phointe smúdála le haghaidh an euro aibíocht 20 bliain.';

(40) in Airteagal 77b(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (i), measfar gur conradh aonair é conradh saoil grúpa.';

(41) leasaítear Airteagal 77d mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gnóthas árachais nó athárachais coigeartú luaineachta a chur i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca chun an meastachán is fearr dá dtagraítear in Airteagal 77(2) a ríomh faoi réir formheas a fháil roimh ré ó na húdaráis mhaoirseachta, i gcás ina gcomhlíontar, ar a laghad, na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuirtear an coigeartú luaineachta le haghaidh airgeadra faoi leith i bhfeidhm agus an meastachán is fearr á ríomh maidir leis na hoibleagáidí árachais agus athárachais uile de chuid an ghnóthais a ainmnítear san airgeadra sin i gcás nach n-áireofar coigeartú meaitseála dá dtagraítear in Airteagal 77b i struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a úsáidtear chun an meastachán is fearr a ríomh maidir leis na hoibleagáidí sin;

(b) léiríonn an gnóthas, chun sástachta an údaráis maoirseachta, go bhfuil próisis leormhaithe i bhfeidhm aige chun an coigeartú luaineachta a ríomh de bhun mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo.

1a. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, maidir le gnóthais árachais agus athárachais a chuir coigeartú luaineachta i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca chun an meastachán is fearr dá dtagraítear in Airteagal 77(2) a ríomh roimh an 29 Eanair 2026, féadfaidh siad, gan formheas a fháil roimh ré ón údarás maoirseachta, leanúint de choigeartú luaineachta a chur i bhfeidhm ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha um fhormheas roimh ré faoi mhír 1 den Airteagal seo ón 30 Eanáir 2027 amach.

1b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag údaráis mhaoirseachta a cheangal ar ghnóthas árachais nó athárachais stopadh de choigeartú luaineachta a chur i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca chun an meastachán is fearr dá dtagraítear in Airteagal 77(2) a ríomh i gcás nach gcomhlíonann an gnóthas a thuilleadh na coinníollacha um fhormheas roimh ré a leagtar síos leis an dlí náisiúnta i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Nuair a bheidh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh an athuair ag gnóthas, féadfaidh sé formheas roimh ré a iarraidh ar na húdaráis mhaoirseachta chun coigeartú luaineachta a chur i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca chun an meastachán is fearr a ríomh de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

1c. Féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais, faoi réir formheas a fháil roimh ré ón údarás maoirseachta, coigeartú gnóthas-sonrach a chur i bhfeidhm ar raon difríochta an airgeadra arna cheartú de réir riosca dá dtagraítear i mír 3, sna cásanna seo a leanas:

(a) ba mhó an raon difríochta arna cheartú de réir riosca ná an raon difríochta arna cheartú de réir riosca a ríomhadh ar bhonn phunann infheistíochtaí an ghnóthais in ionstraimí fiachais le haghaidh na gceithre thréimhse tuairiscithe ráithiúla roimh an dáta tuairiscithe; agus

(b) an fhaisnéis ar cuid dhílis de shócmhainní ábhartha an ghnóthais í agus a thuairiscíonn an gnóthas i gcomhréir le hAirteagal 35(1) go (4), tá cáilíocht na faisnéise sin leormhaith chun gur féidir an coigeartú sin a ríomh go láidir agus go hiontaofa.

Beidh an coigeartú ag freagairt do 105 % nó don chóimheas idir an raon difríochta arna cheartú de réir riosca a ríomhtar ar bhonn phunann infheistíochtaí an ghnóthais in ionstraimí fiachais agus an raon difríochta arna cheartú de réir riosca a ríomhtar ar bhonn na punainne tagartha le haghaidh an airgeadra ábhartha, cibé acu is ísle. Déanfar an raon difríochta arna cheartú de réir riosca ar bhonn phunann infheistíochtaí an ghnóthais in ionstraimí fiachais a ríomh ar an mbealach céanna leis an raon difríochta arna cheartú de réir riosca ar bhonn na punainne tagartha don airgeadra ábhartha, ach úsáidfear sonraí gnóthas-sonracha maidir le hualú agus meánfhad na bhfo-aicmí ábhartha laistigh de phunann infheistíochtaí an ghnóthais in ionstraimí fiachais don airgeadra ábhartha.

I gcás ina gcuirtear an coigeartú i bhfeidhm, ní mhéadófar an coigeartú luaineachta leis an gcoigeartú macraluaineachta dá dtagraítear i mír 4.

Scoirfidh gnóthais árachais agus athárachais den choigeartú a chur i bhfeidhm láithreach i gcás ina méadóidh sé raon difríochta an airgeadra arna cheartú de réir riosca dá dtagraítear i mír 3 ar feadh dhá thréimhse tuairiscithe as a chéile.

2. Maidir le gach airgeadra ábhartha, beidh an coigeartú luaineachta ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca bunaithe ar an raon difríochta idir an ráta úis a d'fhéadfaí a thuilleamh ó phunann tagartha infheistíochtaí in ionstraimí fiachais le haghaidh an airgeadra sin agus rátaí struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca le haghaidh an airgeadra sin.

Beidh an phunann tagartha d'infheistíochtaí in ionstraimí fiachais le haghaidh airgeadra ionadaíoch ar na sócmhainní a ainmnítear san airgeadra sin agus ina n-infheistíonn gnóthais árachais agus athárachais chun an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais a ainmnítear san airgeadra sin a chumhdach.

3. Déanfar méid an choigeartaithe luaineachta ar rátaí úis saor ó riosca le haghaidh airgeadra a ríomh mar a leanas:

$$VA_{cu=}\ 85\ \% \cdot CSSR_{cu} \cdot RCS_{cu}$$

i gcás inarb é:

(a) VA_{cu} an coigeartú luaineachta le haghaidh airgeadra ***cu***;

(b) ***CSSRcu*** cóimheas íogaireachta an raoin difríochta creidmheasa de chuid gnóthais árachais nó athárachais le haghaidh airgeadra ***cu***;

(c) ***RCScu*** an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh airgeadra ***cu***.

Beidh feidhm ag VA_{cu} maidir le rátaí úis ábhartha saor ó riosca struchtúr an téarma nach ndíorthaítear trí bhíthin eachtarshuí i gcomhréir le hAirteagal 77a. I gcás ina gcuirfear faisnéis ó ionstraimí airgeadais seachas bannaí san áireamh leis an gcuid eachtarshuite de na rátaí úis ábhartha saor ó riosca de bhun Airteagal 77a(1), beidh feidhm freisin ag VA_{cu} maidir le rátaí úis saor ó riosca a dhíorthaítear ó na hionstraimí airgeadais sin. Beidh eachtarshuí struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca bunaithe ar na rátaí úis saor ó riosca sin agus iad coigeartaithe.

Ní bheidh $CSSR_{cu}$ diúltach ná níos airde ná 1. Glacfaidh sé luachanna níos ísle ná 1 i gcás ina mbeidh íogaireacht na sócmhainní de chuid gnóthais árachais nó athárachais in airgeadra maidir le hathruithe ar raonta difríochta creidmheasa níos ísle ná íogaireacht fhorálacha teicniúla an ghnóthais sin san airgeadra sin maidir le hathruithe ar rátaí úis.

Déanfar RSC_{cu} a ríomh mar an difríocht idir an raon difríochta dá dtagraítear i mír 2 agus an cion den raon difríochta sin atá inchurtha i leith measúnú réalaíoch ar chaillteanais a bhfuil coinne leo nó ar riosca creidmheasa nach bhfuil coinne leis nó ar rioscaí eile nach bhfuil coinne leo i leith na sócmhainní.

An chuid den raon difríochta atá inchurtha i leith measúnú réalaíoch ar chaillteanais a bhfuil coinne leo, ar riosca creidmheasa nach bhfuil coinne leis nó ar aon riosca eile, déanfar í a ríomh mar chéatadán de raonta difríochta. Laghdófar an céatadán sin de réir mar a mhéadaíonn raonta difríochta agus déanfar idirdhealú idir na trí chás seo a leanas ar a laghad:

(a) i gcás nach dtéann raonta difríochta thar a meán fadtéarmach;

(b) i gcás ina dtéann raonta difríochta thar a meán fadtéarmach ach nach dtéann siad thar dhá oiread a meáin fhadtéarmaigh;

(c) i gcás ina dtéann raonta difríochta thar dhá oiread a meáin fhadtéarmaigh.

Ní sháróidh an ceartú riosca riamh céatadán iomchuí de na meánraonta difríochta fadtéarmacha.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, maidir le gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil a gceannoifig acu i mBallstát ag a bhfuil airgeadra atá pionnáilte leis an euro agus a chomhlíonann na critéir mhionsonraithe maidir leis na coigeartuithe do na hairgeadraí atá pionnáilte leis an euro chun ríomh an fhomhodúil riosca airgeadra mar a bhunaítear de bhun Airteagal 111(1), pointe (p), a éascú, nuair a bheidh an coigeartú luaineachta ar rátaí úis saor ó riosca don airgeadra pionnáilte agus an coigeartú luaineachta ar rátaí úis saor ó riosca don euro á ríomh, beidh cead ag na gnóthais árachais agus athárachais sin $\boldsymbol{CSSR_{cu}}$ aonair a ríomh le haghaidh a n-airgeadra áitiúil agus an euro, trí na sócmhainní agus dliteanais araon arna n-ainmniú in euro agus ina n-airgeadra aonair, a chur san áireamh.

4. Gan dochar do mhír 1c, méadófar an coigeartú luaineachta le haghaidh an euro le coigeartú macraluaineachta. Ríomhfar an coigeartú macraluaineachta mar a leanas:

$$\boldsymbol{VA_{Euro,macro} = 85\,\% \cdot CSSR_{Euro} \cdot max(RCS_{co} - 1.3 \cdot RCS_{Euro}; 0) \cdot \omega_{co}}$$

i gcás inarb é:

(a) $\boldsymbol{VAEuro,macro}$ an coigeartú macraluaineachta le haghaidh thír ***co***;

(b) $\boldsymbol{CSSR_{Euro}}$ cóimheas íogaireachta an raoin difríochta creidmheasa de chuid gnóthais árachais nó athárachais le haghaidh an euro;

(c) $\boldsymbol{RCS_{co}}$ an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh thír ***co***;

(d) $\boldsymbol{RCS_{Euro}}$ an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh an euro;

(e) ω_{co} fachtóir coigeartaithe na tíre le haghaidh thír ***co***.

Déanfar $\boldsymbol{CSSR_{Euro}}$ a ríomh mar chóimheas íogaireachta an raoin difríochta creidmheasa de chuid gnóthais árachais nó athárachais le haghaidh an euro i gcomhréir le mír 3.

Déanfar $\boldsymbol{RCS_{co}}$ a ríomh ar an mbealach céanna agus a ríomhtar an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh an euro faoi mhír 3, ach bunaithe ar phunann tagartha a bheidh ionadaíoch do na sócmhainní a bhfuil gnóthais árachais agus athárachais ag infheistiú iontu chun an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais a chumhdach maidir le táirgí a dhíoltar i margadh árachais na tíre sin agus a ainmnítear in euro.

Ríomhtar $\boldsymbol{RSC_{Euro}}$ mar an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh an euro i gcomhréir le mír 3.

Fachtóir coigeartaithe na tíre dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (e), ríomhfar mar a leanas é:

$$\boldsymbol{\omega_{co} = max(min(((RCS_{co}^{*} - 0.6\,\%)/0.3\,\%); 1); 0)}$$

I gcás inarb é $\boldsymbol{RSC_{co}^{*}}$ an raon difríochta arna cheartú de réir riosca le haghaidh thírco dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), arna iolrú faoin gcéatadán infheistíochtaí in ionstraimí fiachais i gcoibhneas leis an méid iomlán sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais atá údaraithe i dtír ***co***.'

4a. Chun an raon difríochta is bonn leis an gcoigeartú luaineachta a ríomh, i gcás gach airgeadra agus gach tíre, is é a bheidh sa raon difríochta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 suim luach-ualaithe an mheánraoin difríochta airgeadra i dtaobh bannaí rialtais agus an mheánraoin difríochta airgeadra i dtaobh bannaí nach bannaí rialtais iad, iasachtaí agus urrúsuithe. Chun críocha an ríomha sin, is é a bheidh sna hualaí faoi seach an cóimheas idir luach na mbannaí rialtais a áirítear i bpunann tagartha na sócmhainní don airgeadra sin nó don tír sin agus luach na sócmhainní uile a áirítear sa phunann tagartha sin, agus an cóimheas idir luach na mbannaí nach bannaí rialtais iad, iasachtaí agus urrúsuithe a áirítear i bpunann tagartha na sócmhainní don airgeadra sin nó don tír sin agus luach na sócmhainní uile a áirítear sa phunann tagartha sin.';

(42) leasaítear Airteagal 77e mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(aa) chun críche na nochtaí de bhun Airteagal 51(8), struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca gan aon choigeartú meaitseála ná coigeartú luaineachta agus a chinntear gan an sásra céimnithe isteach a chur i bhfeidhm don eachtarshuí mar a leagtar amach in Airteagal 77a(2);

(ab) an tacar cásanna atá le húsáid chun luacháil stuama chinnteachaíoch a dhéanamh ar an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí saoil de bhun Airteagal 77(8);’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) maidir le gach airgeadra ábhartha agus margadh árachais náisiúnta, raon difríochta arna cheartú de réir riosca dá dtagraítear in Airteagal 77d(3) agus (4) faoi seach;’;

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(d) maidir le gach Ballstát ábhartha, an céatadán infheistíochtaí in ionstraimí fiachais i gcoibhneas leis an méid iomlán sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais atá údaraithe sa tír dá dtagraítear in Airteagal 77d(4).’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. I gcás gach airgeadra ábhartha agus gach aibíocht ina bhfuil na margaí le haghaidh ionstraimí airgeadais ábhartha nó bannaí de chuid na haibíochta sin domhain, leachtach agus trédhearcach, leagfaidh ÚEÁPC síos agus foilseoidh sé, ar bhonn bliantúil ar a laghad, an céatadán bannaí ag a bhfuil an aibíocht sin nó aibíocht níos faide i measc na mbannaí uile a ainmnítear san airgeadra sin dá dtagraítear in Airteagal 77a(1).’;

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha a ríomh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach, le haghaidh gach airgeadra ábhartha, an fhaisnéis theicniúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus an chéad phointe smúdála de bhun Airteagal 77a(1). Féadfaidh na gníomhartha cur chun feidhme sin úsáid a bhaint as an bhfaisnéis arna foilsiú ag ÚEÁPC de bhun mhír 1 den Airteagal seo.’;

(d) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Maidir le hairgeadraí ar ina leith nach leagtar an raon difríochta arna cheartú de réir riosca dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, ní chuirfear aon choigeartú luaineachta i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca chun an meastachán is fearr a ríomh. Maidir le Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu agus nach leagtar an raon difríochta arna cheartú de réir riosca dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ná an céatadán dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, ní chuirfear aon choigeartú macraluaineachta leis an gcoigeartú luaineachta.’;

(e) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo, ní leasófar an chéad phointe smúdála le haghaidh airgeadra a leagtar amach i ngníomh cur chun feidhme, ach amháin i gcás ina dtabharfar le tuiscint, i measúnú ar na céatadáin de bhannaí ag a bhfuil aibíocht níos mó ná aibíocht faoi leith i measc na mbannaí uile a ainmnítear san airgeadra sin, nó cothrom léi, céad phointe smúdála atá difriúil de bhun Airteagal 77a(1) agus an céatadán a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 86(1), pointe (b)(iii), ar feadh 2 bhliain as a chéile ar a laghad.’;

(43) leasaítear Airteagal 86 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(aa) an luacháil stuama chinnteachaíoch dá dtagraítear in Airteagal 77(8) mar aon leis na coinníollacha faoina bhféadfar an luacháil sin a úsáid chun an meastachán is fearr ar fhorálacha teicniúla a bhfuil roghanna agus ráthaíochtaí ag gabháil leo a luacháil;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) na modheolaíochtaí, na prionsabail agus na teicnící chun struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca a chinneadh, atá le húsáid chun an meastachán is fearr dá dtagraítear in Airteagal 77(2) a ríomh, go háirithe iad seo a leanas:

(i) an fhoirmle le haghaidh an eachtarshuite dá dtagraítear in Airteagal 77a(1), lena n-áirítear na paraiméadair lena gcinntear luas cóineasaithe an eachtarshuite;

(ii) an modh chun doimhneacht, leachtacht agus trédhearcacht na margaí in ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 77a(1) a chinneadh;

(iii) na céatadáin a bhaineann le hairgeadra ar faoina mbun a mheasfar, chun críocha Airteagal 77a(1), gurb íseal an sciar de bhannaí ag a bhfuil aibíochtaí níos faide ná aibíocht faoi leith i measc na mbannaí uile nó cothrom léi;

(iv) an sásra céimnithe isteach dá dtagraítear in Airteagal 77a(2);';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) modhanna agus toimhdí chun an coigeartú luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 77d a ríomh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) foirmle chun cóimheas íogaireachta an raoin difríochta creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 77d(3) agus (4) a ríomh;

(ii) maidir le gach aicme sócmhainní ábhartha, an céatadán den raon difríochta arb ionann é agus an sciar den raon difríochta atá inchurtha i leith measúnú réalaíoch ar na caillteanais a bhfuil coinne leo, ar an riosca creidmheasa nó ar aon riosca eile nach bhfuil coinne leo atá le ríomh dá dtagraítear in Airteagal 77d(3); tiocfaidh laghdú ar an gcéatadán sin de réir mar a mhéadóidh na raonta difríochta, ag cur san áireamh na dtrí chás seo a leanas ar a laghad:

(1) i gcás nach dtéann raonta difríochta thar a meán fadtéarmach;

(2) i gcás ina dtéann raonta difríochta thar a meán fadtéarmach ach nach dtéann siad thar dhá oiread a meáin fhadtéarmaigh;

(3) i gcás ina dtéann raonta difríochta thar dhá oiread a meáin fhadtéarmaigh.

Ní sháróidh an ceartú riosca riamh céatadán iomchuí de na meánraonta difríochta fadtéarmacha.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'1a. Féadfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a ina leagtar síos critéir le haghaidh sócmhainní chun bheith incháilithe lena gcur san áireamh sa phunann sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 77b(1), pointe (a).

1b. I gcás ina mbainfear de thátal as an athbhreithniú tréimhsiúil ar ráta Chostas an Chaipitil dá dtagraítear in Airteagal 77(5) nach iomchuí a thuilleadh an luach toimhdithe, féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena leasófar luach toimhdithe ráta Chostas an Chaipitil a leagtar amach in Airteagal 77(6). Ní fhéadfaidh an Coimisiún luach toimhdithe ráta Chostas an Chaipitil a shocrú ach amháin ar leibhéal nach lú ná 4 % agus nach airde ná 5 %.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur i bhfeidhm Airteagal 77(8), forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar an mhodheolaíocht chun cinneadh a dhéanamh faoin tacar cásanna atá le húsáid don luacháil stuama chinnteachaíoch ar an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí saoil dá dtagraítear sa mhír sin. Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.';

(44) in Airteagal 92, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1a agus 2:

'1a. Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar an chaoi a gcaithfear le rannpháirtíochtaí, de réir bhrí Airteagal 212(2), an tríú fomhír, in institiúidí airgeadais agus creidmheasa i ndáil le cistí dílse a chinneadh, lena n-áirítear cuir chuige i leith asbhaintí ó chistí dílse bunúsacha gnóthais árachais nó athárachais rannpháirtíochtaí ábhartha in institiúidí airgeadais agus creidmheasa.

D'ainneoin asbhaintí rannpháirtíochtaí ó na cistí dílse atá incháilithe chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo, chun na cistí dílse bunúsacha a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 88, féadfaidh údaráis mhaoirseachta a cheadú do ghnóthas árachais nó athárachais gan luach a rannpháirtíochta in institiúid airgeadais nó creidmheasa a asbhaint, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá an gnóthas árachais nó athárachais i gceann de na himthosca seo a leanas:

(i) baineann an institiúid airgeadais nó creidmheasa agus an gnóthas árachais nó athárachais leis an ngrúpa céanna, mar a shainmhínítear in Airteagal 212, a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leis i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), agus níl an institiúid ghaolmhar airgeadais nó creidmheasa faoi réir na hasbhainte dá dtagraítear in Airteagal 228(5); nó

(ii) ceanglaíonn údaráis mhaoirseachta ar ghnóthais árachais nó athárachais modhanna ríomha teicniúla a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Cuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/87/CE, nó ceadaíonn siad dóibh sin a dhéanamh, agus tá an institiúid airgeadais nó creidmheasa san áireamh sa mhaoirseacht fhorlíontach chéanna faoin Treoir sin agus atá an gnóthas árachais nó athárachais;

(b) tá údaráis mhaoirseachta sásta maidir leis an leibhéal bainistíochta lánpháirtithe, bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh i ndáil leis na gnóthais i raon feidhme na maoirseachta grúpa dá dtagraítear i bpointe (a)(i) nó i raon feidhme na maoirseachta forlíontaí dá dtagraítear i bpointe (a)(ii);

(c) is infheistíocht chothromais de chineál straitéiseach í an rannpháirtíocht san institiúid creidmheasa nó airgeadais mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 111(1), pointe (m).

2. Beidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa dá dtagraítear i mír 1a comhdhéanta den mhéid a leanas:

(a) rannpháirtíochtaí arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais iontu seo a leanas:

(i) institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais de réir bhrí Airteagal 4(1), pointí (1) agus (26), faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013,

(ii) gnólachtaí infheistíochta de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (1,) de Threoir 2014/65/AE;

(b) Ionstraimí breise Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ionstraimí Leibhéal 2 dá dtagraítear in Airteagal 63 den Rialachán sin, mar aon le hionstraimí breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais i leith na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo ina bhfuil rannpháirtíocht arna sealbhú acu.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).';

(45) in Airteagal 95, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Chun na críche sin, déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais, i gcás inarb infheidhme, tagairt don liosta míreanna cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 97(1).';

(46) in Airteagal 96, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Gan dochar d'Airteagail 95 agus 97(1), chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na haicmithe seo a leanas:

(1) déanfar cistí barrachais a thagann faoi Airteagal 91(2) a aicmiú i Leibhéal 1;

(2) déanfar litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí arna sealbhú ar iontaoibh chun tairbhe creidiúnaithe árachais ag iontaobhaí neamhspleách agus arna soláthar ag institiúidí creidmheasa arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE a aicmiú i Leibhéal 2;

(3) aon éileamh amach anseo a fhéadfaidh a bheith ag comhlachais longúinéirí atá frithpháirteach nó de chineál frithpháirteach ag a bhfuil ranníocaíochtaí athraitheacha nach ndéanann ach rioscaí a liostaítear in aicmí 6, 12 agus 17 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a árachú, in aghaidh a gcomhaltaí trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí forlíontacha laistigh den chéad 12 mhí eile, déanfar iad a aicmiú i Leibhéal 2.';

(47) in Airteagal 105, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 301a, lena bhforlíontar an Treoir seo, chun an riosca a bhaineann le cripteashócmhainní sa mhodúl riosca margaidh dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo agus sa mhodúl riosca mainneachtana contrapháirtí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a léiriú.';

(48) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 105a*

Infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha

1. De mhaolú ar Airteagal 101(3), agus mar chuid den fhomhodúl riosca cothromais dá dtagraítear in Airteagal 105(5), an dara fomhír, pointe (b), ceadóidh na Ballstáit do ghnóthais árachais agus athárachais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa dara fomhír den mhír seo, ceanglas caipitil a chur i bhfeidhm maidir le fothacar sonrach d'infheistíochtaí cothromais arna sealbhú le peirspictíocht fhadtéarmach, i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre, féadfar déileáil le fothacar d'infheistíochtaí cothromais mar infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha má léiríonn an gnóthas árachais nó athárachais, chun sástachta an údaráis maoirseachta, go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) déantar an fothacar d'infheistíochtaí cothromais a shainaithint agus a bhainistiú go soiléir ar leithligh ó ghníomhaíochtaí eile an ghnóthais;

(b) bunaítear beartas maidir le bainistíocht infheistíochta fadtéarmaí le haghaidh gach punainne cothromais fhadtéarmaigh agus léirítear leis gealltanas an ghnóthais an neamhchosaint fhoriomlán ar chothromas a choinneáil san fhothacar d'infheistíochtaí cothromais ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana ar an meán. Formhuineoidh comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais go sainráite na beartais bainistíochta infheistíochta agus déantar athbhreithniú ar na beartais sin go minic i gcomparáid le bainistíocht iarbhír na bpunann, agus tuairisceofar iad i bhféinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta an ghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 45;

(c) níl san fhothacar d'infheistíochtaí cothromais ach cothromais atá liostaithe i dtíortha atá ina gcomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) nó de chothromais neamhliostaithe cuideachtaí a bhfuil a gceannoifigí acu i dtíortha atá ina gcomhaltaí de LEE nó de ECFE;

(d) ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis, tá an gnóthas árachais nó athárachais in ann díol éigeantach infheistíochtaí cothromais a sheachaint laistigh den fhothacar ar feadh 5 bliana;

(e) léiríonn bainistiú riosca, bainistiú dliteanais-sócmhainní agus beartais infheistíochta an ghnóthais árachais nó athárachais rún an ghnóthais fothacar d'infheistíochtaí cothromais a shealbhú ar feadh tréimhse atá comhoiriúnach leis an gceanglas a leagtar síos i bpointe (b) agus cumas an ghnóthais an ceanglas a leagtar síos i bpointe (d) a chomhlíonadh;

(f) tá an fothacar d'infheistíochtaí cothromais éagsúlaithe go hiomchuí ar bhealach ina seachnófar spleáchas iomarcach ar aon eisitheoir nó grúpa gnóthas ar leith agus carnadh iomarcach riosca i bpunann na n-infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha ina n-iomláine a bhfuil an phróifíl riosca chéanna acu;

(g) ní áirítear rannpháirtíochtaí san fhothacar d'infheistíochtaí cothromais.

2. I gcás ina sealbhaítear cothromais laistigh de chistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) nó laistigh de chineálacha áirithe gnóthas comhinfheistíochta, lena n-áirítear cistí infheistíochta malartacha (CIManna), a shainaithnítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na Treorach seo mar chistí ag a bhfuil próifíl riosca níos ísle, féadfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 a mheasúnú ar leibhéal na gcistí seachas ar leibhéal na sócmhainní foluiteacha arna sealbhú laistigh de na cistí sin.

3. Gnóthais árachais nó athárachais a láimhseálann fothacar d'infheistíochtaí cothromais mar infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha i gcomhréir le mír 1, ní fhillfidh siad ar chur chuige nach n-áirítear infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha leis.

I gcás nach gcomhlíonfaidh gnóthas árachais nó athárachais a láimhseálann fothacar d'infheistíochtaí cothromais mar infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 a thuilleadh, cuirfidh sé an t-údarás maoirseachta ar an eolas láithreach agus déanfaidh sé na bearta is gá chun comhlíonadh a athbhunú.

Laistigh de mhí amháin ón dáta a tugadh faoi deara den chéad uair neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1, soláthróidh an gnóthas árachais nó athárachais don údarás maoirseachta an fhaisnéis is gá agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an ngnóthas chun athbhunú chomhlíonadh na gcoinníollacha sin a bhaint amach, laistigh de 6 mhí ón dáta a bhreathnaítear den chéad uair ar neamhchomhlíonadh.

I gcás nach mbeidh an gnóthas in ann comhlíonadh a athbhunú laistigh de 6 mhí ón dáta a bhreathnaítear den chéad uair ar neamhchomhlíonadh, scoirfidh sé d'aon infheistíocht chothromais a aicmiú mar infheistíocht chothromais fhadtéarmach i gcomhréir leis an Airteagal seo ar feadh tréimhse 2 bhliain go leith, nó fad nach n-athbhunaítear comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1, cibé tréimhse is faide.

4. Beidh an ceanglas caipitil le haghaidh infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha cothrom leis an gcaillteanas sna cistí dílse bunúsacha a d'eascródh as laghdú láithreach atá cothrom le 22 % ar luach na n-infheistíochtaí a láimhseáiltear mar infheistíochtaí cothromais fhadtéarmach.

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas a shonrú a thuilleadh:

(a) na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo;

(b) na cineálacha gnóthas comhinfheistíochta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

(c) an fhaisnéis atá le háireamh sa tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 51(1) agus sa tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 35(5a).';

(49) in Airteagal 106, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Maidir leis an gcoigeartú siméadrach a dhéantar ar an muirear caipitil cothromais caighdeánach lena gcumhdaítear an riosca a eascraíonn as athruithe ar an leibhéal praghsanna cothromais, ní bheidh de thoradh ar an gcoigeartú sin go gcuirfear muirear caipitil cothromais i bhfeidhm a bheidh níos mó ná 13 phointe céatadáin níos ísle nó níos airde ná an muirear caipitil cothromais caighdeánach.';

(50) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 109:

'*Airteagal 109*

Simplithe san fhoirmle chaighdeánach

1. Féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais úsáid a bhaint as ríomh simplithe le haghaidh modúl riosca sonrach nó fomhodúl riosca sonrach i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tugann cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt orthu údar maith le ríomh simplithe a úsáid;

(b) bheadh sé díréireach ceangal a chur ar an ngnóthas árachais nó athárachais an ríomh caighdeánaithe a chur i bhfeidhm;

(c) ní thagann míráiteas ábhartha ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta as an earráid i comparáid leis an ríomh caighdeánaithe, ach amháin i gcásanna inarb é an toradh ar an ríomh simplithe Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a sháraíonn an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a eascraíonn as an ríomh caighdeánaithe.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh gnóthais bheaga neamhchasta ríomh simplithe a úsáid le haghaidh modúl riosca sonrach nó fomhodúl riosca sonrach i gcás inar féidir leo a léiriú chun sástachta an údaráis maoirseachta, agus ar a laghad gach 5 bliana, go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is lú ná 2 % den Bhuncheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gach modúl riosca nó fomhodúl riosca aonair a bhfuil sé beartaithe ríomh simplithe a úsáid ina leith, gan an simpliú a chur i bhfeidhm;

(b) is lú ná 10 % den Bhuncheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta suim na modúl riosca nó na bhfomhodúl riosca go léir a bhfuil sé beartaithe ríomh simplithe a úsáid ina leith, gan an simpliú a chur i bhfeidhm.

Chun críocha na míre seo, déanfar ríomhanna simplithe a chalabrú i gcomhréir le hAirteagal 101(3).

2. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo ná d'Airteagal 102(1), i gcás ina ríomhfaidh gnóthas árachais nó athárachais an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus nach ionann modúl riosca nó fomhodúl riosca agus sciar níos mó ná 5 % den Bhuncheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 103, pointe (a), féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as ríomh simplithe le haghaidh an mhodúil riosca nó an fhomhodúil riosca sin le linn tréimhse nach faide na 3 bliana tar éis ríomh sin an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

3. Chun críocha mhír 2, ní rachaidh suim na scaireanna, i gcoibhneas leis an mBuncheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, de chuid gach modúil riosca nó fomhodúil riosca ina gcuirtear na ríomhanna simplithe i bhfeidhm de bhun na míre sin, thar 10 %.

Is é a bheidh i sciar modúil riosca nó fomhodúil riosca i gcoibhneas leis an mBuncheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an sciar sin mar a ríomhadh é an uair dheireanach a ríomhadh an modúl riosca nó an fomhodúl riosca gan ríomh simplithe de bhun mhír 2.';

(51) leasaítear Airteagal 111 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (l) agus (m):

'(l) na ríomhanna simplithe arna soláthar le haghaidh na modúl riosca sonrach agus na bhfomhodúl riosca sonrach dá dtagraítear in Airteagal 109(1) agus le haghaidh na modúl riosca agus na bhfomhodúl riosca neamhábhartha dá dtagraítear in Airteagal 109(2), mar aon leis na critéir a cheanglófar ar ghnóthais árachais agus athárachais, lena n-áirítear gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, a chomhlíonadh chun bheith i dteideal simplithe a úsáid, mar a leagtar amach in Airteagal 109(1) ;

(m) an cur chuige atá le húsáid i ndáil le sealúchais cháilithe de réir bhrí Airteagal 13, pointe (21), i ríomh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, go háirithe ríomh an fhomhodúil riosca cothromais dá dtagraítear in Airteagal 105(5), lena gcuirfear san áireamh an laghdú is dócha a thiocfaidh ar luaineacht luach na sealúchas cáilithe sin arna eascairt as cineál straitéiseach na n-infheistíochtaí sin agus as an tionchar arna fheidhmiú ag an ngnóthas árachais nó athárachais ar na hinstitiúidí infheistiúcháin sin;';

(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

'Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), den mhír seo, léireoidh na modhanna, na toimhdí agus na paraiméadair chaighdeánacha don fhomhodúl riosca ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 105(5), an dara fomhír, pointe (a), an riosca go bhféadfadh rátaí úis laghdú breise a dhéanamh fiú i gcás ina bhfuil siad íseal nó diúltach agus beidh ríomh fhomhodúil riosca ráta úis comhsheasmhach le heachtarshuí na rátaí úis i gcomhréir le hAirteagal 77a. D'ainneoin na chéad abairte den fhomhír seo, ní cheanglófar le ríomh an fhomhodúil riosca ráta úis an riosca go dtitfidh rátaí úis go leibhéil faoi bhun íosráta diúltach a chur san áireamh i gcás ina gcinntear íosráta diúltach sa chaoi a mbeidh an dóchúlacht nach mbeidh rátaí úis thar airgeadraí ábhartha agus thar aibíochtaí i gcónaí os cionn an íosráta dhiúltaigh sách beag.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (h), den mhír seo, na modhanna agus na coigeartuithe atá le húsáid chun léiriú a thabhairt ar laghdú na bhféidearthachtaí éagsúlaithe riosca atá ag gnóthais árachais agus athárachais a bhaineann le cistí imfhálaithe, ní bheidh feidhm acu maidir le punanna na sócmhainní nach cistí imfhálaithe iad agus atá sannta chun an meastachán comhfhreagrach is fearr maidir le hoibleagáidí árachais agus athárachais, dá dtagraítear in Airteagal 77b(1), pointe (a), a chumhdach.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún, de bhun mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), den Airteagal seo gníomhartha tarmligthe chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na modhanna, toimhdí agus paraiméadair chaighdeánacha a shonrú atá le húsáid chun an fomhodúl riosca ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 105(5), an

dara fomhír, pointe (a), a ríomh arb é is aidhm dó íogaireacht na gceanglas caipitil a fheabhsú i gcomhréir le forbairtí ar rátaí úis, féadfar leasuithe ar an bhfomhodúl riosca ráta úis a chéimniú isteach i gcaitheamh idirthréimhse suas le 5 bliana. Beidh an céimniú isteach sin éigeantach agus beidh feidhm aige maidir le gach gnóthas árachais nó athárachais.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Faoin 29 Eanáir 2030, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar oiriúnacht na modhanna, na dtoimhdí agus na bparaiméadar caighdeánach a úsáidtear an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta á ríomh ar bhonn na foirmle caighdeánaí. Leis sin, cuirfidh ÚEÁPC san áireamh, go háirithe, feidhmíocht aon aicme sócmhainní agus ionstraimí airgeadais, iompraíocht infheisteoirí sna haicmí sócmhainní agus ionstraimí airgeadais sin chomh maith le forbairtí ar shocrú caighdeán idirnáisiúnta i seirbhísí airgeadais. Féadfar tús áite a thabhairt don athbhreithniú ar rioscaí áirithe agus aicmí sócmhainní áirithe. Ar bhonn mheasúnú ÚEÁPC, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí chun an Treoir seo, nó gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme arna nglacadh dá bun, a leasú.

Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais a chuireann an céimniú isteach dá dtagraítear i mír 2a den Airteagal seo i bhfeidhm an méid seo a leanas a nochtadh go poiblí laistigh den chuid dá dtuarascáil maidir lena sócmhainneacht agus lena staid airgeadais ina mbeidh faisnéis atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh dá dtagraítear in Airteagal 51(1b):

(i) an fíoras go gcuireann siad i bhfeidhm an céimniú isteach dá dtagraítear i mír 2a den Airteagal seo; agus

(ii) cainníochtú an tionchair a bhaineann le gan an céimniú isteach dá dtagraítear i mír 2a den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar a staid airgeadais.';

(52) in Airteagal 112, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Tar éis formheas a fháil ó údaráis mhaoirseachta chun samhail inmheánach a úsáid, soláthróidh gnóthais árachais agus athárachais do na húdaráis mhaoirseachta, gach 2 bhliain, measachán ar an gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chinnfear i gcomhréir leis an bhfoirmle chaighdeánach, mar a leagtar amach i bhForoinn 2 í. Féadfaidh údaráis mhaoirseachta, trí bhíthin cinneadh ina luaitear na cúiseanna, tuairisciú níos minice a iarraidh ar an ngnóthas árachais nó athárachais.';

(53) in Airteagal 122, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do ghnóthais árachais agus athárachais éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 77d a chur san áireamh ina samhail inmheánach, sna cásanna seo a leanas agus sna cásanna sin amháin:

(a) maidir leis an modh chun éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta d'airgeadra a chur san áireamh, ní chuirtear san áireamh leis coigeartú gnóthas-sonrach an raoin difríochta arna cheartú de réir riosca de bhun Airteagal 77d(1c) ná, i gcás an euro, méadú féideartha ar an gcoigeartú luaineachta de bharr coigeartú macraluaineachta de bhun Airteagal 77d(4);

(b) níl an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta níos ísle ná aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) Ceanglas barúlach maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomhtar mar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, ach amháin go gcuirtear éifeacht na ngluaiseachtaí um raon difríochta creidmheasa ar an gcoigeartú luaineachta san áireamh i gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáideann ÚEÁPC chun faisnéis theicniúil a fhoilsiú de bhun Airteagal 77e(1), pointe (c);

(ii) Ceanglas barúlach maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, arna ríomh i gcomhréir le pointe (i) den phointe seo, ach amháin go gcinntear an phunann ionadaíoch le haghaidh airgeadra dá dtagraítear in Airteagal 77d(2), an dara fomhír, ar bhonn na sócmhainní ina bhfuil an gnóthas árachais nó athárachais ag infheistiú seachas ar bhonn shócmhainní na ngnóthas árachais nó athárachais uile ar a bhfuil oibleagáidí árachais nó athárachais a ainmnítear san airgeadra sin.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), beidh cinneadh na punainne ionadaíche le haghaidh airgeadra faoi leith bunaithe ar shócmhainní an ghnóthais a ainmnítear san airgeadra sin agus úsáidfear é chun an meastachán is fearr le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais a ainmnítear san airgeadra sin a chumhdach.';

(54) leasaítear Airteagal 132 mar a leanas:

(a) i mír 3, an dara fomhír, cuirtear na focail 'Treoir 2009/65/CE' in ionad na bhfocal 'Treoir 85/611/CEE';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘5. Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais forbairtí féideartha maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais san áireamh nuair a dhéanfaidh siad cinneadh faoina straitéis infheistíochta.

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais san áireamh freisin tionchar na rioscaí inbhuanaitheachta ar a n-infheistíochtaí agus tionchar fadtéarmach féideartha a gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta nuair a dhéanann siad cinneadh maidir lena straitéis infheistíochta.

6. Arna iarraidh sin don údarás maoirseachta, cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais ábhair imní mhacrastuamachta san áireamh nuair a dhéanfaidh siad cinneadh faoina straitéis infheistíochta agus déanfaidh siad measúnú ar a mhéid a fhéadfaidh a straitéis infheistíochta difear a dhéanamh d’fhorbairtí maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais, agus ar a mhéid a d’fhéadfaidís athrú ina bhfoinsí riosca shistéamaigh, agus na breithnithe sin a chur san áireamh mar chuid dá gcinntí infheistíochta.

7. Chun críocha mhíreanna 5 agus 6 den Airteagal seo, beidh an bhrí chéanna ag forbairtí maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais agus ag ábhair imní mhacrastuamachta agus atá in Airteagal 45.

8. Agus cinneadh á dhéanamh an iarraidh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a dhéanamh le gnóthas árachais nó athárachais, ar foghnóthas é a áirítear i raon feidhme na maoirseachta grúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a) agus (b), déanfaidh an t-údarás maoirseachta a mheas an é an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, nó an chuideachta sealbhaíochta árachais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, a dhéanann an measúnú dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo ar leibhéal an ghrúpa, agus an gcumhdaíonn sé sainiúlachtaí an fhoghnóthais sin.’;

(55) in Airteagal 133(3), cuirtear na focail ‘Treoir 2009/65/CE’ in ionad na bhfocal ‘Treoir 85/611/CEE’;

(56) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 136a*

Meath ar staid sócmhainneachta

1. Tar éis fógra a fháil de bhun Airteagal 136 nó tar éis dálaí airgeadais atá ag dul in olcas a shainaithint de bhun Airteagal 36(3), i gcás ina dtiocfaidh meath ar staid sócmhainneachta an ghnóthais, beidh sé de chumhacht ag na húdaráis mhaoirseachta na bearta is gá a dhéanamh chun an meath sin a leigheas.

2. Beidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 comhréireach leis an riosca agus beidh siad ar cóimhéid le suntasacht na ndálaí atá ag dul in olcas. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis mhaoirseachta na bearta seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(a) a cheangal ar chomhlacht riaracháin, bainistíochta, nó maoirseachta an ghnóthais an plean téarnaimh réamhchoisctheach arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a nuashonrú, i gcás ina bhfuil na himthosca éagsúil leis na toimhdí arna leagan amach sa phlean sin;

(b) a cheangal ar chomhlacht riaracháin, bainistíochta, nó maoirseachta an ghnóthais bearta a dhéanamh a leagtar amach sa phlean téarnaimh réamhchoisctheach arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir (AE); i gcás ina nuashonrófar an plean de bhun phointe (a) den mhír seo, beidh aon bheart nuashonraithe sna bearta a dhéanfar;

(c) a cheangal ar chomhlacht riaracháin, bainistíochta, nó maoirseachta an ghnóthais nach bhfuil plean téarnaimh réamhchoisctheach dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) i bhfeidhm aige, cúiseanna an neamhchomhlíonta nó an neamhchomhlíonta is dócha a bheidh ann i ndáil le ceanglais rialála a shainaithint agus bearta oiriúnacha agus tréimhse ama a shainaithint chun na ceanglais rialála sin a chur chun feidhme;

(d) a cheangal ar chomhlacht riaracháin, bainistíochta, nó maoirseachta an ghnóthais luach saothair inathraithe agus bónais, dáileacháin faoi ionstraimí cistí dílse nó míreanna cistí dílse a aisíoc nó a athcheannach a chur ar fionraí nó a shrianadh.

(*) Treoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/CE, agus (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2017/1129 (IO L, 2025/1, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1/oj).’;

(57) leasaítear Airteagal 138(4) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina ndéanfaidh staideanna eisceachtúla díobhálacha, arna ndearbhú ag ÚEAPC, difear do ghnóthais árachais agus athárachais arb ionann iad agus sciar suntasach den mhargadh nó de na línte gnó dá ndéantar difear, féadfaidh an t-údarás maoirseachta an tréimhse a leagtar amach i mír 3, an dara fomhír, a fhadú go ceann uastréimhse 7 mbliana le haghaidh na ngnóthas dá ndéantar difear, agus gach toisc ábhartha, lena n-áirítear meánfhad na bhforálacha teicniúla, á gcur san áireamh.';

(b) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Gan dochar do chumhachtaí ÚEAPC faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, dearbhóidh ÚEAPC, chun críocha na míre seo, tar éis iarraidh a bheith faighte ón údarás maoirseachta lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, tar éis dul i gcomhairle le BERS, go bhfuil staideanna eisceachtúla díobhálacha ann.';

(58) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 139:

'*Airteagal 139*

Neamhchomhlíonadh an Íoscheanglais Caipitil

1. Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an t-údarás maoirseachta ar an eolas láithreach i gcás inar léir dóibh nach bhfuil an tÍoscheanglas Caipitil á chomhlíonadh a thuilleadh, nó i gcás ina bhfuil riosca ann nach mbeidh sé á chomhlíonadh sna 3 mhí ina dhiaidh sin.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, beidh feidhm leis an gceanglas an t-údarás maoirseachta a chur ar an eolas, gan beann ar neamhchomhlíonadh an Íoscheanglais Caipitil ná an riosca nach mbeadh an tÍoscheanglas Caipitil á chomhlíonadh a bheith léir don ghnóthas árachais nó athárachais le linn don Íoscheanglas Caipitil a bheith á ríomh de bhun Airteagal 129(4) nó le linn don Íoscheanglas Caipitil a bheith á ríomh idir dhá dháta nuair a thuairiscítear an ríomh sin don údarás maoirseachta de bhun Airteagal 129(4).

2. Laistigh de mhí amháin ón tráth is léir nach raibh an tÍoscheanglas Caipitil á chomhlíonadh nó ón tráth is léir go raibh riosca ann nach mbeadh sé á chomhlíonadh, cuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais lena mbaineann scéim airgeadais ghearrthéarmach réalaíoch isteach chun a formheasta ag an údarás maoirseachta, chun na cistí dílse bunúsacha incháilithe a aischur, laistigh de 3 mhí ón neamhchomhlíonadh nó an riosca a bheith léir, chuig leibhéal an Íoscheanglais Caipitil ar a laghad nó chun a phróifíl riosca a laghdú chun comhlíonadh an Íoscheanglais Caipitil a áirithiú.

3. Mura n-osclaítear imeacht foirceanta laistigh de 2 mhí ón tráth a fhaightear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, breithneoidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an gcuirfear srian nó toirmeasc ar dhiúscairt saor in aisce na sócmhainní de chuid an ghnóthais árachais nó athárachais. Cuirfidh sé údaráis mhaoirseachta na mBallstát óstach ar an eolas dá réir sin. Glacfaidh na húdaráis sin na bearta céanna, arna n-iarraidh sin d'údarás maoirseachta an Bhallstáit baile. Ainmneoidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile na sócmhainní a bheidh le cumhdach leis na bearta sin.

4. Féadfaidh ÚEAPC treoirlínte a fhorbairt le haghaidh na ngníomhaíochtaí ar cheart d'údaráis mhaoirseachta iad a dhéanamh nuair a bhreathnaíonn siad nach gcomhlíontar an tÍoscheanglas Caipitil nó an riosca neamhchomhlíonta dá dtagraítear i mír 1.';

(59) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 141:

'*Airteagal 141*

Cumhachtaí maoirseachta i ndálaí airgeadais atá ag dul in olcas

1. I gcás ina measfaidh na húdaráis mhaoirseachta aon cheann de na bearta dá dtagraítear in Airteagail 136a, 138 agus 139 a bheith neamhéifeachtach nó neamhleor chun aghaidh a thabhairt ar an meath ar staid sócmhainneachta an ghnóthais, beidh sé de chumhacht ag na húdaráis mhaoirseachta na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna na sealbhóirí polasaí a choimirciú i gcás conarthaí árachais, nó chun na hoibleagáidí a eascraíonn as conarthaí athárachais a choimirciú.

2. Beidh na bearta sin comhréireach agus léireofar iontu leibhéal agus ré an mheatha ar staid sócmhainneachta an ghnóthais árachais nó athárachais lena mbaineann.';

(60) in Airteagal 144, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. I gcás ina n-aistarraingeofar údarú, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gnóthais árachais agus athárachais faoi réir rialacha agus chuspóirí ginearálta na maoirseachta árachais a leagtar amach i dTeideal I, Caibidil III, go dtí, ar a laghad, go n-osclófar aon imeacht foirceanta.';

(61) i dTeideal I, cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach:

'***CAIBIDIL VIIa***

Uirlisí macreastuamachta

Airteagal 144a

Bainistiú riosca leachtachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áiritheofar le bainistiú riosca leachtachta na ngnóthas árachais agus athárachais dá dtagraítear in Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (d), go gcoinneoidh siad leachtacht leordhóthanach ar bun chun a n-oibleagáidí airgeadais i leith sealbhóirí polasaí agus contrapháirtithe eile a shocrú nuair a bheidh siad dlite, fiú faoi dhálaí anáis.

2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go dtarraingeoidh gnóthais árachais agus athárachais suas plean bainistithe riosca leachtachta lena gcumhdófar anailís leachtachta sa ghearrthéarma, lena réamh-mheasfar na sreafaí airgeadais isteach agus amach i ndáil lena sócmhainní agus a ndliteanais, agus go gcoinneoidh siad an plean sin cothrom le dáta. Arna iarraidh sin do na húdaráis mhaoirseachta, leathnóidh gnóthais árachais agus athárachais an plean bainistithe riosca leachtachta chun anailís leachtachta a chumhdach freisin sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh gnóthais árachais agus athárachais tacar táscairí riosca leachtachta agus go gcoinneoidh siad cothrom le dáta iad chun brú leachtachta féideartha a shainaithint, faireachán a dhéanamh air agus dul i ngleic leis.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an plean bainistithe riosca leachtachta faoi bhráid na n-údarás maoirseachta mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35(1).

4. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le gnóthais bheaga neamhchasta agus gnóthais a bhfuil formheas faighte roimh ré acu ón údarás maoirseachta de bhun Airteagal 29d, nach mbeidh sé d'oibleagáid orthu plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas, dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an coigeartú meaitseála, dá dtagraítear in Airteagal 77b, nó an coigeartú luaineachta, dá dtagraítear in Airteagal 77d, i bhfeidhm, go bhféadfaidh siad an plean bainistithe riosca leachtachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chomhcheangal leis an bplean a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 44(2), an ceathrú fomhír.

Airteagal 144b

Cumhachtaí maoirseachta chun leochaileachtaí leachtachta a réiteach in imthosca eisceachtúla

1. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe tráthrialta maoirseachta, déanfaidh údaráis mhaoirseachta faireachán ar staid leachtachta gnóthas árachais agus athárachais. I gcás ina sainaithneoidh siad rioscaí ábhartha leachtachta, cuirfidh siad an gnóthas árachais nó athárachais lena mbaineann ar an eolas faoi sin. Míneoidh an gnóthas árachais nó athárachais an bealach a bhfuil sé beartaithe aige dul i ngleic leis na rioscaí leachtachta sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá ag údaráis mhaoirseachta chun a cheangal ar ghnóthais a staid leachtachta a threisiú nuair a shainaithneofar rioscaí ábhartha leachtachta nó easnaimh ábhartha leachtachta. Cuirfear na cumhachtaí sin i bhfeidhm i gcás ina mbeidh fianaise leordhóthanach ann gur ann do rioscaí ábhartha leachtachta agus nach bhfuil réitigh éifeachtacha á gcur i bhfeidhm ag an ngnóthas árachais nó athárachais.

Déanfaidh údarás maoirseachta athbhreithniú ar na bearta a dhéanann sé ar bhonn na míre seo gach 6 mhí ar a laghad agus cuirfear deireadh leis na bearta nuair a bheidh réitigh éifeachtacha curtha i bhfeidhm ag an ngnóthas.

I gcás inarb ábhartha, roinnfidh an t-údarás maoirseachta an fhianaise ar leochaileachtaí i dtéarmaí rioscaí leachtachta le ÚEÁPC.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis na gnóthais aonair a bhfuil rioscaí ábhartha leachtachta acu a d'fhéadfadh a bheith ina ngarbhagairt ar chosaint na sealbhóirí polasaí nó ar chobhsaíocht an chórais airgeadais, go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh ar bhonn sealadach:

(a) srian a chur le dáileacháin díbhinní ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe fo-ordaithe eile, nó iad a chur ar fionraí;

(b) srian a chur le híocaíochtaí eile le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe fo-ordaithe eile, nó iad a chur ar fionraí;

(c) srian a chur le haischeannach scaireanna agus ar aisíocaíocht nó ar fhuascailt míreanna cistí dílse, nó iad a chur ar fionraí;

(d) srian a chur le bónais nó luach saothair inathraithe eile, nó iad a chur ar fionraí;

(e) cearta fuascailte sealbhóirí polasaí árachais saoil a chur ar fionraí ("cearta fuascailte").

Ní fheidhmeofar an chumhacht chun cearta fuascailte a chur ar fionraí ach amháin in imthosca eisceachtúla a dhéanann difear don ghnóthas, mar rogha dheiridh agus i gcás ina rachaidh sé sin chun leas comhchoiteann shealbhóirí polasaí agus thairbhithe an ghnóthais. Sula bhfeidhmeofar an chumhacht sin, cuirfidh an t-údarás maoirseachta san áireamh na héifeachtaí féideartha neamhbheartaithe ar na margaí airgeadais agus ar chearta shealbhóirí polasaí agus thairbhithe an ghnóthais, lena n-áirítear i gcomhthéacs trasteorann. Cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta na cúiseanna atá acu le cur i bhfeidhm na cumhachta sin ar fáil don phobal.

Ní mhairfidh cur i bhfeidhm aon bhirt dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos faide ná 3 mhí. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir beart a athnuachan más rud é gur ann do na cúiseanna arb údar leis fós agus nach gcuirtear i bhfeidhm é nuair nach ann do na cúiseanna sin a thuilleadh.

Gan dochar d'Airteagal 144c(6), áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na gnóthais árachais ná athárachais lena mbaineann an méid seo a leanas go dtí go mbainfidh na húdaráis mhaoirseachta fionraí na gceart fuascailte:

(a) aon dáileacháin ná íocaíochtaí eile a thabhairt do scairshealbhóirí ná do chreidiúnaithe fo-ordaithe eile;

(b) dul ar aghaidh le haischeannach scaireanna ná aon chistí dílse a aisíoc ná a fhuascailt; nó

(c) bónais nó luach saothair inathraithe eile a íoc le comhaltaí an chomhlachta riaracháin, bainistíochta ná maoirseachta, le sealbhóirí príomhfheidhme ná leis an mbainistíocht shinsearach.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá ag na húdaráis mhaoirseachta chun na ceanglais dá dtagraítear sa cheathrú fomhír a fhorfheidhmiú.

Comhlachtaí agus údaráis a bhfuil sainordú macrastuamachta acu, i gcás nach iad na húdaráis mhaoirseachta iad, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar an eolas mar is iomchuí iad in am trátha maidir le rún an údaráis maoirseachta úsáid a bhaint as na cumhachtaí dá dtagraítear sa mhír seo agus go ligfear dóibh a bheith páirteach i measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí féideartha neamhbheartaithe dá dtagraítear sa dara fomhír.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh údaráis mhaoirseachta ÚEÁPC agus BERS ar an eolas aon uair a fheidhmeofar na cumhachtaí dá dtagraítear sa mhír seo chun dul i ngleic le riosca do chobhsaíocht an chórais airgeadais.

4. Agus an chumhacht dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo á feidhmiú acu, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta san áireamh go cuí na critéir chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 29(3).

I gcás ina measfaidh ÚEÁPC, tar éis dó dul i gcomhairle le BERS, go bhfuil feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 3 arna dhéanamh ag an údarás inniúil iomarcach, eiseoidh sé tuairim chuig an údarás maoirseachta lena mbaineann á rá gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an údaráis maoirseachta sin. Ní dhéanfar an tuairim sin a phoibliú.

5. Agus an chumhacht dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo á feidhmiú acu, cuirfidh údaráis mhaoirseachta an fhianaise a eascraíonn as an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta san áireamh, mar aon le measúnú réamhbhreathnaitheach ar staid sócmhainneachta agus airgeadais na ngnóthas lena mbaineann, i gcomhréir leis an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fomhír, pointí (a) agus (b).

6. Féadfar na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 3 a fheidhmiú i ndáil le gnóthais lena mbaineann a oibríonn i mBallstát ar leith, i gcás ina ndéanfaidh na himthosca eisceachtúla dá dtagraítear i mír 3 difear don mhargadh árachais iomlán, nó do chuid shuntasach de.

Ceapfaidh na Ballstáit údarás chun na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír seo a fheidhmiú.

I gcás ina mbeidh an t-údarás ceaptha difriúil leis an údarás maoirseachta, áiritheoidh an Ballstát comhordú ceart agus malartú faisnéise ceart idir na húdaráis dhifriúla. Go háirithe, ceanglófar ar gach údarás comhoibriú go dlúth agus an fhaisnéis ar fad a chomhroinnt a bhféadfadh gá a bheith léi chun go bhfeidhmeoidh an t-údarás, atá ceaptha de bhun na míre seo, na dualgais a chuirtear ar a iontaoibh ar bhealach leordhóthanach.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an t-údarás dá dtagraítear i mír 6, an dara fomhír, ÚEÁPC agus, i gcás ina nglacfar an beart chun dul i ngleic le riosca do chobhsaíocht an chórais airgeadais, BERS, ar an eolas i dtráth cuí maidir le húsáid na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 6.

Áireofar leis an bhfógra sin tuairisc ar an mbeart a cuireadh i bhfeidhm, fad an bhirt, agus na cúiseanna le húsáid na cumhachta, lena n-áirítear na cúiseanna ar measadh go raibh an beart éifeachtach agus comhréireach i ndáil lena éifeachtaí diúltacha ar shealbhóirí polasaí.

8. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC, tar éis dó dul i gcomhairle le BERS, treoirlínte chun an méid a leanas a shonrú a thuilleadh:

(a) na bearta chun dul i ngleic le heasnaimh i mbainistiú riosca leachtachta agus cineál, gníomhachtú agus calabrú na gcumhachtaí a fhéadfaidh údaráis mhaoirseachta a fheidhmiú chun staid leachtachta na ngnóthas a threisiú i gcás ina sainaithnítear rioscaí leachtachta agus nach réitíonn na gnóthais sin iad ar bhealach leormhaith;

(b) imthosca eisceachtúla a thugann údar le fionraí shealadach na gceart fuascailte;

(c) na dálaí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach fhionraí shealadach na gceart fuascailte a áirithiú mar rogha dheiridh ar fud an Aontais agus na gnéithe atá le breithniú chun sealbhóirí polasaí a chosaint ar bhealach comhionann leordhóthanach i ngach dlínse baile agus óstach.

Airteagal 144c

Bearta maoirseachta chun staid airgeadais na ngnóthas a chaomhnú le linn suaití eisceachtúla ar fud na hearnála

1. Gan dochar d'Airteagal 141, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag údaráis mhaoirseachta bearta a dhéanamh chun staid airgeadais gnóthais árachais nó athárachais aonair a chaomhnú le linn tréimhsí suaití eisceachtúla ar fud na hearnála, a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar staid airgeadais an ghnóthais lena mbaineann nó ar chobhsaíocht an chórais airgeadais.

2. Le linn tréimhsí suaití eisceachtúla ar fud na hearnála, beidh an chumhacht ag údaráis mhaoirseachta a cheangal ar ghnóthais, ag a bhfuil próifíl riosca atá an-leochaileach, ceann amháin ar a laghad de na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) srian a chur le dáileacháin díbhinní ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe fo-ordaithe eile, nó iad a chur ar fionraí;

(b) srian a chur le híocaíochtaí eile le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe fo-ordaithe eile, nó iad a chur ar fionraí;

(c) srian a chur le haischeannach scaireanna agus le haisíocaíocht nó le fuascailt míreanna cistí dílse, nó iad a chur ar fionraí;

(d) srian a chur le bónais nó luach saothair inathraithe eile, nó iad a chur ar fionraí.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na comhlachtaí agus údaráis náisiúnta ábhartha ag a bhfuil sainordú macrastuamachta ar an eolas mar is iomchuí maidir le rún an údaráis maoirseachta náisiúnta úsáid a bhaint as na cumhachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo, agus go ligfear dóibh a bheith páirteach go hiomchuí sa mheasúnú ar shuaitf eisceachtúla ar fud na hearnála i gcomhréir leis an mír seo.

3. Agus an chumhacht sin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo á feidhmiú acu, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta na critéir chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 29(3), san áireamh go hiomchuí, agus cuirfear san áireamh teorainneacha lamháltais riosca a bheith formheasta ag an ngnóthas agus tairseacha a bheith ina chóras bainistithe riosca.

4. Agus an chumhacht dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo á feidhmiú acu, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta an fhianaise a eascraíonn as an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta san áireamh, mar aon le measúnú réamhbhreathnaitheach ar staid sócmhainneachta agus airgeadais na ngnóthas lena mbaineann, i gcomhréir leis an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fomhír, pointí (a) agus (b).

5. Mairfidh cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i mír 2 ar feadh tréimhse a mhairfidh a fhad agus is ann do na cúiseanna is údar leis na bearta. Déanfar athbhreithniú ar na bearta sin ar a laghad gach 3 mhí agus cuirfear deireadh leo a luaithe nach ann a thuilleadh do na cúiseanna arb údar leis na bearta.

6. Chun críocha an Airteagail seo, ní chuirfear srian le hidirbhearta suntasacha inghrúpa, dá dtagraítear in Airteagal 245(2), lena n-áirítear dáileacháin díbhinní inghrúpa, ná ní chuirfear ar fionraí iad ach amháin i gcás inar bagairt iad ar shócmhainneacht nó ar staid leachtachta an ghrúpa nó ar cheann amháin ar a laghad de na gnóthais laistigh den ghrúpa. Rachaidh údaráis mhaoirseachta na ngnóthas gaolmhar i gcomhairle le maoirseoir an ghrúpa sula gcuirfear idirbhearta leis an gcuid eile den ghrúpa ar fionraí, nó sula gcuirfear srian leo.

7. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, tar éis dó dul i gcomhairle le BERS, chun na critéir maidir le sainaithint na suaitf eisceachtúla ar fud na hearnála a shonrú. Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

Airteagal 144d

Uirlisí macrastuamachta breise a chur i bhfeidhm

1. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na n-uirlisí macrastuamachta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (e), Airteagal 132(6) agus Airteagal 144a(2) a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir leis na critéir atá le cur san áireamh ag údaráis mhaoirseachta nuair a bheidh na gnóthais agus grúpaí árachais nó athárachais á sainiú ar a n-iarrfar an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na hanailísí macrastuamachta breise dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (e), a dhéanamh, agus na himthosca dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal sin á gcur san áireamh;

(b) breithnithe macrastuamachta a chorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama dá dtagraítear in Airteagal 132(6), agus na himthosca dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal sin á gcur san áireamh;

(c) plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas lena gcumhdófar anailís leachtachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma i gcomhréir le hAirteagal 144a(2).

Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

2. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na n-uirlisí macrastuamachta dá dtagraítear in Airteagal 144a(2) a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun ábhar agus minicíocht nuashonrú na bpleananna bainistithe riosca leachtachta a shonrú, agus teaglaim fhéideartha pleananna dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal sin á cur san áireamh. Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

3. Chun críocha mhír 1, pointí (a) agus (b), beidh na critéir atá le cur san áireamh comhréireach le cineál, scála agus castacht na rioscaí, agus go háirithe an leibhéal idirnascachta le margaí airgeadais, cineál trasteorann na ngníomhaíochtaí árachais agus athárachais, agus infheistíochtaí na ngnóthas árachais agus athárachais.

4. Chun críocha mhír 1, pointe (c), beidh na critéir atá le cur san áireamh comhréireach le cineál, scála agus castacht na rioscaí agus, go háirithe, cuirfear san áireamh leo, in éineacht, comhdhéanamh na bpunann sócmhainní agus dliteanas, cineál agus inathraitheacht na n-oibleagáidí árachais agus athárachais agus neamhchosaint shreabhadh airgid ionchasach na sócmhainní ar luaineachtaí margaidh.';

(62) in Airteagal 145, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ainm duine ag a bhfuil cumhachtaí leordhóthanacha chun ceangal a chur ar an ngnóthas árachais, i ndáil le tríú páirtithe;';

(b) scriostar an dara fomhír;

(63) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 149:

'*Airteagal 149*

Athruithe ar chineál na rioscaí nó na ngealltanas

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagail 147 agus 148 maidir le haon athrú a bhfuil sé beartaithe ag gnóthas árachais é a dhéanamh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 147.

2. I gcás ina mbeidh athrú ar an ngnó atá á shaothrú ag an ngnóthas árachais faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, a dhéanann difear ábhartha dá phróifíl riosca, nó a bhfuil tionchar ábhartha á imirt aige ar na gníomhaíochtaí árachais i mBallstát óstach amháin nó níos mó, cuirfidh an gnóthas árachais údarás maoirseachta an Bhallstáit baile ar an eolas láithreach. Cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile údaráis mhaoirseachta na mBallstát óstach lena mbaineann ar an eolas gan mhoill.';

(64) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil VIII, Roinn 2A:

'**Fógra, gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann agus ardáin comhair**';

(65) in Airteagal 152a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile fógra a thabhairt do ÚEÁPC agus d'údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh ábhartha má shainaithníonn sé go bhfuil dálaí airgeadais ag dul in olcas nó go bhfuil rioscaí eile ag teacht chun cinn, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, a eascraíonn as gnóthas árachais nó athárachais atá i mbun gníomhaíochtaí atá bunaithe ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó ar an gceart bunaíochta agus a bhféadfaidh éifeacht trasteorann a bheith acu. Féadfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh fógra a thabhairt do ÚEÁPC agus d'údarás maoirseachta an Bhallstáit baile ábhartha freisin i gcás ina mbeidh ábhair imní thromchúiseacha agus réasúnaithe aige maidir le cosaint tomhaltóirí. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÁPC agus cúnamh a iarraidh air i gcás nach féidir teacht ar aon réiteach déthaobhach.';

(66) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 152aa*

Gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann

1. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn “gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann” gníomhaíochtaí árachais agus athárachais a dhéantar i mBallstát óstach ar leith faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a dhéanann gnóthas árachais nó athárachais nach n-aicmítear mar ghnóthas beag neamhchasta é, agus a chomhlíonann aon cheann de na ceanglais seo a leanas:

(a) is mó ná EUR 15 000 000 an t-ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí a dhéanann an gnóthas sa Bhallstát óstach sin faoin gceart bunaíochta agus faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar;

(b) measann údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh go bhfuil na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b), den Airteagal seo, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú breise a dhéanamh ar na coinníollacha agus na critéir atá le húsáid nuair a chinnfear cé na gnóthais árachais nó athárachais is ábhartha a mhéid a bhaineann le margadh an Bhallstáit óstaigh.

Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), nuair a mheasfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh go bhfuil na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse seirbhísí a sholáthar ábhartha a mhéid a bhaineann le margadh an Bhallstáit óstaigh, tabharfaidh sé fógra d’údarás maoirseachta an Bhallstáit baile ina luafar na cúiseanna atá leis sin.

4. I gcás nach gcomhaontaíonn údarás maoirseachta an Bhallstáit baile le hábharthacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, tabharfaidh sé fógra d’údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh laistigh de mhí amháin, agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis sin. I gcás easaontas maidir le hábharthacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÁPC agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010. Sa chás sin, féadfaidh ÚEÁPC gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar faoin Airteagal sin.

Airteagal 152ab

Comhar feabhsaithe maoirseachta agus malartú feabhsaithe faisnéise idir na húdaráis bhaile agus óstacha i ndáil le gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann

1. I gcás gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann, oibreoidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile agus údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh i gcomhar le chéile chun a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil tuiscint shoiléir ag an ngnóthas ar na rioscaí atá roimhe, nó a fhéadfaidh a bheith roimhe, sa Bhallstát óstach, agus cibé acu a dhéanann sé bainistiú fónta ar na rioscaí sin nó nach ndéanann.

Beidh an comhar i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann agus cumhdófar ann na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) an córas rialachais lena n-áirítear cumas an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta tuiscint a fháil ar shonraíochtaí margaidh trasteorann, uirlisí bainistithe riosca, na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm agus nósanna imeachta comhlíonta le haghaidh an ghnó trasteorann;

(b) seachfhoinsiú agus comhpháirtíochtaí dáileacháin;

(c) straitéis ghnó agus láimhseáil éileamh;

(d) cosaint tomhaltóirí.

2. Cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile, go tráthúil, údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi thoradh a phróisis athbhreithnithe maoirseachta a bhaineann le gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann i gcás inar sainaithníodh saincheisteanna féideartha maidir le comhlíonadh na bhforálacha reachtaíochta agus riaracháin is infheidhme sa Bhallstát óstach nó sa Bhallstát baile nó saincheisteanna ábhartha maidir leis na gnéithe dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, agus go bhfágfaidh na saincheisteanna sin a lorg (nó go bhféadfaidh siad a lorg a fhágáil) ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh sa Bhallstát óstach.

Cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an fhaisnéis seo a leanas ar fáil d'údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh ina ndéanann an gnóthas gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann uair sa bhliain ar a laghad, nó níos minice i gcás iarraidh ó údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh lena mbaineann:

(a) an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus an tÍoscheanglas Caipitil, arna dtuairisciú ag an ngnóthas árachais nó athárachais;

(b) méideanna na gcistí dílse incháilithe chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus an tÍoscheanglas Caipitil faoi seach a chumhdach, arna dtuairisciú ag an ngnóthas árachais nó athárachais;

(c) léiriú ar ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag údarás maoirseachta an Bhallstáit baile maidir le ríomh forálacha teicniúla arna dhéanamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais, agus maidir leis na míreanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).

Cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh ina ndéanann an gnóthas gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann ar an eolas gan mhoill i gcás ina sainaithneoidh sé go bhfuil dálaí airgeadais ag dul in olcas nó go bhfuil riosca ann nach gcomhlíonfar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ná an tÍoscheanglas Caipitil laistigh de na 3 mhí dá éis.

Féadfaidh údarás maoirseachta Ballstáit óstaigh ina ndéanann gnóthas árachais nó athárachais gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann, féadfaidh sé iarraidh a bhfuil údar cuí léi a dhíriú chuig údarás maoirseachta Bhallstát baile an ghnóthais sin chun faisnéis a fháil seachas an fhaisnéis a luaitear sa chéad fhomhír, sa dara fomhír agus sa tríú fomhír, ar choinníoll go mbaineann sí le sócmhainneacht, le córas rialachais nó le samhail ghnó an ghnóthais sin. Cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an fhaisnéis sin ar fáil go tráthúil.

3. I gcás nach soláthróidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo go tráthúil, féadfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh lena mbaineann an t-ábhar a tharchur chuig ÚEAPC agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

4. I gcás nach gcomhlíonfaidh gnóthas árachais nó athárachais a bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann á ndéanamh aige an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ná an tÍoscheanglas Caipitil, nó gur dócha nach gcomhlíonfaidh, sna 3 mhí dá éis sin, féadfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh, ina bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann ag an ngnóthas sin, a iarraidh ar údarás maoirseachta an Bhallstáit baile cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh leis ar láthair an ghnóthais árachais nó athárachais, agus na cúiseanna leis an iarraidh sin á míniú.

Glacfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile leis an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nó diúltóidh sé di, laistigh de mhí amháin ón tráth a fhaightear í.

5. I gcás ina gcomhaontaíonn údarás maoirseachta an Bhallstáit baile cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh, iarrfaidh sé ar ÚEAPC páirt a ghlacadh sa chigireacht sin.

Tar éis dóibh an chigireacht chomhpháirteach ar an láthair a thabhairt i gcrích, bainfidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann conclúidí comhpháirteacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí maoirseachta is iomchuí, amach laistigh de 2 mhí. Cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile na conclúidí comhpháirteacha sin san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí oiriúnacha don mhaoirseacht.

I gcás nach féidir leis na húdaráis mhaoirseachta teacht ar chonclúid chomhpháirteach maidir leis an gcigireacht chomhpháirteach ar an láthair, féadfaidh ceachtar acu an t-ábhar a tharchur chuig ÚEAPC agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, laistigh de 2 mhí tar éis dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo, agus gan dochar do na cumhachtaí ná do na gníomhaíochtaí maoirseachta atá le déanamh ag údarás maoirseachta an Bhallstáit baile chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta nó le neamhchomhlíonadh, nó le neamhchomhlíonadh dóchúil, an Íoscheanglais Caipitil. Ní tharchuirfear an t-ábhar chuig ÚEAPC tar éis dhul in éag na tréimhse 2 mhí dá dtagraítear san fhomhír seo ná tar éis comhshocrú ar chonclúidí comhpháirteacha a bheith bainte amach idir údaráis mhaoirseachta i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo.

Más rud é, laistigh den tréimhse 2 mhí dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo, go bhfuil aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tar éis an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÁPC i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, déanfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile glacadh chonclúidí deiridh na cigireachta comhpháirtí ar an láthair a chur siar agus fanfaidh sé le haon chinneadh a fhéadfaidh ÚEÁPC a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 19(3) den Rialachán sin, agus glacfaidh sé na conclúidí i gcomhréir le cinneadh ÚEÁPC. Aithneoidh gach údarás maoirseachta lena mbaineann na conclúidí sin mar chonclúidí cinntitheacha.

6. I gcás ina ndiúltóidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh, míneoidh sé i scríbhinn cúiseanna an diúltaithe sin d'údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh.

I gcás ina n-easaontóidh údaráis mhaoirseachta leis na cúiseanna le diúltú, féadfaidh siad an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÁPC agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 laistigh de mhí amháin tar éis fógra maidir le cinneadh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile a fháil. Sa chás sin, féadfaidh ÚEÁPC gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar do leis an Airteagal sin.';

(67) leasaítear Airteagal 152b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Gan dochar d'Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta ábhartha, arna iarraidh sin do ÚEÁPC nó d'aon údarás maoirseachta, an fhaisnéis riachtanach go léir a sholáthar go tráthúil ionas go bhfeidhmeoidh an t-ardán comhair go cuí.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'5. Beidh feidhm ag ceanglais maidir le comhar feabhsaithe maoirseachta agus malartú feabhsaithe faisnéise idir na húdaráis mhaoirseachta bhaile agus na húdaráis mhaoirseachta óstacha i gcomhréir le hAirteagal 152ab freisin maidir le húdaráis mhaoirseachta atá rannpháirteach in ardán comhair ó bhunú an ardáin chomhair sin de bhun mhír 1 nó 2 den Airteagal seo agus gan beann ar cibé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann a ndéanamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais. Déanfar an fhaisnéis sin a chomhroinnt le ÚEÁPC freisin nuair a chuirfear ardáin chomhair ar bun de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

6. I gcás ina n-easaontóidh dhá údarás ábhartha nó níos mó, de chuid ardáin comhair, maidir leis an nós imeachta nó le hábhar gníomhaíochta atá le déanamh nó le heaspa gníomhaíochta, i ndáil le gnóthas árachais nó athárachais, agus i gcás ina bhfuil ábhair imní thromchúiseacha ann maidir le héifeachtaí diúltacha ar shealbhóirí polasaí, féadfaidh ÚEÁPC, arna iarraidh sin d'aon údarás ábhartha, cúnamh a thabhairt do na húdaráis teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

I gcás ina mbeidh ábhair imní thromchúiseacha ann maidir le héifeachtaí diúltacha ar shealbhóirí polasaí i mBallstáit eile seachas an Ballstát baile agus léiriú ar easnaimh thromchúiseacha i ngnóthas árachais nó athárachais nach ndearna an t-údarás maoirseachta inniúil aon ghníomhaíocht feabhais ina leith ná nach ndearna sé gníomhaíocht feabhais leordhóthanach ina leith, féadfaidh ÚEÁPC a iarraidh ar údarás maoirseachta an Bhallstáit baile cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar an ngnóthas árachais nó athárachais. Seolfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an chigireacht ar an láthair gan mhoill agus iarrfaidh sé ar ÚEÁPC agus údaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a bheith rannpháirteach inti. Beidh feidhm ag Airteagal 152ab(5), an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír.

7. I gcás ina n-easaontóidh dhá údarás ábhartha nó níos mó de chuid ardáin comhair faoi chomhroinnt faisnéise de bhun mhír 4 nó 5 den Airteagal seo, féadfaidh ÚEÁPC cuidiú leo teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 arna iarraidh sin d'aon údarás ábhartha.

8. I gcás ina measann sé gurb iomchuí sin i bhfianaise leas chosaint an tsealbhóra polasaí nó ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais, féadfaidh ÚEÁPC faisnéis a fhoilsiú faoi thorthaí, moltaí nó bearta a eascraíonn as obair mhaoirseachta i gcomhthéacs an ardáin comhair.

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag ÚEÁPC ainm an ghnóthais árachais nó athárachais lena mbaineann a fhoilsiú, tabharfaidh sé fógra don ghnóthas sin gan mhoill go bhfuil sé ar intinn aige an t-ainm a fhoilsiú agus am leordhóthanach a dheonú don ghnóthas sin chun barúlacha i scríbhinn a sholáthar agus chun aon fhaisnéis nó argóintí ábhartha a chur faoi bhráid ÚEÁPC agus údaráis mhaoirseachta eile an ardáin comhair. Déanfaidh ÚEÁPC measúnú cuí ar sheasamh an ghnóthais lena mbaineann agus cuirfidh sé san áireamh é agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le foilsiú ainm an ghnóthais. Ní fhoilseoidh ÚEÁPC ainm an ghnóthais lena mbaineann

i gcás ina gcuirfeadh foilsiú den sórt sin imscrúdú atá ar siúl i mbaol nó ina mbeadh sé ina chúis, a mhéid is féidir a chinneadh, le damáiste díréireach dó.';

(68) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 153:

'*Airteagal 153*

Tréimhsí agus teanga na n-iarrataí ar fhaisnéis

1. Féadfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh an fhaisnéis a éileamh, a bhfuil sé i dteideal í a iarraidh, maidir le gnó gnóthais árachais nó athárachais atá ag oibriú i gcríoch an Bhallstáit sin, ar údarás maoirseachta Bhallstát baile an ghnóthais sin. Soláthrófar an fhaisnéis sin laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fhaightear iarraidh, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, nó i dteanga eile lena nglacann údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh ar fáil go héasca d'údarás maoirseachta an Bhallstáit baile agus ina bhfuil sé casta í a bhailiú, féadfar an sprioc-am dá dtagraítear san fhomhír sin a fhadú 20 lá oibre.

2. I gcás ina dteipfidh ar údarás maoirseachta an Bhallstáit baile an fhaisnéis a sholáthar laistigh den tréimhse ábhartha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh an iarraidh a chur díreach faoi bhráid an ghnóthais árachais nó athárachais. Sa chás sin, cuirfidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh údarás maoirseachta an Bhallstáit baile ar an eolas faoin iarraidh ar fhaisnéis sula gcuirfear an iarraidh faoi bhráid an ghnóthais. Ceanglófar ar an ngnóthas árachais nó athárachais an fhaisnéis sin a sholáthar gan mhoill.';

(69) leasaítear Airteagal 212 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear 'Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE' in ionad na bhfocal 'Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE';

(ii) i bpointe (b), cuirtear 'Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE' in ionad na bhfocal 'Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ciallaíonn "grúpa" grúpa gnóthas ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) tá sé comhdhéanta de ghnóthas rannpháirteach, a fhochuideachtaí, na heintitis ina bhfuil rannpháirtíocht á sealbhú ag an ngnóthas rannpháirteach nó ag a fhochuideachtaí agus gnóthais atá á mbainistiú ag an ngnóthas rannpháirteach nó ag a fhochuideachtaí go comhpháirteach le gnóthas amháin nó níos mó nach bhfuil ina chuid nó ina gcuid den ghrúpa, mar aon le gnóthais atá nasctha le chéile trí chaidreamh mar a leagtar amach in Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE agus a ngnóthais ghaolmhara;

(ii) tá sé bunaithe ar bhunú caidreamh airgeadais láidir agus inbhuanaithe i measc na ngnóthas sin, ar bhonn conarthach nó ar bhonn eile, agus a bhféadfaidh comhlachais fhrithpháirteacha nó comhlachais de chineál frithpháirteach a bheith ar áireamh ann, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

— feidhmíonn ceann de na gnóthais sin go hiarbhír, trí chomhordú láraithe, tionchar ceannasach ar chinntí na ngnóthas eile atá mar chuid den ghrúpa, lena n-áirítear cinntí airgeadais; agus,

— tá bunú agus díscaoileadh caidreamh den sórt sin chun críocha an Teidil seo faoi réir formheas a fháil roimh ré ón maoirseoir grúpa,

i gcás ina measfar gurb é an gnóthas a fheidhmíonn an comhordú láraithe an máthairghnóthas, agus measfar gur fochuideachtaí iad na gnóthais eile; nó

(iii) tá sé comhdhéanta de theaglaim de phointí (i) agus (ii);';

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) ciallaíonn "cuideachta sealbhaíochta árachais" gnóthas a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas go léir:

(i) is máthairghnóthas é an gnóthas;

(ii) ní institiúid creidmheasa, gnóthas árachais, gnóthas athárachais, gnólacht infheistíochta ná institiúid um sholáthar pinsean ceirde é an gnóthas;

(iii) ní cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha ná cuideachta sealbhaíochta airgeadais é an gnóthas de réir bhrí Airteagal 4, pointe (20), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iv) is gnóthas árachais nó athárachais é foghnóthas amháin ar a laghad den ghnóthas;

(v) d'ainneoin a chríche corparáidí sonraithe féin, is é príomhghnó an ghnóthais aon cheann díobh seo a leanas:

(1) rannpháirtíochtaí i ngnóthais árachais nó athárachais a fháil agus a shealbhú;

(2) seirbhísí coimhdeacha a sholáthar do phríomhghníomhaíocht gnóthais árachais nó athárachais ghaolmhair amháin nó níos mó;

(3) ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí 2 go 12 agus i bpointe 15 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a shaothrú, nó ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE a shaothrú i ndáil leis na hionstraimí airgeadais a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn C, a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(vi) tá baint ag níos mó ná 50 % de cheann amháin ar a laghad de na táscairí seo a leanas, ar bhonn seasta, le fochuideachtaí ar gnóthais árachais nó athárachais, gnóthais árachais nó athárachais tríú tír, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuideachtaí sealbhaíochta gnóthais árachais agus athárachais tríú tír nó gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí atá coimhdeach le príomhghníomhaíocht gnóthais árachais nó athárachais amháin nó roinnt gnóthas árachais nó athárachais den ghrúpa iad, chomh maith le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas féin nach bhfuil baint acu le fáil nó sealbhú rannpháirtíochtaí i bhfoghnóthais ar gnóthais árachais nó athárachais, nó gnóthais árachais nó athárachais tríú tír iad, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí sin den chineál chéanna agus atá na gníomhaíochtaí a dhéanann na gnóthais árachais nó athárachais:

(1) cothromas an ghnóthais ar bhonn a staide comhdhlúite;

(2) sócmhainní an ghnóthais ar bhonn a staide comhdhlúite;

(3) ioncam an ghnóthais ar bhonn a staide comhdhlúite;

(4) pearsanra an ghnóthais ar bhonn a staide comhdhlúite;

(5) aon táscaire eile a mheasann an t-údarás maoirseachta náisiúnta a bheith ábhartha;';

(v) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(fa) ciallaíonn "cuideachta sealbhaíochta gnóthais árachais agus athárachais tríú tír" máthairghnóthas seachas cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de réir bhrí Airteagal 2, pointe (15), de Threoir 2002/87/CE, arb é a príomhghnó rannpháirtíochtaí i bhfoghnóthais a fháil agus a shealbhú, i gcás inar gnóthas árachais nó athárachais tríú tír go heisiach nó go príomha iad na foghnóthais sin;';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Chun críocha an Teidil seo, measfaidh na húdaráis mhaoirseachta gur máthairghnóthas é aon ghnóthas, i dtuairim na n-údarás maoirseachta, a fheidhmíonn, go hiarbhír, tionchar ceannasach ar ghnóthas eile, lena n-áirítear i gcás ina bhfeidhmeofar an tionchar sin le comhordú láraithe, maidir le cinntí an ghnóthais eile.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'3. Chun críocha an Teidil seo, measfaidh na húdaráis mhaoirseachta gur grúpa de réir bhrí mhír 1, pointe (c), é dhá ghnóthas nó níos mó a bhainistítear ar bhonn aontaithe i dtuairim na n-údarás maoirseachta.

I gcás nach sa Bhallstát céanna atá ceannoifig na ngnóthas uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh ach an t-údarás maoirseachta ag gníomhú dó mar mhaoirseoir grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247 a chinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, gur grúpa iad na gnóthais sin, i gcás inarb é tuairim an údaráis go mbainistítear na gnóthais sin ar bhonn aontaithe.

4. Agus caidreamh á shainaithint idir dhá ghnóthas ar a laghad, dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, breithneoidh údaráis mhaoirseachta na tosca uile seo a leanas:

(a) rialú nó cumas duine nádúrtha nó gnóthais chun tionchar a imirt ar chinntí, lena n-áirítear cinntí airgeadais, de chuid gnóthais, go háirithe i ngeall ar shealbhú na gceart caipitil nó vótála, ionadaíocht sa chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, nó a bheith i measc na ndaoine a reáchtálann gnóthas, go hiarbhír, nó ag a bhfuil príomhfheidhmeanna nó feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha eile;

(b) gnóthas a bheith ag brath go mór ar ghnóthas eile nó ar dhuine dlítheanach nó nádúrtha, i ngeall ar idirbhearta nó oibríochtaí ábhartha airgeadais nó neamhairgeadais a bheith ann, lena n-áirítear seachfhoinsiú agus foireann a chomhroinnt idir gnóthais;

(c) fianaise ar chomhordú idir dhá ghnóthas nó níos mó, maidir le cinntí airgeadais nó infheistíochta, lena n-áirítear comhinfheistíochtaí i ngnóthais ghaolmhara;

(d) fianaise ar straitéisí, oibríochtaí nó próisis chomhordaithe chomhsheasmhacha idir dhá ghnóthas nó níos mó, lena n-áirítear maidir le bealaí dáileacháin árachais, táirgí nó brandaí árachais, cumarsáid nó margaíocht.

5. I gcás ina sainaithneofar grúpa ar bhonn mhíreanna 2 nó 3 den Airteagal seo, déanfaidh an t-údarás maoirseachta, ag gníomhú dó mar an maoirseoir grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247, míniú mionsonraithe ar na tosca ar ar a mbonn a dhéantar sainaithint den sórt sin a chur ar fáil don ghnóthas arna ainmniú mar an máthairghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 214(5) nó (6), agus do na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann.

Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, déanfaidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na tosca atá le meas ag na húdaráis mhaoirseachta a fhorlíonadh nó a shonrú a thuilleadh chun caidreamh idir dhá ghnóthas ar a laghad dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a shainaithint. Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.';

(70) leasaítear Airteagal 213 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear maoirseacht ghrúpa i bhfeidhm nuair a áirítear i ngrúpa aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) gnóthais árachais nó athárachais, ar gnóthais rannpháirteacha iad i ngnóthas árachais, gnóthas athárachais, gnóthas árachais tríú tír nó gnóthas athárachais tríú tír amháin ar a laghad, i gcomhréir le hAirteagail 218 go 258;

(b) gnóthais árachais nó athárachais, ar cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a máthairghnóthas a bhfuil a cheannoifig aige san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 218 go hAirteagal 258;

(c) gnóthais árachais nó athárachais, ar cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a máthairghnóthas a bhfuil a cheannoifig aige i dtríú tír nó i ngnóthas árachais nó athárachais tríú tír, i gcomhréir le hAirteagail 260 go 263;

(d) gnóthais árachais nó athárachais, ar cuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha a máthairghnóthas, i gcomhréir le hAirteagal 265.';

(b) i mír 5, cuirtear na focail 'Treoir 2013/36/AE' in ionad na bhfocal 'Treoir 2006/48/CE';

(71) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 213a*

Úsáid beart comhréireachta ar leibhéal an ghrúpa

1. Grúpaí de réir bhrí Airteagal 212 atá faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a) agus (b), aicmeoidh a maoirseoir grúpa mar ghrúpaí beaga neamhchasta iad, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo i gcás ina mbeidh na critéir uile seo a leanas á gcomhlíonadh acu ar leibhéal an ghrúpa le 2 bhliain airgeadais anuas díreach roimh an aicmiú sin:

(a) i gcás nach mbeidh gnóthas árachais nó athárachais amháin ar a laghad, i raon feidhme an ghrúpa, ina ghnóthas neamhshaoil, comhlíonfar na critéir uile seo a leanas:

(i) níl an fomhodúl riosca ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 105(5), an dara fomhír, pointe (a), arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, níos airde ná 5 % d'fhorálacha teicniúla comhdhlúite an ghrúpa, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, dá dtagraítear in Airteagal 76, seachas na gnóthais sin a gcuirtear modh 2, a leagtar síos in Airteagal 233, i bhfeidhm ina leith;

(ii) níl iomlán na bhforálacha teicniúla comhdhlúite ó ghníomhaíochtaí árachais saoil an ghrúpa, comhlán ar na méideanna is in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha, níos airde ná EUR 1 000 000 000;

(b) i gcás nach mbeidh gnóthas árachais nó athárachais amháin ar a laghad, i raon feidhme an ghrúpa, ina ghnóthas saoil, comhlíonfar na critéir uile seo a leanas:

(i) le 3 bliana airgeadais anuas, is lú ná 100 % an meánmhéid cóimheasa chomhcheangailte a bhaineann le gníomhaíochtaí árachais neamhshaoil glan ar athárachas;

(ii) níl ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn an ghrúpa níos airde ná EUR 100 000 000;

(iii) níl suim na n-ollphréimheanna bliantúla i scríbhinn in aicmí 5 go 7, 11, 12, 14 agus 15 i gCuid A d'Iarscríbhinn I níos airde ná 30 % de na préimheanna iomlána bliantúla i scríbhinn a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghrúpa nach gníomhaíochtaí árachais saoil iad;

(c) tá ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn ó ghnó atá frithgheallta ag gnóthais árachais agus athárachais i raon feidhme an ghrúpa a bhfuil a gceannoifigí acu i mBallstáit seachas Ballstát mhaoirseoir an ghrúpa níos ísle ná ceachtar de na tairseacha seo a leanas:

(i) EUR 20 000 000;

(ii) 10 % den ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn a bhaineann leis an ngrúpa;

(d) tá ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn ó ghnó atá frithgheallta ag an ngrúpa i mBallstáit seachas Ballstát mhaoirseoir an ghrúpa níos ísle ná ceachtar de na tairseacha seo a leanas:

(i) EUR 20 000 000;

(ii) 10 % d'ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn a bhaineann leis an ngrúpa;

(e) níl suim na nithe seo a leanas níos airde ná 20 % de na hinfheistíochtaí iomlána arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite:

(i) an modúl riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 105(5);

(ii) an chuid den mhodúl riosca mainneachtana contrapháirtí dá dtagraítear in Airteagal 105(6), a chomhfhreagraíonn do neamhchosaintí ar urrúsuithe, díorthaigh, earraí infhaighte ó idirghabhálaithe agus sócmhainní infheistíochta eile nach gcumhdaítear san fhomhodúl riosca raoin difríochta;

(iii) aon cheanglas caipitil is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní doláimhsithe nach gcumhdaítear leis na modúil riosca margaidh agus riosca mainneachtana contrapháirtí;

(f) níl an t-athárachas a ghlacann gnóthais an ghrúpa os cionn 50 % d'ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn a bhaineann leis ngrúpa

(g) is difríocht dhearfach í an difríocht dá dtagraítear in Airteagal 230(1) i gcás ina n-úsáidtear modh 1, in Airteagal 233(1) i gcás ina n-úsáidtear modh 2, nó in Airteagal 233a (1) i gcás ina n-úsáidtear teaglaim de mhodhanna;

(h) i gcás ina n-úsáidtear modh 2 nó teaglaim de mhodhanna 1 agus 2, is gnóthas beag neamhchasta gach gnóthas a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leis.

Ní bheidh feidhm ag na critéir a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a)(i) agus pointe (e), maidir le grúpaí nach n-úsáidtear ach modh 2 ina leith.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 29b ar leibhéal an mháthairghnóthais árachais nó athárachais deiridh, na cuideachta sealbhaíochta árachais deiridh nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha deiridh.

3. Grúpaí a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a) agus (b), ar feadh níos lú ná 2 bhliain, ní chuirfidh siad ach an bhliain airgeadais dheireanach san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

4. Ní aicmeofar go brách na grúpaí seo a leanas mar ghrúpaí beaga neamhchasta:

(a) grúpaí ar ilchuideachtaí airgeadais iad de réir bhrí Airteagal 2, pointe 14, de Threoir 2002/87/CE;

(b) grúpaí ina bhfuil ar a laghad foghnóthas amháin ina ghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 228(1);

(c) grúpaí a úsáideann samhail inmheánach iomlán nó pháirteach fhormheasta chun a gCeanglas grúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 29c, 29d agus 29e.

6. Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 301a, lena sonrófar:

(a) na critéir a leagtar síos i mír 1, lena n-áirítear an cur chuige chun an tsuim dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (e), den mhír sin a ríomh;

(b) an mhodheolaíocht atá le húsáid agus grúpaí á n-aicmiú mar ghrúpaí beaga neamhchasta; agus

(c) na coinníollacha i dtaca le formheas maoirseachta a dheonú nó a tharraingt siar i ndáil le bearta comhréireachta atá le húsáid ag grúpaí nach n-aicmítear mar ghrúpaí beaga neamhchasta.

Airteagal 213b

Bacainní ar mhaoirseacht ghrúpa

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 213(2), pointe (b), áiritheoidh an chuideachta sealbhaíochta árachais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an méid seo a leanas:

(a) is leordhóthanach iad socruithe inmheánacha agus dáileadh na gcúraimí laistigh den ghrúpa chun an Teideal seo a chomhlíonadh, agus, go háirithe, tá siad éifeachtach maidir leis an méid a leanas a dhéanamh:

(i) gach foghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta árachais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a chomhordú, lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí dháileadh leordhóthanach na gcúraimí i measc na ngnóthas sin;

(ii) coinbhleachtaí inghrúpa a chosc nó a bhainistiú; agus

(iii) na beartais uile-ghrúpa arna leagan síos ag an gcuideachta sealbhaíochta árachais nó ag an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a fhorfheidhmiú ar fud an ghrúpa;

(b) nach gcuirfidh eagrúchán struchtúrach an ghrúpa ar cuid de í an chuideachta sealbhaíochta árachais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha bac ná cosc ar bhealach eile ar mhaoirseacht éifeachtach an ghrúpa agus a fhoghnóthas árachais agus athárachais, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh, go háirithe:

(i) suíomh na cuideachta sealbhaíochta árachais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha i ngrúpa ilsrathach;

(ii) struchtúr na scairshealbhóireachta; agus

(iii) ról na cuideachta sealbhaíochta árachais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha laistigh den ghrúpa.

2. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointe (a), beidh an chumhacht ag an maoirseoir grúpa a cheangal ar an gcuideachta sealbhaíochta árachais nó ar na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha socruithe inmheánacha agus dáileadh na gcúraimí laistigh den ghrúpa a athrú.

I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, beidh an chuideachta sealbhaíochta árachais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha faoi réir bearta maoirseachta iomchuí ón maoirseoir grúpa chun leanúnachas agus sláine na maoirseachta grúpa a áirithiú nó a thabhairt ar ais, de réir mar a bheidh, mar aon le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Teideal seo. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag údaráis mhaoirseachta, agus iad ag gníomhú mar mhaoirseoirí grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247, a cheangal ar an gcuideachta sealbhaíochta árachais nó ar an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an grúpa a leagan amach ar bhealach lena gcuirfear ar chumas an údaráis maoirseachta ábhartha an mhaoirseacht ghrúpa a fheidhmiú go héifeachtach. Ní fheidhmeoidh údaráis mhaoirseachta an chumhacht sin ach amháin in imthosca eisceachtúla, tar éis dóibh dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus, i gcás inarb infheidhme, le húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, agus tabharfaidh siad bonn údar dó sin don chuideachta sealbhaíochta árachais nó don chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha.

3. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 213(2), pointí (a) agus (b), den Treoir seo, i gcás ina bhfuil eagrúchán struchtúrach grúpa comhdhéanta de ghnóthais atá nasctha le chéile le caidreamh mar a leagtar amach in Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE agus a ngnóthais ghaolmhara, nó a shainaithnítear ar bhonn Airteagal 212(3) den Treoir seo é, ionas gurb amhlaidh go gcuirtear bac nó cosc leis ar mhaoirseacht éifeachtach an ghrúpa sin nó go gcuirtear cosc leis ar an ngrúpa sin an Teideal seo a chomhlíonadh, beidh an grúpa faoi réir bearta maoirseachta iomchuí chun leanúnachas agus sláine na maoirseachta grúpa, mar aon le comhlíonadh an Teidil seo, a áirithiú nó a athshlánú, de réir mar a bheidh. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag údaráis mhaoirseachta, agus iad ag gníomhú mar mhaoirseoirí grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247 den Treoir seo, a cheangal go mbunófar cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, nó go mbunófar gnóthas san Aontas a fheidhmeoidh go hiarbhír, le comhordú láraithe, tionchar ceannasach ar chinntí, lena n-áirítear cinntí airgeadais, na ngnóthas árachais nó athárachais ar cuid den ghrúpa iad. Sa chás sin, beidh an chuideachta sealbhaíochta árachais sin, an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha sin nó an gnóthas sin a fheidhmíonn comhordú láraithe go hiarbhír freagrach as an Teideal seo a chomhlíonadh.';

(72) leasaítear Airteagal 214 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ní thuigfear le feidhmiú na maoirseachta grúpa, i gcomhréir le hAirteagal 213, go gceanglófar ar na húdaráis mhaoirseachta ról maoirseachta a imirt i ndáil leis an ngnóthas árachais tríú tír, an gnóthas athárachais tríú tír nó an chuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha ar bhonn aonair.

D'aon toisc chun comhlíonadh an Teidil seo a áirithiú, féadfaidh maoirseacht dhíreach agus feidhmiú cumhachtaí maoirseachta ag údaráis mhaoirseachta ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bheith intuigthe as maoirseacht ghrúpa.';

(b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad fhomhíre:

'Agus measúnú á dhéanamh aige maidir le cé acu atá nó nach bhfuil tábhacht dhiomaibhseach ag gnóthas i leith chuspóirí na maoirseachta grúpa de bhun na chéad fhomhíre, pointe (b), áiritheoidh an maoirseoir grúpa go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá méid an ghnóthais, i dtéarmaí na sócmhainní iomlána agus na bhforálacha teicniúla, beag i gcomparáid le gnóthais eile an ghrúpa agus leis an ngrúpa ina iomláine;

(b) ní bheadh tionchar ábhartha ag eisiamh an ghnóthais ó raon feidhme na maoirseachta grúpa ar an ngrúpshócmhainneacht;

(c) is neamhábhartha atá na rioscaí cáilíochtúla agus cainníochtúla, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as idirbhearta inghrúpa, a bhaineann nó a fhéadfaidh a bheith ag baint leis an ngnóthas don ghrúpa iomlán.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'3. I gcás ina mbeadh de thoradh ar eisiamh gnóthais amháin nó níos mó, ó raon feidhme maoirseachta grúpa i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, nach spreagfadh cur i bhfeidhm na maoirseachta grúpa faoi Airteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), rachaidh an maoirseoir grúpa i gcomhairle le ÚEÁPC agus, i gcás inarb infheidhme, le húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann sula ndéanfar an cinneadh maidir leis an eisiamh. Ní dhéanfar an cinneadh sin ach amháin in imthosca eisceachtúla agus tabharfar údar cuí leis do ÚEÁPC agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann. Déanfaidh an maoirseoir grúpa athmheasúnú ar a laghad uair sa bhliain chun féachaint an bhfuil a chinneadh iomchuí i gcónaí. I gcás nach amhlaidh sin a thuilleadh, tabharfaidh an maoirseoir grúpa fógra do ÚEÁPC agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, go dtosóidh sé ar mhaoirseacht ghrúpa a fheidhmiú.

Sula n-eisiafar an máthairghnóthas deiridh ón maoirseacht ghrúpa de bhun mhír 2, an chéad fhomhír, pointe (b), rachaidh an maoirseoir grúpa i gcomhairle le ÚEÁPC, agus i gcás inarb infheidhme, le húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, agus déanfaidh sé measúnú ar thionchar fheidhmiú na maoirseachta grúpa ar leibhéal gnóthais rannpháirtigh idirmheánaigh ar staid sócmhainneachta an ghrúpa. Go háirithe, ní bheidh an t-eisiamh sin indéanta dá mbeadh feabhsú ábhartha ar staid sócmhainneachta an ghrúpa mar thoradh air.

Chun cur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach na míre seo a áirithiú, eiseoidh ÚEÁPC treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 chun sonrú breise a dhéanamh ar na himthosca eisceachtúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo nó ar na cásanna ina bhféadfadh údar a bheith leis an máthairghnóthas deiridh, lena n-áirítear cuideachtaí sealbhaíochta árachais, a eisiamh ó raon feidhme na maoirseachta grúpa.

4. Gan dochar do mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, sainaithneofar raon feidhme an ghrúpa a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leis de bhun Airteagal 213(2), i gcomhréir le hAirteagal 212.

I gcás ina sainaithneofar grúpa atá faoi réir maoirseacht ghrúpa de bhun Airteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), i gcomhréir le hAirteagal 212(2) agus (3), agus i gcás inarb é máthairghnóthas nó foghnóthas de chuid an ghrúpa sin gnóthas rannpháirteach deiridh grúpa eile de réir bhrí Airteagail 212(1), pointe (c), freisin, measfar go bhfuil an grúpa eile sin áirithe i raon feidhme an ghrúpa a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 212(2) agus (3).

Féadfaidh údaráis mhaoirseachta Airteagal 212(2) agus (3) a chur i bhfeidhm chun raon feidhme grúpa de réir bhrí Airteagal 212(1), pointe (c), a leathnú.

5. I gcás ina mbeidh grúpa arna shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 212(3) faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), ainmneoidh an grúpa ceann de na gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe mar mháthairghnóthas, a bheidh freagrach as an Teideal seo a chomhlíonadh. Measfar gur foghnóthais iad na gnóthais eile dá dtagraítear in Airteagal 212(3), an chéad fhomhír.

6. I gcás ina mbeidh bacainní suntasacha ar fheidhmiú na maoirseachta grúpa mar thoradh ar ainmniú an mháthairghnóthais i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, go háirithe i gcásanna nach bhfuil ceannoifig an ghnóthais bunaithe ar chríoch Bhallstát an údaráis maoirseachta atá ag gníomhú mar mhaoirseoir grúpa

i gcomhréir le hAirteagal 247, nó i gcás ina mbeidh sé de thoradh ar an ainmniú nach mbeidh an grúpa in ann an Teideal seo a chomhlíonadh go héifeachtach, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag an údarás maoirseachta atá ag gníomhú mar mhaoirseoir grúpa, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, a cheangal go n-ainmneofar máthairghnóthas eile. Tabharfaidh an t-údarás maoirseachta atá ag gníomhú mar mhaoirseoir grúpa ar an ngrúpa agus ar údaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann údar cuí leis an gcinneadh máthairghnóthas eile a ainmniú.

I gcás ina mainneoidh grúpa arna shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 212(3) atá faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), máthairghnóthas a ainmniú i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, ainmneoidh an t-údarás maoirseachta atá ag gníomhú mar mhaoirseoir grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, máthairghnóthas a bheidh freagrach as an Teideal seo a chomhlíonadh. Measfar gur foghnóthais iad na gnóthais eile sa ghrúpa sin.

Agus máthairghnóthas á ainmniú aige i gcomhréir leis an gcéad fhomhír nó leis an dara fomhír den mhír seo, déanfaidh an t-údarás maoirseachta atá ag gníomhú mar mhaoirseoir grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247 na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

(a) an méid forálacha teicniúla atá ag gach gnóthas;

(b) na hollphréimheanna bliantúla i scríbhinn atá ag gach gnóthas;

(c) an líon gnóthas árachais nó athárachais gaolmhar atá ag gach gnóthas.

Déanfaidh údaráis mhaoirseachta measúnú ar a laghad uair sa bhliain i dtaobh an bhfuil an t-ainmniúchán iomchuí i gcónaí. I gcás nach amhlaidh an cás, ainmneoidh an t-údarás maoirseachta atá ag gníomhú mar mhaoirseoir grúpa i gcomhréir le hAirteagal 247 máthairghnóthas eile tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann. Beidh an máthairghnóthas eile sin freagrach as an Teideal seo a chomhlíonadh.';

(73) leasaítear Airteagal 220 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na focail 'a leagtar amach in Airteagail 221 go 233a' in ionad 'a leagtar amach in Airteagail 221 go 233';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ceadóidh na Ballstáit dá n-údaráis mhaoirseachta, áfach, i gcás ina nglacfaidh siad le ról an mhaoirseora grúpa i leith grúpa faoi leith, cinneadh a dhéanamh, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann agus leis an ngrúpa féin, chun modh 2 a chur i bhfeidhm maidir leis an ngrúpa sin i gcomhréir le hAirteagail 233 agus 234, nó, i gcás nach mbeadh cur i bhfeidhm eisiach mhodh 1 iomchuí, teaglaim de mhodhanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 233a agus 234.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Gan dochar don bhealach a láimhseáiltear gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 228(1), féadfaidh údaráis mhaoirseachta a chinneadh gan ach modh 2 a chur i bhfeidhm de bhun mhír 2, an dara fomhír, den Airteagal seo maidir le gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais agus athárachais tríú tír, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, agus cuideachtaí sealbhaíochta gnóthas árachais agus athárachais tríú tír.';

(74) leasaítear Airteagal 221 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, chun críche Airteagal 228 agus chun na críche sin amháin, gan beann ar cibé acu a úsáidtear modh 1 nó modh 2, ciallaíonn "sciar comhréireach" an sciar den chaipiteal suibscríofa a sealbhaíonn an gnóthas rannpháirteach sa ghnóthas gaolmhar é, go díreach nó go hindíreach.';

(b) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(d) i gcás inar chinn údarás maoirseachta gur grúpa de bhun Airteagal 212(3) dhá cheann nó níos mó de ghnóthais árachais nó athárachais ós rud é go mbainistítear ar bhonn aontaithe iad.';

(75) leasaítear Airteagal 222 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní sháróidh suim na gcistí dílse dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 an ranníocaíocht a dhéanann an gnóthas árachais nó athárachais gaolmhar le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'6. Chun críocha Airteagail 230(1), 233(2) agus 233a(1), pointe (a), ní bhreithneofar go mbeidh mír cistí dílse, arna heisiúint ag gnóthas rannpháirteach, glan ó ualuithe de réir bhrí Airteagal 93(2), an dara fomhír, pointe (c), mura féidir diúltú an mhír sin a aisíoc lena sealbhóir nuair a fhoirceanntar gnóthas árachais nó athárachais gaolmhar ar foghnóthas é.';

(76) leasaítear Airteagal 226 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Cuideachtaí sealbhaíochta idirmheánacha';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, láimhseálfar cuideachtaí sealbhaíochta de chuid gnóthas árachais agus athárachais tríú tír mar ghnóthais árachais nó athárachais freisin.';

(77) in Airteagal 227(1), an chéad fhomhír, cuirtear na focail 'agus Airteagal 233a' isteach i ndiaidh na bhfocal 'Airteagal 233';

(78) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 228:

'*Airteagal 228*

Láimhseáil gnóthas sonrach gaolmhar ó earnálacha airgeadais eile

1. Gan beann ar an modh a úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 220 den Treoir seo, chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh, cuirfidh an gnóthas rannpháirteach árachais nó athárachais san áireamh an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais seo a leanas le cistí dílse incháilithe an ghrúpa agus le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta:

(a) institiúidí creidmheasa de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó gnólachtaí infheistíochta de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (2), den Rialachán sin;

(b) cuideachtaí bainistíochta GCUI de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE agus cuideachtaí infheistíochta atá údaraithe de bhun Airteagal 27 den Treoir sin, ar choinníoll nach bhfuil cuideachta bainistíochta ainmnithe acu de bhun na Treorach sin;

(c) bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(d) gnóthais seachas gnóthais rialáilte a dhéanann gníomhaíocht amháin nó níos mó dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE i gcás ina mbeidh na gníomhaíochtaí sin ina gcuid shuntasach dá ngníomhaíocht fhoriomlán;

(e) institiúidí um sholáthar pinsean ceirde de réir bhrí Airteagal 6, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/2341.

2. Ríomhfar an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo le cistí dílse incháilithe an ghrúpa mar shuim sciar comhréireach chistí dílse gach gnóthais, i gcás ina ríomhfar na cistí dílse sin mar a leanas:

(a) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo i gcomhréir le rialacha ábhartha earnála, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Threoir 2002/87/CE;

(b) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 2(1), pointe (l), de Threoir 2009/65/CE;

(c) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (ad), de Threoir 2011/61/AE;

(d) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), den Airteagal seo i gcomhréir leis na rialacha ábhartha earnála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Threoir 2002/87/CE más rud é gurbh eintitis rialáilte iad de réir bhrí Airteagal 2, pointe (4), den Treoir sin;

(e) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), den Airteagal seo, an corrlach sócmhainneachta atá ar fáil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir (AE) 2016/2341.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, maidir le méid na gcistí dílse de chuid gach gnóthais ghaolmhair a chomhfhreagraíonn do chúlchistí neamh-indáilte agus míreanna eile arna sainaithint ag an maoirseoir grúpa mar nithe a bhfuil acmhainn iniomparthachta caillteanas laghdaithe acu, mar aon le scaireanna tosaíochta, cuntais fho-ordaithe de chuid ball frithpháirteach, dliteanais fho-ordaithe, agus sócmhainní cánach iarchurtha, a áirítear leis na cistí dílse sa bhreis ar na ceanglais chaipitil arna ríomh i gcomhréir le mír 3, ní chuirfear an méid sin san áireamh, ach amháin i gcás ina mbeidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach in ann a léiriú, chun sástachta an mhaoirseora grúpa, gur féidir na nithe sin a chur ar fáil chun Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach. Agus comhdhéanamh na gcistí dílse iomarcacha á chinneadh, cuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach san áireamh nach gcomhlíonfar ceanglais áirithe de chuid roinnt gnóthais ghaolmhara ach amháin le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 nó le caipiteal breise Leibhéal 1 de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. Ríomhfar an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear i mír 1 le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta mar shuim sciar comhréireach cheanglas caipitil nó cheanglas caipitil bharúlaigh gach gnóthais ghaolmhair. Ríomhfar an ceanglas caipitil sin nó an ceanglas caipitil barúlach sin mar a leanas:

(a) le haghaidh gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, i gcomhréir leis an méid a leanas:

(i) le haghaidh gach gnólachta infheistíochta atá faoi réir ceanglas cistí dílse i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2033, suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 11 den Rialachán sin, na gceanglas sonrach cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), nó na gceanglas áitiúil cistí dílse i dtríú tíortha;

(ii) le haghaidh gach institiúide creidmheasa, an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) suim an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-áirítear bearta dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán sin, na gceanglas sonrach cistí dílse chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí seachas riosca an luamhánaithe iomarcaigh dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, cheanglas an mhaoláin chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), den Treoir sin, nó na gceanglas áitiúil cistí dílse i dtríú tíortha;

(2) suim na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 92(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-áirítear bearta dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán sin, na gceanglas sonrach cistí dílse chun aghaidh a thabhairt ar riosca an luamhánaithe iomarcaigh dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, cheanglas an mhaoláin um chóimheas luamhánaithe a leagtar síos in Airteagal 92(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó na gceanglas áitiúil cistí dílse i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Leibhéal 1;

(b) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (a), de Threoir 2009/65/CE;

(c) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2011/61/AE;

(d) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), den Airteagal seo, an ceanglas caipitil, nár mhór don ghnóthas gaolmhar é a chomhlíonadh faoi na rialacha ábhartha earnála, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Threoir 2002/87/CE dá mba rud é gurbh eintiteas rialáilte é de réir bhrí Airteagal 2, pointe (4), den Treoir sin;

(e) le haghaidh gach gnóthais ghaolmhair dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), den Airteagal seo, an ceann is airde den chorrlach sócmhainneachta is gá arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir (AE) 2016/2341 agus na ceanglais chaipitil iomlána a fhorchuirtear faoi dhlí náisiúnta na mBallstát ina bhfuil an gnóthas gaolmhar cláraithe nó údaraithe.

4. I gcás ina ndéanfaidh roinnt gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo foghrúpa atá faoi réir ceanglas caipitil ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le ceann de na Treoracha nó de na Rialacháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh cuideachta sealbhaíochta árachais de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (20), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha ina foghnóthas de ghrúpa, féadfaidh an maoirseoir grúpa a cheangal go ríomhfar an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais ghaolmhara sin le cistí dílse incháilithe an ghrúpa mar sciar comhréireach chistí dílse an fhoghrúpa sin in áit mír 2, pointí (a) go (e), den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le gach gnóthas ar leith a bhaineann leis an bhfoghrúpa sin. Sa chás sin, ríomhfaidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais ghaolmhara sin le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta mar sciar comhréireach cheanglas caipitil an fhoghrúpa sin, in áit mír 3, pointí (a) go (e), den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le gach gnóthas ar leith a bhaineann leis an bhfoghrúpa sin. Déanfar gach institiúid airgeadais de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (26), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, chomh maith le gnóthais seirbhísí coimhdeacha de réir bhrí phointe (18) den mhír sin, atá i raon feidhme an fhoghrúpa, a áireamh agus ceanglas cistí dílse agus caipitil an fhoghrúpa á ríomh.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, beidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo maidir leis an bhfoghrúpa sonrach, ar bhonn a staide comhdhlúite de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (47), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 4(1), pointe (11), de Rialachán (AE) 2019/2033, nó ar bhonn a staide comhdhlúite, de réir mar is iomchuí.

5. Gan dochar do mhíreanna 1 go 4, ceadóidh na Ballstáit dá n-údaráis mhaoirseachta, i gcás ina nglacfaidh siad ról an mhaoirseora grúpa i leith grúpa faoi leith, a chinneadh, arna iarraidh sin don ghnóthas rannpháirteach nó ar a dtionscnamh féin, aon rannpháirtíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (d), a bhaint de na cistí dílse atá incháilithe i gcomhair ghrúpshócmhainneacht an ghnóthais rannpháirtigh.';

(*) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

(**) Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).';

(79) in Airteagal 229, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'I gcás ina gcuirfeadh an asbhaint dá dtagraítear sa chéad mhír feabhas ar staid sócmhainneachta an ghrúpa, i gcomparáid leis an staid ina gcoinnítear an gnóthas i raon feidhme an ríomha ar ghrúpshócmhainneacht, ní chuirfear an asbhaint i bhfeidhm.';

(80) i dTeideal III, Caibidil II, Roinn 1, Foroinn 3, cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

'*Airteagal 229a*

Ríomhanna simplithe

1. Chun críocha Airteagal 230, féadfaidh an maoirseoir grúpa, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, ceadú don ghnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach cur chuige simplithe a chur i bhfeidhm maidir le rannpháirtíochtaí i ngnóthais ghaolmhara atá neamhábhartha.

Tabharfaidh an gnóthas rannpháirteach údar cuí le cur i bhfeidhm an chur chuige shimplithe, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, maidir le gnóthas gaolmhar amháin, nó roinnt gnóthais ghaolmhara, don mhaoirseoir grúpa, agus cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann leis an ngnóthas gaolmhar nó leis na gnóthais ghaolmhara á gcur san áireamh.

Ceanglóidh na Ballstáit ar an ngnóthas rannpháirteach measúnú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, i dtaobh an bhfuil údar cuí le húsáid an chur chuige shimplithe i gcónaí, agus a nochtadh go poiblí, ina thuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 256(1), liosta agus méid na ngnóthas gaolmhar atá faoi réir an chur chuige shimplithe sin.

2. Chun críocha mhír 1, léireoidh an gnóthas árachais agus athárachais rannpháirteach, chun sástachta an mhaoirseora grúpa, go bhfuil cur i bhfeidhm an chur chuige shimplithe maidir le rannpháirtíochtaí i ngnóthas amháin, nó i roinnt gnóthas, stuama go leor le nach mbeifí dall ar na rioscaí a eascraíonn as an ngnóthas nó as na gnóthais sin agus an ghrúpshócmhainneacht á ríomh.

Nuair a chuirtear an cur chuige simplithe i bhfeidhm maidir le gnóthas árachais nó athárachais tríú tír a bhfuil a cheannoifig aige i dtír nach bhfuil coibhéiseach nó coibhéiseach go sealadach de réir bhrí Airteagal 227, ní bheidh de thoradh air sin gurb ísle an ranníocaíocht a dhéanann an gnóthas gaolmhar le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ná ceanglas caipitil an ghnóthais ghaolmhair sin arna leagan síos ag an tríú tír lena mbaineann.

Ní chuirfear an cur chuige simplithe i bhfeidhm maidir le gnóthas árachais nó athárachais gaolmhar tríú tír, i gcás nach mbeidh aon fhaisnéis iontaofa ag an ngnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach ar an gceanglas caipitil mar a leagtar síos sa tríú tír sin.

3. Chun críocha mhír 1, measfar go bhfuil gnóthais ghaolmhara neamhábhartha i gcás inar lú an luach de réir na leabhar atá ar gach ceann díobh ná 0,2 % de shócmhainní an ghrúpa arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite agus inar lú suim na luachanna de réir na leabhar atá ar gach ceann de na gnóthais sin ná 0,5 % de shócmhainní an ghrúpa arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite.';

(81) leasaítear Airteagal 230 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfar grúpshócmhainneacht an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh a ríomh ar bhonn na gcuntas comhdhlúite.

Is ionann grúpshócmhainneacht an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh agus an difríocht idir na nithe seo a leanas:

(a) suim na gcistí dílse incháilithe chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach, arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, agus na ranníocaíochta a dhéanann na gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) le cistí dílse incháilithe an ghrúpa, i gcás ina ríomhtar an ranníocaíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 228(2) nó (4);

(b) suim an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ar leibhéal an ghrúpa, arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, agus na ranníocaíochta a dhéanann na gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, i gcás ina ríomhtar an ranníocaíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 228(3) nó (4).

Chun críocha an dara fomhír den mhír seo, ní chuirfear sealúchais i ngnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) san áireamh sna sonraí comhdhlúite.

Beidh feidhm ag Teideal I, Caibidil VI, Roinn 3, Foranna 1, 2 agus 3 agus Teideal I, Caibidil VI, Roinn 4, Foranna 1, 2 agus 3 maidir le ríomh na gcistí dílse atá incháilithe le haghaidh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ar leibhéal an ghrúpa ar bhonn sonraí comhdhlúite.';

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'(c) sciar comhréireach de na ceanglais áitiúla chaipitil, ar a ndéanfaí an t-údarú a aistarraingt, le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais ghaolmhara tríú tír.';

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'I gcás ina sáraíonn na cistí dílse atá incháilithe chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach, arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ar leibhéal an ghrúpa arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, agus nach gcomhlíontar íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 138(1) go (4) agus ní bheidh feidhm ag Airteagal 139(1) ná (2). Chun críocha na fomhíre seo, léifear an tagairt do "Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta" in Airteagal 138 mar thagairt do "íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta".';

(82) in Airteagal 232, an chéad fhomhír, an fhoclaíocht réamhráiteach, cuirtear na focail ‘dá dtagraítear in Airteagal 37(1), pointí (a) go (e)’ in ionad na bhfocal ‘dá dtagraítear in Airteagal 37(1), pointí (a) go (d)’;

(83) leasaítear Airteagal 233 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an luach i ngnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach de chuid gnóthas gaolmhar dá dtagraítear in Airteagail 220(3) agus 228(1) agus gCeanglas an ghrúpa chomhiomlánaithe maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) sciar comhréireach an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh sna cistí dílse atá incháilithe le haghaidh Cheanglas gach gnóthais árachais nó athárachais ghaolmhair ar leith maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.’;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(c) an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) le cistí dílse incháilithe an ghrúpa, i gcás ina ríomhtar an ranníocaíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 228(2) nó Airteagal 228(4);’;

(c) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) sciar comhréireach Cheanglas gach gnóthais árachais nó athárachais ghaolmhair ar leith maidir le Caipiteal Sócmhainneachta;’;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(c) an ranníocaíocht a dhéanann na gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) le Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, i gcás ina ríomhtar an ranníocaíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 228(3) nó Airteagal 228(4).’;

(84) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 233a*

Teaglaim de mhodhanna 1 agus 2

1. Is é a bheidh i ngrúpshócmhainneacht an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh an difríocht idir iad seo a leanas:

(a) suim na nithe seo a leanas:

(i) le haghaidh gnóthais a gcuirtear modh 1 i bhfeidhm maidir leo, na cistí dílse incháilithe chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach, arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite;

(ii) le haghaidh gach gnóthais árachais nó athárachais ghaolmhair a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leis, sciar comhréireach an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh sna cistí dílse atá incháilithe le haghaidh Cheanglas an ghnóthais árachais nó athárachais ghaolmhair maidir le Caipiteal Sócmhainneachta;

(iii) an ranníocaíocht a dhéanann gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1), arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 228(2) nó Airteagal 228(4); agus

(b) suim na nithe seo a leanas:

(i) le haghaidh gnóthais a gcuirtear modh 1 i bhfeidhm maidir leo, Ceanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 230(2) ar bhonn sonraí comhdhlúite;

(ii) le haghaidh gach gnóthais árachais nó athárachais ghaolmhair a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leis, sciar comhréireach dá Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta;

(iii) an ranníocaíocht a dhéanann gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1), arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 228(3) nó Airteagal 228(4).

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a)(i), agus mhír 1, pointe (b)(i), den Airteagal seo, ní áireofar sealúchas i ngnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) leis na sonraí comhdhlúite.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (a)(i), agus mhír 1, pointe (b)(i), den Airteagal seo, ní áireofar sealúchas i ngnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 220(3) a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leo leis na sonraí comhdhlúite.

Chun críocha mhír 1, pointe (b)(i), den Airteagal seo, áireofar luach na sealúchas i ngnóthais dá dtagraítear in Airteagal 220(3) a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leo, de bhreis ar an sciar comhréireach dá gCeanglas féin maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, leis na sonraí comhdhlúite agus íogaireacht na sócmhainní agus na ndliteanas i leith athruithe ar leibhéal nó ar luaineacht na rátaí malairte airgeadra (“riosca airgeadra”) á ríomh. Ní ghlacfar leis, áfach, go mbeidh luach na sealúchas sin íogair i leith athruithe ar leibhéal nó ar luaineacht phraghsanna margaidh na gcothromas (“riosca cothromais”).

4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 233(4) chun críocha mhír 1, pointí (a)(ii) agus (b)(ii), den Airteagal seo.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 231 i gcás iarratas ar chead chun Ceanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta agus Ceanglas na ngnóthas árachais agus athárachais sa ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, ar bhonn samhail inmheánach, arna tíolacadh ag gnóthas árachais nó athárachais agus ag a ghnóthais ghaolmhara, nó go comhpháirteach ag na gnóthais ghaolmhara de chuid cuideachta sealbhaíochta árachais.

6. Déanfar íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 230(2).

Cumhdófar íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta le cistí dílse bunúsacha incháilithe a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 98(4), arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite. Chun críocha an ríomha sin, ní áireofar sealúchais i ngnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) leis na sonraí comhdhlúite.

Chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil cistí dílse incháilithe mar sin incháilithe chun íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 221 go 229a. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 139(1) agus (2).

I gcás ina sáraíonn na cistí dílse atá incháilithe chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach, arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ar leibhéal an ghrúpa arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite, agus nach gcomhlíontar íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 138(1) go (4), agus ní bheidh feidhm ag Airteagal 139(1) ná (2). Chun críocha na fomhíre seo, léifear an tagairt do “Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta” in Airteagal 138 mar thagairt do “íosCheanglas an ghrúpa chomhdhlúite maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.”

7. Agus é á chinneadh cibé acu a léirítear nó nach léirítear leis an méid a ríomhtar i mír 1, pointe (b)(ii), den Airteagal seo, próifíl riosca an ghrúpa go hiomchuí maidir le gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 220(3), a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leo, tabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann aird ar leith ar aon rioscaí sonracha ar ann dóibh ar leibhéal an ghrúpa nach gcumhdófaí go leordhóthanach toisc go bhfuil sé deacair iad a chainníochtú.

I gcás ina n-imeoidh próifíl riosca an ghrúpa maidir le gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 220(3) a gcuirtear modh 2 i bhfeidhm maidir leo ó na toimhdí is bun le Ceanglas an ghrúpa chomhiomlánaithe maidir le Caipiteal Sócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 233(3), féadfar forlíontán caipitil a fhorchur ar an méid a ríomhtar i mír 1, pointe (b)(ii), den Airteagal seo.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 37(1) go (5), mar aon leis na gníomhartha tarmligthe agus na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 37(6), (7) agus (8).’;

Airteagal 233b

Cothromais fhadtéarmacha ar leibhéal an ghrúpa

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 nó teaglaim de mhodhanna, ceadófar do ghnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, do chuideachtaí sealbhaíochta árachais agus do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha Airteagal 105a a chur i bhfeidhm maidir le fothacar d'infheistíochtaí cothromais.

Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar an méid seo a leanas:

(a) an cur chuige atá le húsáid agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 105a(1) agus nuair atá méid na gcothromas a láimhseáiltear mar infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha á ríomh i gcás ina n-úsáidtear modh 1 nó teaglaim de mhodhanna;

(b) an fhaisnéis atá le háireamh sa tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 256(1) nó sa tuarascáil aonair maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 256(2), agus sa tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 256b(1) nó sa tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 256b(2).';

(85) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 234:

'*Airteagal 234*

Gníomhartha tarmligthe le haghaidh prionsabail agus modhanna teicniúla a leagtar amach in Airteagail 220 go 229, le haghaidh an chur chuige shimplithe a leagtar amach in Airteagal 229a, agus le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagail 230 go 233a

Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar an méid seo a leanas:

(a) na prionsabail agus modhanna teicniúla a leagtar amach in Airteagail 220 go 229;

(b) mionsonraí teicniúla an chur chuige shimplithe a leagtar amach in Airteagal 229a(1), mar aon leis na critéir ar ar a mbonn a fhéadfaidh údaráis mhaoirseachta úsáid an chur chuige shimplithe a fhormheas;

(c) cur i bhfeidhm Airteagail 230 go 233a, lena léirítear cineál eacnamaíoch na struchtúr dlíthiúil sonrach.

Féadfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar na critéir ar ar a mbonn a fhéadfaidh an maoirseoir grúpa cur i bhfeidhm an chur chuige shimplithe a leagtar amach in Airteagal 229a(2) a fhormheas.';

(86) in Airteagal 244(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Chun comhchruinniú suntasach riosca atá le tuairisciú a shainaithint, forchuirfidh an maoirseoir grúpa, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann agus leis an ngrúpa, tairseacha iomchuí bunaithe ar Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, forálacha teicniúla, cistí dílse incháilithe, critéir chainníochtúla nó cháilíochtúla eile rioscabhunaithe a mheastar a bheith iomchuí, nó teaglaim díobh.';

(87) leasaítear Airteagal 245 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na focail 'míreanna 2, 3 agus 3a' in ionad na bhfocal 'míreanna 2 agus 3';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Sa bhreis ar idirbhearta inghrúpa de réir bhrí Airteagal 13, pointe (19), chun críocha mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, i gcás ina mbeidh údar cuí leis, féadfaidh údaráis mhaoirseachta a cheangal ar ghrúpaí idirbhearta inghrúpa a thuairisciú a bhaineann le gnóthais, seachas gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais agus athárachais tríú tír, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha.';

(88) leasaítear Airteagal 246 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na ceanglais a leagtar amach i dTeideal I, Caibidil IV, Roinn 2, ar leibhéal an ghrúpa. Cumhdófar le córas rialachais an ghrúpa gnóthais árachais nó athárachais rannpháirteacha, máthairchuideachtaí sealbhaíochta árachais nó máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, mar aon le gach gnóthas gaolmhar i raon feidhme an ghrúpa de réir bhrí Airteagal 212 atá faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c). Cumhdófar le córas rialachais an ghrúpa freisin gach gnóthas arna bhainistiú ag an ngnóthas rannpháirteach nó ag a fhochuideachtaí go comhpháirteach le gnóthas amháin nó níos mó nach bhfuil ina gcuid den ghrúpa céanna.

Gan dochar don chéad fhomhír den mhír seo, cuirfear an córas bainistithe riosca agus an córas rialaithe inmheánaigh agus na nósanna imeachta tuairiscithe chun feidhme go comhsheasmhach i ngach gnóthas a áirítear i raon feidhme na maoirseachta grúpa de bhun Airteagal 213(2), pointí (a) agus (b), chun gur féidir na córais agus na nósanna imeachta tuairiscithe sin a rialú ar leibhéal an ghrúpa.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhreagracht deiridh ar chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an mháthairghnóthais árachais nó athárachais deiridh, na cuideachta sealbhaíochta árachais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas nó an mháthairghnóthais ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 214(5) nó (6), as na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin arna nglacadh de bhun na Treorach seo a bheith á gcomhlíonadh ag an ngrúpa a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leis i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c). Beidh comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta gach gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa fós freagrach as na ceanglais ar fad a bheith á gcomhlíonadh ag a ghrúpa féin, mar a shonraítear iad in Airteagal 40 agus in Airteagal 213(1), an dara fomhír.

Cumhdófar leis an gcóras bainistithe riosca gach gníomhaíocht árachais agus athárachais a dhéantar laistigh den ghrúpa ar a laghad, mar aon le gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí árachais ábhartha iad. Cumhdófar leis freisin na rioscaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin a bhfuil an grúpa neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an grúpa a bheith neamhchosanta orthu, agus as a n-idirspleáchais.';

(b) i mír 2, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

'Déanfaidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach faireachán tráthrialta ar ghníomhaíochtaí a chuid gnóthas gaolmhar nó a cuid gnóthas gaolmhar, lena n-áirítear gnóthais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 228(1) agus gnóthais neamhrialáilte. Beidh an faireachán sin i gcomhréir le cineál, scála agus castacht na rioscaí a ghineann na gnóthais ghaolmhara nó a d'fhéadfaidís a ghiniúint ar leibhéal an ghrúpa.

Beidh beartais scríofa ar leibhéal an ghrúpa ag an ngnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, ag an gcuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó ag an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach, agus áiritheoidh sé nó sí go mbeidh na beartais sin comhsheasmhach le beartais ghrúpa na mbeartas scríofa atá ag gach gnóthas rialáilte i raon feidhme an ghrúpa. Áiritheoidh sé nó sí freisin go gcuireann gach gnóthas rialáilte i raon feidhme an ghrúpa na beartais ghrúpa chun feidhme go comhsheasmhach.';

(c) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cumhdófar leis an bhféinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta a dhéantar ar leibhéal an ghrúpa gach gníomhaíocht árachais agus athárachais a dhéantar laistigh den ghrúpa ar a laghad, mar aon le gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí árachais ábhartha iad. Cumhdófar leis freisin na rioscaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin a bhfuil an grúpa neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an grúpa a bheith neamhchosanta orthu, agus as a n-idirspleáchais. Beidh sé faoi réir athbhreithniú maoirseachta arna dhéanamh ag an maoirseoir grúpa i gcomhréir le Caibidil III.';

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Ceanglóidh na Ballstáit ar an ngnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach a áirithiú go mbeidh socruithe láidre rialachais ag an ngrúpa lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil, in éineacht le línte dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha freagrachta agus le leithscaradh na ndualgas laistigh den ghrúpa. Féachfar le córas rialachais an ghrúpa coinbhleachtaí leasa a sheachaint, nó i gcás nach indéanta sin, iad a bhainistiú.

Is ionann na daoine a reáchtálann grúpa árachais nó athárachais go hiarbhír agus na daoine a reáchtálann go hiarbhír an máthairghnóthas dá dtagraítear i mír 1, an tríú fomhír.

Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, ar chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó ar an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach na daoine atá freagrach as príomhfheidhmeanna eile laistigh den ghrúpa árachais nó athárachais atá faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), a shainaithint. Beidh an comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta dá dtagraítear i mír 1, an tríú fomhír, den Airteagal seo freagrach as na gníomhaíochtaí a dhéanann na daoine sin.

I gcás inarb ionann na daoine a reáchtálann go hiarbhír grúpa árachais nó athárachais nó atá freagrach as príomhfheidhmeanna eile agus na daoine a reáchtálann go hiarbhír ceann de na gnóthais árachais nó athárachais, nó roinnt acu, nó gnóthais ghaolmhara eile, nó atá freagrach as príomhfheidhmeanna eile laistigh d'aon cheann de na gnóthais sin, áiritheoidh an gnóthas rannpháirteach go mbeidh na róil agus na freagrachtaí ar leibhéal an ghrúpa leithscartha go soiléir ó na róil agus na freagrachtaí is infheidhme ar leibhéal gach gnóthais aonair.';

(89) i dTeideal III, cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach:

'***CAIBIDIL IIa***

Rialacha macrastuamachta ar leibhéal an ghrúpa

Airteagal 246a

Bainistiú riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteacha plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta ar leibhéal an ghrúpa lena gcumhdófar anailís leachtachta sa ghearrthéarma agus, arna iarraidh sin don mhaoirseoir grúpa, lena gcumhdófar freisin anailís leachtachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 144a.

2. De mhaolú ar Airteagal 144a, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fochuideachtaí árachais nó athárachais atá i raon feidhme na maoirseachta grúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a) agus (b), díolmhaithe ón gceanglas plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta ar an leibhéal aonair aon uair a chumhdaítear leis an bplean bainistithe riosca leachtachta de bhun mhír 1 den Airteagal seo bainistiú leachtachta agus riachtanais leachtachta na bhfochuideachtaí lena mbaineann.

Ceanglóidh na Ballstáit ar gach gnóthas árachais nó athárachais aonair a bhaineann tairbhe as an díolúine de bhun na chéad fhomhíre na codanna den phlean bainistithe riosca leachtachta lena gcumhdaítear staid an ghrúpa iomláin agus a staid féin a chur faoi bhráid a údaráis maoirseachta.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh údaráis mhaoirseachta a cheangal ar fhoghnóthas árachais nó athárachais plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta ar leibhéal aonair aon uair a bhraitheann siad íogaireacht shonrach leachtachta nó aon uair nach n-áireofar faisnéis iomchuí leis an bplean bainistithe leachtachta ar leibhéal an ghrúpa, ar faisnéis í a gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta a d'údaraigh an foghnóthas go gcuirfidh gnóthais inchomparáide ar fáil í chun faireachán a dhéanamh ar a staid leachtachta.

4. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun ábhar agus minicíocht na nuashonruithe ar an bplean bainistithe riosca leachtachta a shonrú a thuilleadh ar leibhéal an ghrúpa. Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 29 Eanáir 2026.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

Airteagal 246b

Rialacha macrastuamachta eile

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 144b agus 144c ar leibhéal an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh, na cuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirtí nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirtí.';

(90) in Airteagal 252, an chéad mhír, cuirtear na focail 'institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE' in ionad na bhfocal 'institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/48/CE nó gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/39/CE';

(91) in Airteagal 254, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Cuirfidh an gnóthas árachais agus athárachais rannpháirteach, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach agus an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo faoi bhráid an mhaoirseora grúpa ar bhonn bliantúil laistigh de 22 sheachtain ó dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais, agus, nuair a cheanglaítear an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a chur ar fáil ar bhonn ráithiúil, laistigh de 11 seachtain ó dheireadh gach ráithe.’;

(92) leasaítear Airteagal 256 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteacha tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais ar leibhéal an ghrúpa a nochtadh go poiblí ar bhonn bliantúil. Beidh faisnéis maidir leis an ngrúpa arna díriú ar ghairmithe eile sa mhargadh, dá dtagraítear in Airteagal 51(1b), sa tuarascáil sin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 51, 53, 54 agus 55.

Áiritheoidh na Ballstáit go nochtfaidh na gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo laistigh de 24 seachtaine ó dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an fhaisnéis d’aon cheann de na fochuideachtaí laistigh den ghrúpa, faisnéis nach mór di a bheith in-sainaitheanta ar leithligh, lena n-áirítear an dá chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais, agus ní mór í a nochtadh i gcomhréir le hAirteagail 51, 53, 54 gus 55.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar a thuilleadh an fhaisnéis nach mór a nochtadh sa tuarascáil aonair maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus an tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’;

(93) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 256b*

Tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta an ghrúpa

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteacha tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta ar leibhéal an ghrúpa a chur faoi bhráid an mhaoirseora grúpa ar bhonn bliantúil. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 35(5a), an chéad fhomhír agus an dara fomhír, pointe (a).

Áiritheoidh na Ballstáit go dtíolacfaidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhonn bliantúil nó ar bhonn níos annaimhe laistigh de 24 seachtaine ó dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais.

2. Féadfaidh gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, cuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach, faoi réir chomhaontú an mhaoirseora grúpa, tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta a sholáthar, lena gcumhdófar an méid a leanas:

(a) an fhaisnéis ar leibhéal an ghrúpa, a thuairisceofar i gcomhréir le mír 1;

(b) an fhaisnéis d’aon cheann de na fochuideachtaí laistigh den ghrúpa, a bheidh in-sainaitheanta ar leithligh, tuairisceofar í i gcomhréir le hAirteagal 35(5a) agus ní bheidh níos lú faisnéise ann ná an fhaisnéis a sholáthródh gnóthais árachais agus athárachais a thíolacann tuarascáil thráthrialta mhaoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 35(5a).

Sula gcomhaontófar i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, rachaidh an maoirseoir grúpa i gcomhairle le comhaltaí an choláiste maoirseoirí, agus cuirfidh sé aon dearcadh agus amhras dá chuid san áireamh go hiomchuí. I gcás nach gcomhaontóidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann, tabharfaidh siad údar cuí leis sin. Má fhormheasann an coláiste maoirseoirí an tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta i gcomhréir leis an mír seo,

cuirfidh gach gnóthas árachais agus athárachais ar leithligh an tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta faoi bhráid a údaráis maoirseachta. Beidh an chumhacht ag gach údarás maoirseachta maoirsiú a dhéanamh ar an gcuid sin den tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta a bhaineann go sonrach leis an bhfoghnóthas ábhartha.

3. Mura mbeidh an tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta arna tíolacadh sásúil dar leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, is féidir an formheas sin dá dtagraítear i mír 2 a aistarraingt.

4. I gcás nach n-áireofar sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 faisnéis a cheanglaíonn an t-údarás maoirseachta a d'údaraigh foghnóthas laistigh den ghrúpa ar ghnóthais inchomparáide a sholáthar, agus i gcás inar easnamh ábhartha a bheidh i gceist, beidh an chumhacht ag an údarás maoirseachta lena mbaineann a cheangal ar an bhfoghnóthas lena mbaineann an fhaisnéis bhreise is gá a thuairisciú.

5. I gcás ina sainaithneoidh an t-údarás maoirseachta, tar éis dó foghnóthas laistigh den ghrúpa a údarú, aon neamhchomhlíonadh maidir le hAirteagal 35(5a) nó i gcás ina n-iarrfaidh sé aon leasú nó soiléiriú maidir leis an tuarascáil thráthrialta aonair mhaoirseachta, cuirfidh sé an coláiste maoirseoirí ar an eolas agus cuirfidh an maoirseoir grúpa an iarraidh chéanna faoi bhráid an ghnóthais árachais nó athárachais rannpháirtigh, na cuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirtí nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirtí.

6. Déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a lena sonrófar a thuilleadh an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a thuairisceofar.

Airteagal 256c

An tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais: ceanglas iniúchóireachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, cuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach de chuid grúpa, faoi réir ceanglas iniúchóireachta maidir le clár comhardaithe an ghrúpa arna nochtadh mar chuid den tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 256(1) nó mar chuid den tuarascáil aonair maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 256(2).

2. Cuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach tuarascáil ar leithligh, lena n-áirítear sainaithint chineál an dearbhaithe, mar aon le torthaí an iniúchta, arna hullmhú ag an ngnólacht iniúchóireachta, faoi bhráid an údaráis maoirseachta grúpa in éineacht leis an tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 256(1) nó an tuarascáil aonair maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 256(2).

3. I gcás inar ann do thuarascáil aonair maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 256(2), comhlíonfar na ceanglais iniúchóireachta a fhorchuirfear ar ghnóthas gaolmhar árachais nó athárachais agus cuirfidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 51a(6) faoi bhráid údarás maoirseachta an ghnóthais sin.

4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 51a.';

(94) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 257:

'*Airteagal 257*

Ceanglais chuí chóra le haghaidh daoine a reáchtálann go hiarbhír cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, nó a bhfuil príomhfheidhmeanna eile acu

Ceanglóidh na Ballstáit orthu siúd a reáchtálann go hiarbhír an chuideachta sealbhaíochta árachais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, agus i gcás inarb infheidhme, orthu siúd atá freagrach as príomhfheidhmeanna eile, a bheith cuí cóir chun a ndualgais a fheidhmiú.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 42.';

(95) leasaítear Airteagal 258 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfar na cumhachtaí maoirseachta uile d’údaráis mhaoirseachta chun bearta a dhéanamh i ndáil le cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh grúpaí, a gcuirtear maoirseacht ghrúpa i bhfeidhm maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointí (a), (b) agus (c), na ceanglais uile a leagtar síos sa Teideal seo. Áireofar leis na cumhachtaí sin na cumhachtaí maoirseachta ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 34.

Gan dochar dá bhforálacha náisiúnta maidir le dlí coiriúil, forchuirfidh na Ballstáit smachtbhannaí ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, nó glacfaidh siad bearta a bhainfidh leo, i gcás inar cuideachtaí iad a sháraíonn forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a tugadh i bhfeidhm chun an Teideal sin a thrasuí, nó i leith an duine a reáchtálann go hiarbhír na cuideachtaí sin. Rachaidh na húdaráis mhaoirseachta i gcomhar go dlúth le chéile chun a áirithiú go mbeidh na smachtbhannaí agus na bearta sin éifeachtach, go háirithe i gcás nach mbeidh riarachán lárnach nó príomhbhunaíocht na cuideachta sealbhaíochta árachais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha lonnaithe sa Bhallstát céanna ina bhfuil a ceannoifig.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘2a. I gcás inar shuigh an maoirseoir grúpa nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 213b(1) nó gur scoireadh de na coinníollacha sin a chomhlíonadh, beidh an chuideachta sealbhaíochta airgeadais nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha faoi réir bearta maoirseachta iomchuí chun leanúnachas agus sláine na maoirseachta grúpa a áirithiú nó a aischur, de réir mar a bheidh, agus chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Teideal seo a áirithiú. I gcás cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfear san áireamh leis na bearta maoirseachta, go háirithe, an tionchar ar an ilchuideachta airgeadais ina hiomláine mar aon leis an tionchar ar a gnóthais rialáilte ghaolmhara.

2b. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2a den Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar leis na bearta maoirseachta a fhéadfar a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha ceann amháin díobh seo a leanas, ar a laghad:

(a) maidir leis na gcearta vótála a ghabhann le scaireanna an fhoghnóthais árachais nó athárachais arna sealbhú ag an gcuideachta sealbhaíochta árachais nó ag an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, feidhmiú na gceart sin a chur ar fionraí;

(b) urghairí, smachtbhannaí nó pionós a eisiúint in aghaidh na cuideachta sealbhaíochta árachais, na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha nó chomhaltaí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta na gcuideachtaí sin;

(c) treoracha nó orduithe a thabhairt don chuideachta sealbhaíochta árachais nó don chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha na rannpháirtíochtaí ina cuid foghnóthas árachais agus athárachais a aistriú chuig a scairshealbhóirí;

(d) ar bhonn sealadach, cuideachta sealbhaíochta árachais eile, cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha eile nó gnóthas árachais nó athárachais eile laistigh den ghrúpa a ainmniú le bheith freagrach as comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Teideal seo a áirithiú;

(e) srian nó toirmeasc a chur ar dháileacháin ar scairshealbhóirí nó ar íocaíochtaí úis le scairshealbhóirí;

(f) a cheangal ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais nó ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha dhífheistiú ó ghnóthais árachais nó athárachais, nó ó ghnóthais ghaolmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 228(1), nó sealúchas iontu a laghdú;

(g) a cheangal ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais nó ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha plean a thíolacadh, gan mhoill, chun filleadh ar chomhlíonadh.

Rachaidh an maoirseoir grúpa i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann agus le ÚEAPC sula ndéanfaidh sé aon cheann de na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás ina ndéanfaidh na bearta sin difear do ghnóthais a bhfuil a gceannoifigí acu i mbreis agus Ballstát amháin.’;

(96) leasaítear Airteagal 262 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. In éagmais na maoirseachta coibhéisí dá dtagraítear in Airteagal 260, nó i gcás nach gcuireann Ballstát Airteagal 261 i bhfeidhm i gcás coibhéis shealadach i gcomhréir le hAirteagal 260(7), cuirfidh an Ballstát sin ceachtar díobh seo a leanas i bhfeidhm maidir le gnóthais árachais agus athárachais ar cuid de ghrúpa iad de réir bhrí Airteagal 212, agus a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointe (c):

(a) Airteagail 218 go 235, agus Airteagail 244 go 258, *mutatis mutandis*;

(b) ceann de na modhanna a leagtar amach i mír 3.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ceadóidh na Ballstáit dá n-údaráis mhaoirseachta modhanna eile a chur i bhfeidhm lena n-áiritheofar maoirseacht iomchuí ar na gnóthais árachais agus athárachais ar cuid de ghrúpa iad de réir bhrí Airteagal 212, agus a bhfuil feidhm ag maoirseacht ghrúpa maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointe (c). Comhaontóidh an maoirseoir grúpa, arna shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 247, na modhanna sin tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann.

Cuspóirí na maoirseachta grúpa a shonraítear sa Teideal seo, beifear in ann iad a bhaint amach leis na modhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Áireofar an méid seo a leanas leis na cuspóirí sin:

(a) leithdháileadh caipitil agus comhdhéanamh chistí dílse na ngnóthas árachais agus athárachais a chaomhnú agus cosc a chur ar chruthú ábhartha caipitil inghrúpa i gcás ina maoineofar an cruthú caipitil inghrúpa sin le fáltais fiachais nó ionstraimí airgeadais eile nach gcáilíonn mar mhíreanna cistí dílse de chuid na máthairchuideachta;

(b) measúnú agus faireachán a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as gnóthais laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus an riosca tógálachta ó na gnóthais sin agus ó ghnóthais neamhrialáilte eile a theorannú chuig gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa, agus chuig an bhfoghrúpa, arb é gnóthas árachais nó athárachais a mháthairghnóthas deiridh, nó cuideachta sealbhaíochta árachais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 215, i gcás inar ann d'fhoghrúpa den sórt sin.

Tabharfar údar iomchuí leis na modhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus déanfar iad a dhoiciméadú agus tabharfar fógra fúthu do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, do ÚEAPC agus don Choimisiún.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann modh amháin nó roinnt de na modhanna seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha ar cuid iad de ghrúpa atá faoi réir maoirseacht ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 213(2), pointe (c):

(a) gnóthas árachais nó athárachais amháin a ainmniú a bheidh freagrach as na ceanglais a leagtar amach sa Teideal seo a chomhlíonadh, i gcás nach mbeidh máthairghnóthas coiteann san Aontas ag na gnóthais árachais agus athárachais ar cuid den ghrúpa iad;

(b) a cheangal go mbunófar cuideachta sealbhaíochta árachais a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, i gcás nach mbeidh máthairghnóthas coiteann san Aontas ag na gnóthais árachais agus athárachais ar cuid den ghrúpa iad, agus an Teideal seo a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthais árachais agus athárachais sa ghrúpa, arb í an chuideachta sealbhaíochta árachais sin nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha sin atá i gceannas air;

(c) i gcás ina ndéanfaidh roinnt gnóthais árachais agus athárachais, ar cuid den ghrúpa iad, foghrúpa a bhfuil ceannoifig a mháthairghnóthais san Aontas, i dteannta an Teideal seo a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfoghrúpa sin, bearta breise a dhéanamh nó ceanglais bhreise a fhorchur, lena n-áirítear ceanglais dá dtagraítear i bpointí (d), (e) agus (f) den fhomhír seo agus maoirseacht fheabhsaithe ar chomhchruinniú riosca de réir bhrí Airteagal 244 agus ar idirbhearta inghrúpa de réir bhrí Airteagal 245, agus é d'aidhm an cuspóir dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, pointe (b), den Airteagal seo a bhaint amach;

(d) a cheangal ar chomhaltaí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an mháthairghnóthais deiridh san Aontas a bheith neamhspleách ar an máthairghnóthas deiridh lasmuigh den Aontas;

(e) cosc, teorainn nó srian a chur ar idirbhearta nó faireachán a dhéanamh orthu, nó réamhfhógra ina dtaobh a cheangal, lena n-áirítear dáileacháin díbhinní agus íocaíochtaí cúpóin ar fhiachas fo-ordaithe, i gcás ina mbeidh na hidirbhearta sin ina mbagairt, nó ina bhféadfadh na hidirbhearta sin bheith ina mbagairt, ar staid airgeadais nó sócmhainneachta na ngnóthas árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa, agus a bhainfidh, ar thaobh amháin, le gnóthas árachais nó athárachais, cuideachta sealbhaíochta árachais a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil a ceannoifig aici san Aontas, agus, ar an taobh eile, gnóthas ar cuid den ghrúpa é agus a bhfuil a cheannoifig aige lasmuigh den Aontas; i gcás nach é an maoirseoir grúpa san Aontas ceann d'údaráis mhaoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil a cheannoifig

ag gnóthas gaolmhar árachais nó athárachais, cuirfidh an maoirseoir grúpa san Aontas na húdaráis mhaoirseachta sin ar an eolas maidir lena chuid torthaí d'fhonn é a chur ar a gcumas dóibh na bearta iomchuí a dhéanamh;

(f) faisnéis a cheangal maidir le staid sócmhainneachta agus airgeadais, próifíl riosca, agus teorainneacha lamháltais riosca na máthairghnóthas a bhfuil a gceannoifig acu lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, tuarascálacha ar na topaicí sin a chuirtear faoi bhráid chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta nó údaráis mhaoirseachta na máthairghnóthas tríú tír sin.';

(97) in Airteagal 265, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Áiritheoidh na Ballstáit go háirithe, i gcás, maidir le máthairghnóthas gnóthais árachais nó athárachais amháin nó níos mó, inarb institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta, institiúid airgeadais, cuideachta bainistíochta GCUI, BCIM, institiúid um sholáthar pinsean ceirde nó gnóthas neamhrialáilte atá ann, a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE, i gcás ina mbeidh na gníomhaíochtaí sin ina gcuid shuntasach dá ghníomhaíocht fhoriomlán, áiritheoidh siad go bhfeidhmeoidh na húdaráis mhaoirseachta atá freagrach as an maoirseacht ar na gnóthais árachais nó athárachais sin maoirseacht ghinearálta ar idirbhearta idir na gnóthais árachais nó athárachais sin agus an máthairghnóthas agus a ghnóthais ghaolmhara.';

(98) in Airteagal 267, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'Chun críocha Threoir (AE) 2025/1, i gcás ina gcuirfear i bhfeidhm na huirlisí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 26(3) den Treoir sin agus ina bhfeidhmeofar na cumhachtaí réitigh dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil IV, den Treoir sin, beidh feidhm ag na forálacha i gCaibidlí I, II agus IV den Teideal seo maidir le gnóthais athárachais agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b) go (e), den Treoir sin.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 270 ná 272 den Treoir seo i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 63 de Threoir (AE) 2025/1.'

(99) leasaítear Airteagal 268(1), an chéad fhomhír, mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ciallaíonn "údaráis inniúla" údaráis riaracháin nó bhreithiúnacha na mBallstát atá inniúil maidir le bearta atheagrúcháin nó maidir le himeachtaí foirceanta, nó údarás réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), de Threoir (AE) i leith bearta atheagrúcháin arna nglacadh de bhun na Treorach sin;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ciallaíonn "bearta atheagrúcháin" bearta a bhaineann le haon idirghabháil ó na húdaráis inniúla a bhfuil sé beartaithe leo staid airgeadais gnóthais árachais a chaomhnú nó a athbhunú agus a dhéanann difear do chearta páirtithe atá ann cheana seachas an gnóthas árachais féin, lena n-áirítear íocaíochtaí nó bearta forfheidhmiúcháin nó laghdú ar éilimh a chur ar fionraí, cur i bhfeidhm na n-uirlisí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de Threoir (AE) agus feidhmiú na gcumhachtaí réitigh dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil IV, den Treoir sin;';

(100) leasaítear Airteagal 301a mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 29, 105, 105a, 213a, 233b, 256b agus 304e don Choimisiún go ceann tréimhse 4 bliana amhail ón 28 Eanáir 2025.';

(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

'Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Déanfaidh an Coimisiún, faoi 6 mhí roimh dheireadh gach tréimhse 4 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir leis an gcumhacht tharmligthe.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 17, 29, 31, 35, 37, 50, 56, 75, 86, 92, 97, 99, 105, 105a, 109a, 111, 114, 127, 130, 135, 143, 172, 210, 211, 213a, 216, 217, 227, 233b, 234, 241, 244, 245, 247, 248, 256, 256b, 258, 260, 304e agus 308b a chúlghairm aon tráth.

Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 17, 29, 31, 35, 37, 50, 56, 75, 86, 92, 97, 99, 105, 105a, 109a, 111, 114, 127, 130, 135, 143, 172, 210, 211, 213a, 216, 217, 227, 233b, 234, 241, 244, 245, 247, 248, 256, 256b, 258, 260, nó 308b i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

5a. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 304e i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse aon mhí amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú aon mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(101) in Airteagal 304, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2;

'2. Ón 30 Eanáir 2027, féadfaidh gnóthais árachais saoil leanúint de chur i bhfeidhm an chuir chuige dá dtagraítear i mír 1 i leith sócmhainní agus dliteanas, ar fhormheas údaráis mhaoirseachta cur i bhfeidhm an fhomhodúil riosca cothromais fhadbhunaithe maidir leo, agus ina leith siúd amháin, roimh an 30 Eanáir 2027.';

(102) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 304c*

Tuarascáil a mhéid a bhaineann le riosca inbhuanaitheachta

1. Déanfaidh ÚEÁPC, tar éis dul i gcomhairle le BERS, measúnú, ar bhonn na sonraí a bheidh ar fáil agus thorthaí an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus ÚBE i gcomhthéacs a chuid oibre faoin sainordú a leagtar amach in Airteagal 501c(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar cibé acu a bheadh nó nach mbeadh údar cuí le láimhseáil stuamachta i leith neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní nó le gníomhaíochtaí atá bainteach go substaintiúil le cuspóirí comhshaoil nó sóisialta. Go háirithe, déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar na tionchair fhéideartha a bhaineann le láimhseáil stuamachta thiomnaithe i leith neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní agus le gníomhaíochtaí atá bainteach go substaintiúil le cuspóirí comhshaoil nó sóisialta, nó atá bainteach go substaintiúil le díobháil do na cuspóirí sin maidir le cosaint na sealbhóirí polasaí agus leis an gcobhsaíocht airgeadais san Aontas, lena n-áirítear sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise.

Cuirfidh ÚEÁPC tuarascáil ar a chuid torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Márta 2025. I gcás inarb iomchuí, breithneofar leis an tuarascáil láimhseáil stuamachta rioscabhunaithe fhéideartha i leith neamhchosaintí a bhaineann le sócmhainní agus le gníomhaíochtaí atá bainteach go substaintiúil le cuspóirí comhshaoil nó sóisialta, nó atá bainteach go substaintiúil le díobháil do na cuspóirí sin. Beidh measúnú ag gabháil leis an tuarascáil ar thionchar na láimhseála stuamachta rioscabhunaithe féideartha sin i leith na neamhchosaintí sin ar ghnóthais árachais agus athárachais.

2. Déanfaidh ÚEÁPC athbhreithniú gach 5 bliana ar a laghad, i leith an riosca tubaiste nádúrtha, ar raon feidhme agus calabrú na bparaiméadar caighdeánach den fhomhodúl riosca tubaiste neamhshaoil de chuid an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 105(2), an tríú fomhír, pointe (b). Chun críocha na n-athbhreithnithe sin, cuirfidh ÚEÁPC san áireamh an fhianaise ábhartha is déanaí atá ar fáil maidir le heolaíocht aeráide agus ábharthacht na rioscaí i dtéarmaí na rioscaí atá frithgheallta ag gnóthais árachais nó athárachais a úsáideann an fhoirmle chaighdeánach le haghaidh ríomh an fhomhodúil riosca tubaiste neamhshaoil de chuid an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta.

Déanfar an chéad athbhreithniú de bhun na chéad fhomhíre faoin 29 Eanáir 2027.

I gcás ina gcinnfidh ÚEÁPC, le linn athbhreithniú de bhun na chéad fhomhíre, go mbeidh, mar gheall ar raon feidhme nó ar chalabrú na bparaiméadar caighdeánach den fhomhodúl riosca tubaiste neamhshaoil, neamhréireacht shuntasach idir an chuid den Cheanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a bhaineann le tubaistí nádúrtha agus an riosca iarbhír maidir le tubaistí nádúrtha atá roimh ghnóthais árachais agus athárachais, cuirfidh ÚEÁPC tuairim faoi riosca tubaiste nádúrtha faoi bhráid an Choimisiúin.

Breithneofar le tuairim faoi riosca tubaiste nádúrtha a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin de bhun an tríú fomhír raon feidhme nó calabrú na bparaiméadar caighdeánach den fhomhodúl riosca tubaiste neamhshaoil de chuid an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta chun an neamhréireacht a cinneadh a bheith ann a réiteach agus beidh measúnú i dteannta na tuairime ar thionchar na leasuithe atá beartaithe ar ghnóthais árachais agus athárachais.

3. Déanfaidh ÚEÁPC meastóireacht ar cibé acu a dhéanann gnóthais árachais agus athárachais measúnú ar a neamhchosaint ábhartha ar riosca a bhaineann le caillteanas bitheagsúlachta mar chuid den mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 45(1) agus a mhéid a dhéanann siad measúnú ar an neamhchosaint sin. Déanfaidh ÚEÁPC measúnú ina dhiaidh sin ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh gnóthais árachais agus athárachais breithniú cuí ar na rioscaí sin. Cuirfidh ÚEÁPC tuarascáil lena chuid torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2025.

Déanfaidh ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM, tríd an gComhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, treoirlínte a fhorbairt chun a áirithiú go ndéanfar comhsheasmhacht, breithnithe fadtéarmacha agus caighdeáin choiteanna le haghaidh modheolaíochtaí measúnaithe a chomhtháthú i dtástáil struis ar rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Foilseoidh an Comhchoiste na treoirlínte sin faoin 10 Eanáir 2026. Fiosróidh ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM, tríd an gComhchoiste sin, conas is féidir rioscaí sóisialta agus rioscaí a bhaineann le rialachas a chomhtháthú i dtástáil struis.

Airteagal 304d

Athbhreithniú a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí árachais saoil agus árachais neamhshaoil agus maoláin chaipitil a dheighilt

1. Déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil údar cuí i gcónaí leis an gceanglas i ndáil le deighilt gnó árachais saoil agus árachais neamhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 73(1). Go háirithe, déanfaidh ÚEÁPC measúnú ar na héifeachtaí a bhaineann leis an toirmeasc ilchodach a choinneáil agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a chur i leataobh, ar a laghad maidir le cosaint sealbhóirí polasaí, le tras-fhóirdheonú a d'fhéadfadh a bheith ann idir gníomhaíochtaí árachais saoil agus árachais neamhshaoil, le héifeachtúlacht an mhargaidh agus leis an iomaíochas. Chun críocha an mheasúnaithe, cuirfidh ÚEÁPC san áireamh an taithí mhaoirseachta le gnóthais ilchodacha. Cuirfidh ÚEÁPC tuarascáil lena chuid torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir 2028.'

2. Déanfaidh ÚEÁPC faireachán go dtí an 31 Eanáir 2032 ar an ranníocaíocht le Ceanglais ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 228(3), pointe (a)(ii), den Treoir seo a dhéanann ceanglas an mhaoláin chomhcheangailte atá ar institiúidí creidmheasa gaolmhara, mar a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), de Threoir (AE) Uimh. 2013/36/AE. Chun na críche sin, déanfaidh ÚEÁPC idirchaidreamh le ÚBE agus tuairisceoidh sé don Choimisiún maidir le torthaí.

Airteagal 304e

Na spriocdhátaí a fhadú in imthosca eisceachtúla

1. I gcás éigeandáil sláinte eisceachtúil, tubaiste nádúrtha nó teagmhas foircneach eile, déanfaidh ÚEÁPC, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag údarás maoirseachta amháin nó níos mó nó ag an gCoimisiún, measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil éigeandáil sláinte eisceachtúil, tubaiste nádúrtha nó teagmhas foircneach eile den sórt sin de chineál a dhéanfadh difear ábhartha d'acmhainneachtaí oibríochtúla gnóthas árachais agus athárachais, lena gcuirtear cosc orthu faisnéis a chur isteach laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 35b(1), (2) agus (3), Airteagal 51(7), Airteagal 254(3), Airteagal 256(1) agus Airteagal 256b(1). Agus an measúnú sin á dhéanamh aige, oibreoidh ÚEÁPC i ndlúthchomhar leis na húdaráis mhaoirseachta ábhartha chun tionchar an teagmhais fhoircnigh ar an gcumas faisnéis a chur isteach laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach sna forálacha sin a chinneadh.

Cuirfidh ÚEÁPC a mheasúnú faoi bhráid an Choimisiúin gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil.

I gcás ina measfaidh ÚEÁPC go ndéanann éigeandáil sláinte eisceachtúil, tubaiste nádúrtha nó teagmhas foircneach eile difear ábhartha d'acmhainneachtaí oibríochtúla na ngnóthas árachais agus athárachais lena gcuirtear cosc orthu na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 35b(1), (2) agus (3), Airteagal 51(7), Airteagal 254(3), Airteagal 256(1) agus Airteagal 256b(1) a chomhlíonadh, déanfaidh ÚEÁPC, chomh maith leis na húdaráis mhaoirseachta ábhartha, an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin faoi seach;

Féadfaidh an Coimisiún na sprioc-amanna sin a fhadú trí bhíthin gníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. D'fhonn cothroime iomaíochta a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm mhír 1, féadfaidh an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 301a maidir le teagmhais fhoircneacha aonair sna cásanna seo a leanas:

(a) ina sainítear raon feidhme chur i bhfeidhm fhadú na sprioc-amanna agus na gnóthais árachais agus athárachais a ndéanann an teagmhas difear dóibh á gcur san áireamh;

(b) ina leagtar amach sprioc-amanna fadaithe eisceachtúla le haghaidh tuairiscithe, a fhéadfaidh a bheith suas le 10 seachtaine níos faide ná na cinn dá bhforáiltear in Airteagal 35b(1), (2) agus (3), Airteagal 51(7), Airteagal 254(3), Airteagal 256(1) agus Airteagal 256b(1); agus

(c) ina sonraítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35b(1), (2) agus (3), Airteagal 51(7), Airteagal 254(3), Airteagal 256(1) agus Airteagal 256b(1), atá le tuairisciú faoi na sprioc-amanna sínithe sin.

I gcás nach mbeidh measúnú tíolactha ag ÚEÁPC i gcomhréir le mír 1, lorgóidh an Coimisiún tuairimí ÚEÁPC, de réir mar is iomchuí, sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an Airteagal seo.

(*) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).';

(103) in Airteagal 305, scriostar míreanna 2 agus 3;

(104) scriostar Airteagal 308a;

(105) leasaítear Airteagal 308b mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 5 go 8;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12:

'12. D'ainneoin Airteagal 100, Airteagal 101(3) agus Airteagal 104, áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis na paraiméadair chaighdeánacha atá le húsáid nuair a ríomhtar comhchruinniú an riosca margaidh agus na fomhodúil riosca raoin difríochta i gcomhréir leis an bhfoirmle chaighdeánach, gurb ionann na paraiméadair sin, i ndáil le neamhchosaintí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais na mBallstát, a tabhaíodh roimh an 1 Eanáir 2023 agus a ainmníodh agus a cistíodh in airgeadra intíre aon Bhallstáit, agus na paraiméadair a chuirfí i bhfeidhm ar na neamhchosaintí sin arna n-ainmniú agus arna gcistiú ina n-airgeadra intíre.';

(c) i mír 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'D'ainneoin Airteagal 218(2) agus (3), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha idirthréimhseacha dá dtagraítear i míreanna 9 go 12 agus 15 den Airteagal seo agus in Airteagail 308c, 308d agus 308e ar leibhéal an ghrúpa.

I gcás ina mbeidh an beart idirthréimhseach á chur i bhfeidhm ag aon ghrúpa árachais nó athárachais, nó ag aon cheann dá fhoghnóthais, maidir leis na rátaí úis saor ó riosca dá dtagraítear in Airteagal 308c, nó ina mbeidh an beart idirthréimhseach á chur i bhfeidhm acu maidir le forálacha teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 308d, nochtfaidh an gnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach, an chuideachta sealbhaíochta árachais rannpháirteach nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha rannpháirteach, go poiblí, mar chuid dá thuarascáil nó dá tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 256, agus i dteannta na nochtaí dá dtagraítear in Airteagal 308c(4), pointe (c), agus in Airteagal 308d(5) , pointe (c), cainníochtú an tionchair ar a staid airgeadais, ag toimhdiú nach féidir leis na cistí dílse, a eascraíonn as cur i bhfeidhm na mbeart idirthréimhseach sin, a chur ar fáil go hiarbhír chun Ceanglas an ghnóthais rannpháirtigh maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, dá ríomhtar an ghrúpshócmhainneacht, a chumhdach.

I gcás ina mbeidh grúpa árachais nó athárachais ag brath go hábhartha ar úsáid na mbeart idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagail 308c agus 308d ar bhealach lena dtugtar bréagléiriú ar staid sócmhainneachta iarbhír an ghrúpa, fiú i gcás ina gcomhlíonfaí Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gan na bearta idirthréimhseacha sin a úsáid, beidh an chumhacht ag an maoirseoir grúpa bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear an fhéidearthacht laghdú a dhéanamh ar mhéid na gcistí dílse a eascraíonn as úsáid na mbeart idirthréimhseach sin, a fhéadfar a mheas a bheith incháilithe chun Ceanglas an ghrúpa maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a chumhdach.';

(106) leasaítear Airteagal 308c mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Tar éis an 30 Eanáir 2027, ní cheadóidh údaráis mhaoirseachta coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) le linn tréimhse 18 mí roimh an bhformheas, bhí feidhm ag rialacha na Treorach seo den chéad uair maidir leis an ngnóthas árachais nó athárachais a d'iarr an formheas, tar éis dóibh a bheith díolmhaithe ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 4;

(b) le linn tréimhse 6 mhí roimh an bhformheas, fuair an gnóthas árachais nó athárachais a d'iarr an formheas údarú chun glacadh le punann conarthaí árachais nó athárachais, i gcás inar chuir an gnóthas árachais nó athárachais aistritheach an coigeartú idirthréimhseach i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca i leith na punainne sin de chonarthaí roimh an aistriú.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) laistigh den chuid dá dtuarascáil maidir lena sócmhainneacht agus lena staid airgeadais, ina bhfuil faisnéis atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh dá dtagraítear in Airteagal 51(1b), na nithe uile seo a leanas a nochtadh go poiblí:

(i) an fíoras go gcuireann siad an coigeartú idirthréimhseach i bhfeidhm ar struchtúr an téarma ráta úis saor ó riosca;

(ii) cainníochtú an tionchair gan an beart idirthréimhseach sin a chur i bhfeidhm maidir lena staid airgeadais;

(iii) i gcás ina gcomhlíonfadh an gnóthas an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gan an beart idirthréimhseach sin a chur i bhfeidhm, na cúiseanna lena chur i bhfeidhm;

(iv) measúnú ar spleáchas an ghnóthais ar an mbeart idirthréimhseach sin agus, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na bearta a rinneadh nó atá pleanáilte ag an ngnóthas chun an spleáchas a laghdú nó a bhaint.';

(107) leasaítear Airteagal 308d mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Tar éis an 30 Eanáir 2027, ní fhormheasfaidh údaráis mhaoirseachta laghdú idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) le linn tréimhse 18 mí roimh an bhformheas, bhí feidhm ag rialacha na Treorach seo den chéad uair maidir leis an ngnóthas árachais nó athárachais a d'iarr an formheas, tar éis dóibh a bheith díolmhaithe ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 4;

(b) le linn tréimhse 6 mhí roimh an bhformheas, ghlac an gnóthas árachais nó athárachais a d'iarr an formheas le punann conarthaí árachais agus athárachais, i gcás inar chuir an gnóthas árachais nó athárachais aistritheach an coigeartú idirthréimhseach i bhfeidhm maidir le struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca i leith na punainne sin de chonarthaí roimh an aistriú.';

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) laistigh den chuid dá dtuarascáil maidir lena sócmhainneacht agus lena staid airgeadais, ina bhfuil faisnéis atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh dá dtagraítear in Airteagal 51(1b), na nithe uile seo a leanas a nochtadh go poiblí:

(i) an fíoras go gcuireann siad an laghdú idirthréimhseach i bhfeidhm maidir leis na forálacha teicniúla;

(ii) cainníochtú an tionchair gan an laghdú idirthréimhseach sin a chur i bhfeidhm maidir lena staid airgeadais;

(iii) i gcás ina gcomhlíonfadh an gnóthas an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gan an laghdú idirthréimhseach sin a chur i bhfeidhm, na cúiseanna lena chur i bhfeidhm;

(iv) measúnú ar spleáchas an ghnóthais ar an laghdú idirthréimhseach sin agus, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na bearta a rinneadh nó atá pleanáilte ag an ngnóthas chun an spleáchas a laghdú nó a bhaint.';

(108) in Airteagal 308e, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Gnóthais árachais agus athárachais a chuireann na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear in Airteagal 77a(2), Airteagal 111(1), an dara fomhír, Airteagal 308c nó Airteagal 308d i bhfeidhm, cuirfidh siad an t-údarás maoirseachta ar an eolas a luaithe a fheictear dóibh nach gcomhlíonfaidh siad an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta gan na bearta idirthréimhseacha sin a chur i bhfeidhm. Ceanglóidh an t-údarás maoirseachta ar an ngnóthas árachais nó athárachais lena mbaineann na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta ag deireadh na hidirthréimhse.';

(109) cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

'*Airteagal 308f*

Sa chuid atá dírithe ar ghairmithe sa mhargadh den tuarascáil maidir lena sócmhainneacht agus lena staid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 51(1), nochtfaidh gnóthais árachais agus athárachais go poiblí an tionchar comhcheangailte a bheidh ar a staid airgeadais gan na bearta céimnithe isteach agus na bearta idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 77a(2), Airteagail 308c agus 308d, agus i gcás inarb ábhartha, Airteagal 111(1), an dara fomhír, a chur i bhfeidhm.';

(110) in Airteagal 309(1), scriostar an ceathrú fomhír;

(111) in Airteagal 311, scriostar an dara fomhír;

(112) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Leasú ar Threoir 2013/34/AE

In Airteagal 19a de Threoir 2013/34/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. De mhaolú ar mhíreanna 2 go 4 den Airteagal seo, agus gan dochar do mhíreanna 9 agus 10 den Airteagal seo, maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, institiúidí beaga neamhchasta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (145) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gnóthais árachais faoi chuing mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (2), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), gnóthais athárachais faoi chuing mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (5), den Treoir sin, agus gnóthais bheaga neamhchasta mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (10a), den Treoir sin, féadfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a theorannú don fhaisnéis seo a leanas:

(a) tuairisc ghearr ar shamhail ghnó agus ar straitéis ghnó an ghnóthais;

(b) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta;

(c) príomh-dhrochthionchair iarbhír nó fhéideartha an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta, agus aon ghníomhaíochtaí a dhéantar chun na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha sin a shainaithint, a chosc, a mhaolú nó a leigheas nó chun faireachán a dhéanamh orthu;

(d) na príomhrioscaí don ghnóthas a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta agus an chaoi a ndéanann an gnóthas na rioscaí sin a bhainistiú;

(e) príomhtháscairí is gá le haghaidh na nochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d).

Maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, institiúidí beaga neamhchasta, gnóthais árachais agus athárachais faoi chuing agus gnóthais bheaga neamhchasta a bhraitheann ar an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, tuairisceoidh siad i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 29c.

(*) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).'.

Airteagal 3

Leasú ar Threoir 2002/87/CE

In Airteagal 31 de Threoir 2002/87/CE, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún, i dtuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, measúnú ar fheidhmiú na Treorach seo agus Threoir 2009/138/CE maidir leis na gnéithe a liostaítear thíos, agus aird á tabhairt go háirithe ar láimhseáil stuamachta na n-úinéireachtaí rannpháirtíochta trasearnála faoi rialacha earnála, i dtéarmaí cothroime iomaíochta:

(a) na gnóthais seirbhísí airgeadais atá faoi réir maoirseacht airgeadais faoi rialacha earnála, ach nach bhfuil liostaithe in aon cheann de na hearnálacha airgeadais a shainaithnítear sa Treoir seo, cibé acu a chruthaíonn nó nach gcruthaíonn siad éagothroime i measc ilchuideachtaí airgeadais;

(b) cibé acu a chuireann nó nach gcuireann na hilchuideachtaí airgeadais uile rialacha chun feidhme lena rialaítear ceanglais leordhóthanachta caipitil, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 342/2014 ón gCoimisiún (*), ar bhealach comhsheasmhach, agus cibé acu a fhorchuirtear nó nach bhforchuirtear leis na rialacha sin ceanglais chainníochtúla fhoriomlána inchomparáide ar ilchuideachtaí airgeadais, is cuma cé acu an earnáil baincéireachta, an earnáil árachais nó earnáil na seirbhísí infheistíochta príomhearnáil airgeadais na hilchuideachta airgeadais;

(c) cibé acu atá nó nach bhfuil na próisis athbhreithnithe maoirseachta agus leithdháileadh na sainorduithe agus na gcumhachtaí forfheidhmiúcháin idir comhordaitheoirí agus maoirseoirí earnála, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceanglais leordhóthanachta caipitil, sách soiléir agus comhchuibhithe chun a áirithiú go ndéanfar ceanglais leordhóthanachta caipitil a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais, gan beann ar an bpríomhearnáil airgeadais ina n-oibríonn ilchuideachta airgeadais;

(d) an fadhb é an easpa sainaitheantais i gcás gnóthas atá freagrach sa deireadh as an Treoir seo a chomhlíonadh ó thaobh cothroime iomaíochta a áirithiú.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 342/2014 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun modhanna ríofa ceanglas leordhóthanachta caipitil le haghaidh ilchuideachtaí airgeadais a chur i bhfeidhm (IO L 100, 3.4.2014, lch. 1).'.

Airteagal 4

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 29 Eanáir 2027. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 30 Eanair 2027.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt mar sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 6

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh in Strasbourg, an 27 Samhain 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	BÓKA J.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2009/138/CE mar a leanas:

(1) i roinn A (Cineálacha gnóthais árachais neamhshaoil), scriostar pointe (27);

(2) i roinn B (Cineálacha gnóthais árachais saoil), scriostar pointe (27);

(3) i roinn C (Cineálacha gnóthais athárachais), scriostar pointe (27).